



An Bhruiséil, 7 Márta 2017
(OR. en)

6960/17

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2016/0105 (COD)
2016/0106 (COD)

FRONT 105
VISA 89
CODEC 318
COMIX 171

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Coiste na mBuaniondaithe/an Coiste Measctha
An:	2 Márta 2017
Uimh. an doic. roimhe seo:	6572/17 FRONT 92 VISA 71 CODEC 246 COMIX 145
Ábhar:	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríoú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 maidir le húsáid an Chórais Dul Isteach /Imeachta - Sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa

Ag an gcuinniú a bhí aige ar an 2 Márta 2017, tháinig Coiste na mBuanionadaithe ar chomhaontú faoin sainordú le haghaidh caibidlíocht le Parlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn é.

Athruithe i ndáil leis an togra ón gCoimisiún, cuirtear in iúl iad le líne fúthu agus [...].

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) agus (d) agus Airteagal 87(2)(a) [...] de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún²,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

1. Tá cuntas sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Feabhra 2008 dar teideal 'Na chéad chéimeanna eile i mbainistiú teorainneacha san Aontas Eorpach a ullmhú'³ ar an ngá atá ann córas dul isteach/imeachta a bhunú mar chuid de straitéis chomhtháite um bainistiú teorainneacha na hEorpa, córas lena gclárófaí am agus áit dul isteach agus imeachta náisiúnach tríú tír dá dtugtar cead isteach i gcríoch na mBallstát [...] le haghaidh gearrfhanachta, agus lena ríomhfaí fad fhanacht údaraithe na ndaoine sin.
2. Chuir Comhairle Eorpach an 19 agus an 20 Meitheamh 2008 béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint de straitéis chomhtháite an Aontais Eorpaigh um bainistiú teorainneacha a fhorbairt, go háirithe úsáid níos fearr a bhaint as teicneolaíochtaí nua-aimseartha chun bainistiú na dtéorainneacha seachtracha a fheabhsú.

¹ IO C , , lch. .

² IO C , , lch. .

³ COM(2008) 69 final

3. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2009 dar teideal "Limistéar saoirse, slándála agus ceartais a fhóinann don saoránach", moltar córas leictreonach a chur ar bun chun aon dul isteach i gcríoch na mBallstát agus aon imeacht aisti thar teorainneacha seachtracha a thairfeadh lena áirithiú go ndéantar rochtain ar an gcríoch sin a bhainistiú ar bhealach níos éifeachtaí.
4. D'iarr Comhairle Eorpach an 23 agus an 24 Meitheamh 2011 an obair ar "teorainneacha cliste" a dhéanamh go han-phras. D'fhoilsigh an Coimisiún an Teachtaireacht "Smart borders – options and the way ahead" [Teorainneacha cliste – na roghanna agus an bealach chun cinn] an 25 Deireadh Fómhair 2011.
5. Sna treoirlínte straitéiseacha a ghlac sí i mí an Mheithimh 2014, chuir an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir nach mór bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar theorainneacha seachtracha coiteanna an Aontais Eorpaigh chun a áirithiú go gcosnófaí limistéar Schengen, limistéar inar féidir le daoine taisteal gan dul faoi rialuithe ag na teorainneacha inmheánacha, agus ní mór an bainistiú sin freisin i bhfianaise an mhéadaithe atá tagtha ar an líon daoine atá ag taisteal chuig an Aontas Eorpach. Ní mór don Aontas na huirlisí uile atá ar fáil dó a úsáid chun tacú leis na Ballstáit an cúram atá orthu a chomhlíonadh. Chuige sin, ba cheart bainistiú comhtháite teorainneacha seachtracha a nuachóiriú ar bhealach costéifeachtúil chun bainistiú na dteorainneacha cliste a áirithiú, cuir i gcás le, *inter alia*, córas dul isteach/imeachta agus le tacaíocht ón ngníomhaireacht nua le haghaidh córais teicneolaíochta faisnéise ar mhórsála (eu-LISA).
6. Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2015 dar teideal 'Clár Oibre Eorpach maidir leis an Imirce' dúradh seo: *"thiocfadh ann do chéim nua le teacht i bhfeidhm thionscnamh na dteorainneacha cliste, céim a mhéadódh éifeachtúlacht na dtrasnuithe teorann, a éascódh trasnuithe i gcás fhormhór mór na dtaistealaithe tríú tír atá 'bona fide', agus a neartódh, san am céanna, an comhrac i gcoinne na himirce neamhrialta trí thairfeadh a choinneáil ar na gluaiseachtaí trasteorann uile dá ndéanann náisiúnaigh tríú tír, agus prionsabail na comhréireachta a urramú go hiomlán san am céanna"*.
7. Is gá cuspóirí an chórais dul isteach/imeachta (EES) agus a ailtireacht theicniúil a shonrú, rialacha maidir lena oibriú agus a úsáid a leagan síos agus sainiú a dhéanamh ar fhreagrachtaí an chórais, na catagóirí sonraí atá le hiontráil sa chóras, cuspóirí iontrála na sonraí sin, critéir a n-iontrála, na húdaráis a bheidh údaráithe na sonraí a rochtain agus rialacha breise maidir le próiseáil sonraí agus cosaint sonraí pearsanta.
8. Ba cheart feidhm a bheith ag EES maidir le náisiúnaigh tríú tír dá dtugtar cead isteach i gcríoch na mBallstát [...] le haghaidh gearrfhanachta. Ba cheart feidhm a bheith aige freisin maidir le náisiúnaigh tríú tír dár diúltaíodh cead isteach le haghaidh gearrfhanachta.

Ba cheart feidhm a bhaint as EES ag teorainneacha seachtracha na mBallstát a chuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine agus ag teorainneacha seachtracha na mBallstát sin nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill ach ar tugadh fíorú i gcrích go rathúil ina leith i gcomhréir leis na nósanna imeachta meastóireachta Schengen is infheidhme agus ar tugadh rochtain éighníomhach ar an gcóras faisnéise víosaí (VIS) dóibh chun EES a fheidhmiú. Ina theannta sin, ba cheart feidhm a bhaint as EES ag teorainneacha inmheánacha uile na mBallstát a bhfuil EES i bhfeidhm iontu nuair nár baineadh na rialuithe a dhéantar orthu go fóill. Mar sin féin, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha sonracha maidir le EES agus teorainneacha den chineál sin, agus beidh údar leis sin de bharr cúiseanna eacnamaíocha i ndáil le próiseas na seiceálacha ar na teorainneacha sin, agus san am céanna mar ní dhéanann sé difear do leibhéal slándála ná d'fheidhmiú ceart EES agus gan dochar d'oibleagáidí eile um rialú teorann faoi Rialachán (AE) 2016/399.

- 8a. Chun críche an Rialacháin seo, tagann fad fhanacht údaraithe náisiúnach tríú tír i gcríocha na mBallstát as an *acquis* Schengen is infheidhme.
- 8b. Níor cheart a thabhairt san áireamh leis an áireamhán ach amháin na fanachtaí i gcríoch na mBallstát a bhfuil EES i bhfeidhm iontu chun an teorainn fhoriomlán 90 lá in aon tréimhse 180 lá a ríomh. Aon síntí a chuirfí le gearrfhanacht, ba cheart iad a chur san áireamh chun an teorainn fhoriomlán 90 lá in aon tréimhse 180 lá a ríomh ar theacht isteach don náisiúnach tríú tír ar chríoch na mBallstát ina dhiaidh sin.
- De mhaolú ar an riail ghinearálta a leagtar amach in Airteagal 6(1) de chód teorainneacha Schengen, fanachtaí ar chríocha na mBallstát nach bhfuil EES i bhfeidhm iontu, ba cheart iad a ríomh ar leithligh, go dtí go nascfar le EES iad, ar bhonn stampaí a ghreamaítear i ndoiciméid taistil náisiúnach tríú tír.
- 8c. Níor cheart don áireamhán fanachtaí i mBallstáit nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill ach a bhfuil EES i bhfeidhm iontu san áireamh ach amháin chun a fhíorú go gcomhlíonfar an teorainn fhoriomlán 90 lá in aon tréimhse 180 lá agus tréimhse bailíochta na víosa.
- Níor cheart don áireamhán fad an fhanachta mar a údaraítear le víosa náisiúnta ghearrfhanachta arna héisiúint ag Ballstát nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill ach a bhfuil EES i bhfeidhm ann a ríomh.
- Níor cheart don áireamhán tréimhsí fanachta i mBallstáit nach gcuireann *acquis* Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill ach a bhfuil EES i bhfeidhm iontu a chur san áireamh nuair a dhéanann sé fad an fhanachta a údaraítear le víosa a ríomh.
9. Ba cheart é a bheith de chuspóir ag EES rialú teorainneacha seachtracha a fheabhsú, inimirce neamhrialta a chosc agus bainistiú sreabh inimirce a éascú. Ba cheart EES a bheith ina chuidiú, nuair is ábhartha, chun aon duine a shainaithint nach gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann a thuilleadh na coinníollacha a bhaineann le fad a fhanachta údaraithe laistigh de chríoch na mBallstát.
10. D'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach, ba cheart sonraí alfa-uimhriúla agus sonraí bithmhéadracha (méarloirg agus íomhá den aghaidh) a phróiseáil in EES. Tá údar le sonraí bithmhéadracha a úsáid, in ainneoin a tionchair ar phríobháideacht taistealaithe, ar dhá chúis. Ar an gcéad dul síos, modh iontaofa is ea bithmhéadracht chun náisiúnaigh tríú tír atá ar chríoch na mBallstát a shainaithint nach bhfuil doiciméid taistil ná aon cineál eile doiciméid aitheantais ina seilbh acu, seift a mbaineann imircigh neamhrialta leas as go minic. Ar an dara dul síos, a bhuí leis an mbithmhéadracht is féidir sonraí dul isteach agus imeachta taistealaithe dleathacha a mheaitseáil ar bhealach níos iontaofa. I gcás ina n-úsáidtear íomhá den aghaidh i gcomhar le sonraí méarlorg, is féidir an líon méarlorg a chláraítear a laghdú, gan aon tionchar a imirt ar chruinneas na sainaitheanta.

11. Ba cheart ceithre mhéarlorg de chuid náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa a chlárú in EES, má tá sin indéanta go fisiciúil, d'fhonn fíorú cruinn agus sainaithe chruinn a dhéanamh (agus d'fhonn a dheimhniú nach bhfuil an náisiúnach tríú tír cláraithe cheana féin faoi ainm bréige nó le doiciméad taistil eile) agus chun a áirithiú gur leor na sonraí atá ann i ngach cás. Déanfar méarloirg sealbhóirí víosa a sheiceáil sa chóras faisnéise víosaí (VIS). arna bhunú le Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle¹. Ba cheart íomha d'aghaidh náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus náisiúnach tríú tír ar sealbhóirí víosa iad araon a chlárú in EES. Ba cheart méarloirg agus íomhá den aghaidh [...] a úsáid mar an [...] aitheantóir bithmhéadrach chun céannacht náisiúnach tríú tír a cláraíodh cheana féin in EES a fhíorú nó go scriosfar a sainchomhad. [...] D'fhonn a chur san áireamh saineúlachtaí gach pointe trasnaithe teorann agus na cineálacha éagsúla teorainneacha, ba cheart do na húdaráis náisiúnta a shainiú, i gcás gach trasnaithe teorann, cé acu an iad na méarloirg nó an íomhá den aghaidh ba cheart a úsáid mar an príomhaithiantóir bithmhéadrach chun na fíorúcháin is gá a dhéanamh.
12. Is éard ba cheart a bheith in EES lárchóras, - a oibreoidh bunachar sonraí láir ríomhairithe de shonraí bithmhéadracha agus alfa-uimhriúla, -, comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta i ngach Ballstát, bealach cumarsáide slán idir lárchóras EES agus lárchóras VIS, agus an bonneagar cumarsáide idir an lárchóras agus na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta. Ba cheart do gach Ballstát a bhonneagair náisiúnta [...] is gá le haghaidh seiceálacha teorann a cheangal leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta.
13. Ba cheart idir-inoibritheacht EES agus VIS a bhunú trí bhíthin bealach cumarsáide [...] uathoibríoch idir na lárchórais chun go mbeidh sé ar chumas na n-údarás seiceála teorann atá ag úsáid EES VIS a cheadú d'fhonn sonraí a bhaineann le víosaí a aisghabháil chun an tairfead ar dhul isteach/imeacht nó an tairfead ar dhiúltú cead isteach a chruthú nó a nuashonrú [...]; chun go mbeidh na húdaráis seiceála teorann in ann bailíocht na víosa agus céannacht an tsealbhóra víosa a fhíorú trí bhíthin méarloirg a chur i gcomparáid go huathoibríoch [...] lena bhfuil i VIS ag teorainneacha ag a ndéantar EES a oibriú agus chun go mbeidh na húdaráis seiceála teorann in ann céannacht náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa a fhíorú trí mhéarloirg a chur i gcomparáid lena bhfuil i VIS. Ba cheart go gcuirfeadh an idir-inoibritheacht ar chumas na n-údarás seiceála teorann agus víosa atá ag úsáid VIS EIS a rochtain go díreach ó VIS chun críocha iarratais ar víosa agus cinntí a bhaineann leis na hiarratais sin a scrúdú, agus ba cheart a chur ar a gcumas na sonraí sin a bhaineann le víosaí a nuashonrú in EES i gcás ina ndéantar víosa a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur léi. Ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 767/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² a leasú dá réir sin. Maidir leis na próisis uathoibríocha idir EES agus VIS a sheoladh, ba cheart iad a bheith faoi réir a ndaingnithe ag an údarás lena mbaineann.

¹ Cinneadh 2004/512/CE ón gComhairle an 8 Meitheamh 2004 lena mbunaítear an Córas Faisnéise Víosaí (VIS) (IO L 213, 15.6.2004, lch. 5).

² Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gcóras faisnéise víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Ballstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60).

14. Ba cheart a shainiú sa Rialachán seo cé na húdaráis de chuid na mBallstát a údarófar EES a rochtain chun sonraí a iontráil, a leasú, a scríosadh nó a cheadú chun críocha sonracha EES, a mhéid agus is gá dóibh chun a gcúraimí a dhéanamh.
 15. Ba cheart aon phróiseáil a dhéanfar ar shonraí EES a bheith i gcomhréir leis na cuspóirí atá le baint amach agus a bheith riachtanach chun cúraimí na n-údarás inniúil a dhéanamh. Agus EES á úsáid acu, ba cheart do na húdaráis inniúla a áirithiú go n-urramaítear dínit agus sláine na ndaoine a bhfuil a sonraí á n-iarraidh agus níor cheart dóibh aon idirdhealú a dhéanamh in aghaidh daoine bunaithe ar aon fhorais amhail gnéas, dath, bunadh ciníoch nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, duine a bheith ina bhall de mhionlach náisiúnta, réadmhaoin, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéis.
 16. Sa chomhrac i gcoinne cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile, tá sé fíor-riachtanach an fhaisnéis is iomláine agus is úire dá bhfuil ann a bheith ag na húdaráis ainmnithe [...] chun go bhféadfaidh siad a gcúraimí a dhéanamh. Is léir cheana féin a úsáidí atá rochtain ar shonraí ó VIS chun críocha fhorghníomhú an dlí i dtaobh daoine a maraíodh le foréigean a shainaithint, nó chun cabhrú le himscrúdaitheoirí dul chun cinn mór a dhéanamh i gcásanna a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine, sceimhlitheoireacht nó gáinneáil ar dhrugaí. Is gá rochtain a bheith ar an bhfaisnéis atá in EES chun críocha na cionta sceimhlitheoireachta dá dtagraítear i gCinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle¹ a chosc, a bhrath nó a imscrúdú mar aon le cionta coiriúla tromchúiseacha eile dá dtagraítear i gCinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle². D'fhéadfadh na sonraí a fhaightear ó EES a bheith ina gcúnamh do na húdaráis forghníomhaithe dlí i gcás ina bhfuil a chuid doiciméad scríosta ag an náisiúnach tríú tír agus freisin i gcás ina bhfuil na húdaráis ainmnithe [...] ag fiosrú coireachta, agus méarloirg nó íomhá den aghaidh á n-úsáid acu chuige, agus inar mian leo céannacht duine a shuíomh. D'fhéadfaí na sonraí sin a úsáid freisin mar uirlis faisnéise coiriúla arb é ab fheidhm léi fianaise a chur le chéile trí aistir amhrastach nó íospartach coire a rianadh. Dá bhrí sin, ba cheart na sonraí atá in EES a bheith ar fáil d'údaráis ainmnithe na mBallstát agus don Oifig Eorpach Póilíní (Europol), faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Rialachán seo.
- Leis na coinníollacha rochtana ar EES chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, ba cheart go bhféadfaidh údaráis forfheidhmithe dlí sna Ballstáit dul i ngleic leis na cásanna ina mbeadh an iliomad céannachtaí in úsáid ag amhrastaigh. Chun na críche sin, má fhaightear amas le linn do bhunachar sonraí ábhartha a bheith á cheadú roimh rochtain a dhéanamh ar EES, níor cheart go gcoiscfeadh an méid sin an rochtain sin.
17. Thairis sin, tá ról lárnach ag Europol sa chomhar idir údaráis na mBallstát i réimse an imscrúdaithe coireachta trasteorann arae tacaíonn sé le coireanna a chosc, a anailísiú agus a imscrúdú ar fud an Aontais. Ar an ábhar sin, ba cheart rochtain a bheith ag Europol ar EES faoi chuimsiú a chúraimí agus i gcomhréir le Cinneadh Uimh. 2009/371/CGB ón gComhairle.³

¹ Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir le sceimhlitheoireacht a chomhrac (IO L 164, 22.6.2002 lch. 6).

² Cinneadh Réime 2002/584/CGB ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit (IO L 190, 18.7.2002 lch.1)

³ Cinneadh 2009/371/CGB ón gComhairle an 6 Aibreán 2009 lena mbunaítear an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) (IO L 121, 15.5.2009, lch. 37).

18. Is éard atá in EES a rochtain chun críche cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, ná cur isteach ar chearta bunúsacha i dtaca le saol príobháideach daoine aonair agus le sonraí pearsanta daoine a ndéantar próiseáil ar a sonraí sin in EES. Aon chur isteach dá leithéid, ní mór é a bheith i gcomhréir leis an dlí, ní mór a fhoirmlíú a bheith beacht a dhóthain chun gur féidir le daoine aonair a n-íompraíocht a athrú, ní mór dó daoine aonair a chosaint ar aon treallachas agus ní mór dó raon feidhme na lánrogha a bhronntar ar na húdaráis inniúla agus modh a fheidhmithe a bheith léirithe ar bhealach atá soiléir a dhóthain. Aon chur isteach a dhéantar i sochaí dhaonlathach, ní mór gá a bheith leis chun leas dlisteanach agus comhréireach a chosaint agus ní mór é a bheith comhréireach leis an gcuspóir dlisteanach atá le baint amach.
19. Is cuid bhunúsach den chomhar póilíneachta é comparáidí a dhéanamh idir sonraí ar bhonn méarlorg neamhfholas, is é sin an rian dachtalascópach is féidir a bheith ar láthair coire. Maidir leis an bhféidearthacht méarlorg neamhfholas a chur i gcomparáid leis na sonraí méarlorg atá stóráilte in EES i gcás ina mbeidh forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhféadfadh an duine a rinne an choir nó an duine atá thíos leis an gcoir a bheith cláraithe in EES, ba cheart sin a bheith ina uirlis rí-úsáideach ag údaráis ainmnithe [...] na mBallstát chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, mar shampla nuair nach bhfuil ar láthair coire d'fhianaise ach méarlóirg neamhfholasa.
20. Is gá údaráis inniúla na mBallstát a ainmniú agus an lárphointe rochtana trína gcuirtear isteach na hiarrataí ar rochtain ar shonraí EES agus liosta a choimeád de na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe an rochtain sin a iarraidh chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.
21. Maidir le hiarrataí ar rochtain ar na sonraí atá stóráilte sa lárchóras, ba cheart do na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe na hiarrataí sin a chur chuig an lárphointe rochtana agus ba cheart údar a bheith leis na hiarrataí sin. Na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe rochtain ar shonraí EES a iarraidh, níor cheart dóibh gníomhú mar údarás fíoraithe. Ba cheart gurbh é a bheadh sa lárphointe rochtana comhlacht nó eintiteas ar a gcuirtear de chúram leis an dlí náisiúnta an t-údarás poiblí a fheidhmiú agus ba cheart dó a bheith in ann, trí cháiliócht agus méid a fhoirne, a fhíorú go héifeachtach go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le rochtain a fháil ar EES sa chás nithiúil i dtrácht. Ba cheart do na lárphointí rochtana gníomhú go neamhspleách ar na húdaráis ainmnithe agus ba cheart dóibh a bheith freagrach, ar dhóigh neamhspleách, as deimhin a dhéanamh de go gcomhlíontar ina n-iomláine na coinníollacha rochtana a bhunaítear leis an Rialachán seo. [...] I gcás inar gá rochtain luath a thabhairt chun freagairt do bhagairt shonrach iarbhír a bhaineann le cionta sceimhlitheoireachta nó le cionta cóiriúla tromchúiseacha eile, ba cheart don lárphointe rochtana an iarraidh a phróiseáil láithreach agus gan an fíorú a dhéanamh go dtí go mbeidh sé sin déanta.

22. Chun críocha sonraí pearsanta a chosaint agus chun cuardaigh chórasacha a chosc, níor cheart sonraí EES a phróiseáil ach i gcásanna ar leith agus nuair is gá chun críocha cionta sceimhlitheoireachta agus cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Dá bhrí sin, níor cheart do na húdaráis ainmnithe ná do Europol rochtain ar ESS a iarraidh ach amháin nuair atá forais réasúnacha ann chun a chreidiúint go bhfaighidh siad faisnéis de thoradh na rochtana sin a chuideoidh go mór leo cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.
23. [...]
24. Chun críche comparáid agus malartú éifeachtúil a dhéanamh ar shonraí pearsanta, ba cheart do na Ballstáit na comhaontuithe idirnáisiúnta láithreacha a chur chun feidhme go hiomlán agus a úsáid mar aon le dlí an Aontais maidir le sonraí pearsanta a mhalartú atá i bhfeidhm cheana féin, go háirithe Cinneadh 2008/615/CGB.
25. Níor cheart na sonraí pearsanta atá stóráilte in EES a choimeád níos faide ná mar is gá chun críocha EES. Is iomchuí sonraí náisiúnach tríú tír a choimeád ar feadh tréimhse cúig bliana chun críocha bainistiú teorainneacha ionas nach gá do náisiúnaigh tríú tír athchlárú in EES roimh dheireadh na tréimhse sin. Maidir le náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas, saoránach a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE¹ maidir leis nó ball de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus nach bhfuil an cárta cónaithe dá dtagraítear i dTreoir 2004/38/CE aige, is iomchuí [...] gach taifead cúpláilte ar dhul isteach/imeacht a stóráil ar feadh tréimhse nach faide ná aon bhliain amháin tar éis dháta a n-imeachta dheiridh. Murab ann do thaifead ar imeacht, stórálfar na sonraí go ceann tréimhse cúig bliana ón taifead deiridh ar iontráil.

¹ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le cearta shaoránaigh an Aontais agus ceart bhaill dá dteaghlaigh gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 1612/68 agus lena n-aisghairtear Treoracha 64/221/CEE, 68/360/CEE, 72/194/CEE, 73/148/CEE, 75/34/CEE, 75/35/CEE, 90/364/CEE, 90/365/CEE agus 93/96/CEE (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

26. Tá tréimhse coinneála sonraí cúig bliana riachtanach chun é a chur ar chumas an gharda teorann an anailís riosca is gá a dhéanamh faoi mar a leagtar amach i gcód teorainneacha Schengen sula n-údaróidh sé taistealaí le dul isteach ar chríoch Ballstát [...]. Agus iarratas ar víosa á phróiseáil i bpoist chonsalacha is gá freisin anailís a dhéanamh ar stair taistil an iarratasóra chun measúnú a dhéanamh ar an úsáid a baineadh as víosaí roimhe sin agus ar urramú na gcoinníollacha fanachta údaráithe. In áit pasanna a stampáil, déanfar EES a cheadú. Ar an ábhar sin, an stair taistil atá le fáil sa chóras, ba cheart go gcuimhdódh sí tréimhse a bheadh fada a dóthain chun críche víosa a eisiúint. De dhroim na tréimhse coinneála sonraí cúig bliana, laghdófar minicíocht an athchlárúcháin, rud a rachaidh chun sochair do gach taistealaí de bharr go dtiocfaidh laghdú ar an meán-am trasnaithe teorann agus ar an tréimhse feithimh ag pointí trasnaithe teorann. Fiú an taistealaí nach bhfuil ag dul isteach ach uair amháin i gcríoch Ballstát [...], laghdófar an tréimhse feithimh ag an teorainn ina chás siúd de bharr nach mbeidh ar thaistealaithe eile atá cláraithe cheana in EES athchlárú. Má úsáidtear luasairí próiseála agus córais féinfhreastail chun trasnuithe teorann a éascú, beidh an tréimhse coinneála sonraí seo riachtanach freisin. Is ar na sonraí atá cláraithe sa chóras atá an t-éascú sin ag brath. B'fhaide a mhairfeadh seiceálacha [...] ag teorainneacha dá mbeadh tréimhse coinneála sonraí níos giorra ann. Ach tréimhse coinneála sonraí níos giorra a bheith ann, ba lú an líon taistealaithe a rachadh an t-éascú chun sochair dóibh, rud a thiocfadh salach ar an gcuspóir atá leagtha amach do EES, is é sin trasnuithe teorann a éascú.
27. An tréimhse coinneála sonraí sin de chúig bliana, bheadh sé riachtanach i gcónaí i gcás sonraí faoi dhaoine nár imigh as críoch na mBallstát faoi dheireadh an fhanachta [...] údaráithe, chun cuidiú leis an bpróiseas maidir le sainaithint agus filleadh agus i gcás daoine dár diúltaíodh cead isteach le haghaidh gearrfhanachta nó le haghaidh fanacht ar bhonn víosa chamchuairte. Ba cheart na sonraí a scriosadh tar éis na tréimhse cúig bliana, ach amháin má tá forais ann lena scriosadh roimhe sin.
28. Ba cheart rialacha beachta a leagan síos maidir leis na freagrachtaí i ndáil le forbairt agus feidhmiú EES agus na freagrachtaí atá ar na Ballstáit nascadh le EES. Is í an ghníomhaireacht chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ ba cheart a bheith freagrach as forbairt agus bainistiú oibríochtúil EES láraithe i gcomhréir leis an Rialachán seo agus ba cheart forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 a leasú dá réir.
29. Ba cheart rialacha a leagan síos maidir le dliteanas na mBallstát i ndáil le damáiste a thiocfadh as aon sáruithe ar an Rialachán seo.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (IO L 286, 1.11.2011, lch 1).

30. Tá feidhm ag Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹ maidir le próiseáil sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit chun an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, ach amháin más iad údaráis ainmnithe nó fíoraithe na mBallstát a dhéanann an phróiseáil sin chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.
- 30a. Gan dochar do rialacha níos sonraí a leagtar síos sa Rialachán seo, maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, tá feidhm ag Treoir 95/46/CE, ag Cinneadh Réime 2008/977/GCB agus ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 de réir a raon feidhme ábhartha.
31. An phróiseáil a dhéanann údaráis na mBallstát ar shonraí pearsanta chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha coiriúla eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, ba cheart di a bheith faoi réir caighdeán cosanta do shonraí pearsanta i gcomhréir lena ndlí náisiúnta, agus ba cheart an chaighdeán sin a bheith i gcomhréir le Cinneadh Réime 2008/977/GCB ón gComhairle².
- 31a. I gcomhréir le Cinneadh Réime 2006/960/GCB ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir leis an malartú eolais agus faisnéise a shimpliú idir údaráis fhorfheidhmithe dlí, ar údaráis de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh iad, féadfar faisnéis atá in EES a chur ar fáil do Bhallstáit nach bhfuil EES i bhfeidhm acu, agus do Bhallstáit nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leo, ó údaráis inniúla na mBallstát a bhfuil rochtain ag a n-údaráis ainmnithe ar EES de bhun an Chinnidh seo. Ba cheart soláthar faisnéise den chineál sin a bheith faoi réir iarraidh chuí-réasúnaithe, agus ba cheart an soláthar faisnéise a theorannú do chásanna ina bhfuil gá leis chun cion sceimhlitheoireachta nó cion coiriúil tromchúiseach eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Ní chuirfidh Ballstát a bhfuil EES i bhfeidhm ann faisnéis den chineál sin ar fáil ach amháin má áirítear go gcuirfear ar fáil go cómhálartach do na Ballstáit a bhfuil EES i bhfeidhm iontu aon fhaisnéis maidir le taifid ar dhul isteach/imeacht ata ina seilbh ag an mBallstát iarrthach. Beidh feidhm ag Cinneadh Réime 2008/977/GCB maidir leis an láimhseáil sonraí uile a fhaightear ó EES ina dhiaidh sin.
32. Níor cheart sonraí pearsanta a fhaigheann na Ballstáit de bhun an Rialacháin seo a aistriú ná a chur ar fáil do thríú tír, d'eagraíocht idirnáisiúnta ná d'aon pháirtí príobháideach atá bunaithe laistigh nó lasmuigh den Aontas, ach amháin más gá sin i gcásanna aonair d'fhonn cuidiú chun náisiúnach tríú tír a shainaithint i ndáil lena fhilleadh, agus sin faoi réir dianchoinníollacha, nó i gcás eisceachtúil práinne, mar a bhfuil bagairt thromchúiseach láithreach go ndéanfar cion sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha coiriúla eile agus i gcomhréir le Cinneadh Réime 2008/977/GCB. Maidir leis na rialacha i ndáil le sonraí a aistriú, ba cheart filleadh rófhantóirí a mheas mar leas poiblí tábhachtach. Níor cheart sonraí den chineál sin a tharchur chuig tríú tír ach amháin má áirítear go gcuirfear ar fáil go cómhálartach do na Ballstáit a bhfuil EES i bhfeidhm iontu aon fhaisnéis maidir le taifid ar dhul isteach/imeacht atá ina seilbh ag an tríú tír iarrthach.

¹ Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin (IO L 281, 23.11.1995, lch. 31).

² Cinneadh Réime 2008/977/GCB ón gComhairle an 27 Samhain 2008 maidir le sonraí pearsanta a chosaint faoi chuimsiú an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh in ábhair choiriúla (IO L 350, 30.12.2008, lch. 60).

- 32a. Maidir le haistriú sonraí chuig tríú tír, chuig Ballstát nach bhfuil EES i bhfeidhm ann, nó chuig Ballstát nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis, agus a cheadaítear i gcás eisceachtúil práinne mar a bhfuil bagairt thromchúiseach láithreach go ndéanfar cion sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha coiriúla eile, ba cheart é a dhéanamh i gcomhréir leis na coinníollacha is infheidhme a leagtar síos faoi Threoir (AE) 2016/680¹, ach a bheadh feidhm ag an Treoir sin.
33. Tá feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle² maidir le gníomhaíochtaí institiúidí nó chomhlachtaí an Aontais agus a gcúraimí á ndéanamh acu i gcás ina bhfuil siad freagrach as bainistiú oibríochtúil EES.
34. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta neamhspleácha arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 28 de Threoir 95/46/CE faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí pearsanta a dhéanann na Ballstáit, agus ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí arna bhunú le Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí institiúidí agus comhlachtaí an Aontais i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. Ba cheart don Mhaoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, [...] agus do na húdaráis mhaoirseachta obair i gcomhar le chéile chun faireachán a dhéanamh ar EES.
35. Ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 25 de Chinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí pearsanta chun críocha fhorghníomhú an dlí a dhéanann na Ballstáit, agus ba cheart do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 33 de Chinneadh 2009/374/CGB faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht gníomhaíochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh ag Europol.
36. Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus thug sé tuairim an 21 Meán Fómhair 2016.

¹ Treoir (AE) 2016/680 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 i ndáil le cosaint daoine nádúrtha maidir le próiseáil sonraí pearsanta ag údaráis inniúla chun cionta coiriúla a chosc, a imscrúdú, a bhrath nó a ionchúiseamh nó chun pionóis choiriúla a fhorghníomhú, agus saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle (IO L 119, 4.5.2016).

² Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

37. Leis an togra seo bunaítear rialacha dochta maidir le EES a rochtain agus bunaítear na cosaintí a bhfuil gá leo. Lena chois sin, leagtar amach ann cearta an duine aonair i ndáil le rochtain, ceartú, scriosadh agus sásamh, go háirithe an ceart leigheas breithiúnach a fháil agus údarais neamhspleácha phoiblí maoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí próiseála. Leis an Rialachán seo, urramaítear na cearta bunúsacha agus na prionsabail a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart chun dínite (Airteagal 1 den Chairt); an toirmeasc ar an sclábhaíocht agus ar shaothar éignithe (Airteagal 5 den Chairt); an ceart chun saoirse agus slándála (Airteagal 6 den Chairt), meas ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghligh (Airteagal 7 den Chairt), sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8 den Chairt), an ceart chun neamh-idirdhealaithe (Airteagal 21 den Chairt), cearta an linbh (Airteagal 24 den Chairt), cearta daoine scothaosta (Airteagal 25 den Chairt), cearta daoine faoi mhíchumas (Airteagal 26 den Chairt) agus an ceart chun leigheas éifeachtach (Airteagal 47 den Chairt).
38. Le go mbeidh an faireachán a dhéanfar ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo éifeachtach, beidh gá le meastóireacht thráthrialta. Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos maidir leis na pionóis a bhaineann le sárúithe fhorálacha an Rialacháin seo agus ba cheart dóibh a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad.
39. Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.
40. Níl ar chumas na mBallstát EES coiteann a bhunú ná oibleagáidí, coinníollacha agus nósanna imeachta coiteanna a cheapadh maidir le húsáid sonraí agus is fearr, dá bhrí sin, de bharr fhairsinge agus thionchar na gníomhaíochta, iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.
41. Tar éis do [...] EES teacht i bhfeidhm, ba cheart Airteagal 20(2) den Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme a leasú [...] maidir le comhaontuithe déthaobhacha [...] arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit agus maidir le fad fanachta údaráithe atá níos faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa [...]. [...]

¹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

42. Is lú costas measta EES ná an buiséad atá curtha i leataobh do theorainneacha cliste i Rialachán (AE) 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹. Dá réir sin, tar éis an Rialachán seo a ghlacadh de bhun Airteagal 5(5)(b) de Rialachán (AE) 515/2014, ba cheart don Choimisiún, trí bhíthin gníomh tarmligthe, an méid atá curtha i leataobh faoi láthair chun córais TF a fhorbairt chun tacú le bainistiú sreabh imirce, ba cheart dó an méid sin a ath-leithdháileadh.
43. [...]
44. Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE.
45. I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnfidh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.
46. Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle²; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
47. Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle³; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach ina ghlacadh agus níl an Rialachán ina cheangal uirthi ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

¹ Rialachán (AE) Uimh. 515/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear, mar chuid den chiste slándála inmheánaí, an ionstraim le haghaidh tacaíochta airgeadais do theorainneacha seachtracha agus do víosaí agus lena n-aisghairtear Cinneadh 574/2007/CE ón gComhairle (IO L 150, 20.5.2014, lch. 143).

² Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

³ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

48. Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt¹, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle².
49. Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis*³ Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE⁴ ón gComhairle agus le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle⁵.

¹ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

² Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

³ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52.

⁴ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontuithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

⁵ Cinneadh 2008/149/CGB ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 50).

50. Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen, de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis*¹ Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar fhorálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE² ón gComhairle agus le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/349/AE³.
51. [Maidir leis an mBulgáir, leis an gCróit, leis an gCipir agus leis an Rómáin, is éard atá i bhforálacha an Rialacháin seo a thagraíonn do VIS forálacha lena gcuirtear le *acquis* Schengen, nó a bhfuil baint ar shlí eile acu le *acquis* Schengen faoi seach, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011].
52. Níor cheart EES a bheith i bhfeidhm sna Ballstáit nár tugadh fíorú i gcrích go rathúil ina leith go fóill i gcomhréir leis na nósanna imeachta meastóireachta Schengen is infheidhme agus nár tugadh rochtain éighníomhach ar an gcóras faisnéise víosaí (VIS) dóibh chun EES a fheidhmiú go fóill. Maidir le Ballstáit nach mbeidh EES i bhfeidhm iontu ó thús na hoibríochta ar fad, ba cheart iad a nascadh le EES mar atá leagtha amach sa Rialachán seo, a thúsce a chomhlíonfar na coinníollacha ábhartha,

¹ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

² Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

³ Cinneadh 2011/349/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus le comhar póilíneachta (IO L 160, 18.6.2011, lch. 1).

CAIBIDIL 1
Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis an Rialachán seo córas dul isteach/imeachta (EES) d'fhonn faisnéis a thaifeadadh agus a stóráil faoi am agus áit dul isteach agus imeachta náisiúnach tríú tír atá ag trasnú theorainneacha na mBallstát ag a bhfuil EES i bhfeidhm, d'fhonn fad fhanacht údaraithe na ndaoine sin a ríomh agus foláirimh a thabhairt do na Ballstáit nuair atá an fanacht údaraithe istigh [...] agus d'fhonn taifead a dhéanamh, i gcás daoine dár diúltaíodh cead isteach le haghaidh gearrfhanachta [nó le haghaidh fanacht ar bhonn víosa chamchuartha], ar am, dáta agus áit dhiúltú an cheada isteach agus ar údarás an Bhallstáit a rinne an diúltú agus ar chúiseanna an diúltaithe.
2. Leagtar síos i gCaibidil IV den Rialachán seo freisin na coinníollacha faoina bhféadfaidh údaráis [...] ainmnithe na mBallstát agus an Oifig Eorpach Póilíní (Europol) rochtain a fháil ar EES chun críocha cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le haon náisiúnach tríú tír dá dtugtar cead isteach i gcríoch na mBallstát le haghaidh gearrfhanachta [nó le haghaidh fanacht ar bhonn víosa chamchuidir] faoi réir seiceálacha teorann i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399 agus é ag trasnú [...] teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm. I dtaca le dul isteach i gcríoch na mBallstát ná imeacht aisti, tá feidhm aige maidir le náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach de chuid náisiúnaigh tríú tír a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais nó a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le ceart saoránach Eorpach faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit ar an taobh amháin agus tríú tír ar an taobh eile, agus nach bhfuil an cárta cónaithe dá dtagraítear i dTreoir 2004/38/CE, nó doiciméad cónaithe de bhun an chomhaontaithe de réir mar is infheidhme, acu.
2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le náisiúnaigh tríú tír dár diúltaíodh cead isteach le haghaidh gearrfhanachta [nó le haghaidh fanacht ar bhonn víosa chamchuidir] ar chríoch na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/399.
3. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le:
 - (a) [...] náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis agus a bhfuil cárta cónaithe acu de bhun na Treorach sin;
 - (b) [...] náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach de chuid náisiúnaigh tríú tír a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais nó a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le ceart saoránach Eorpach faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit ar an taobh amháin agus tríú tír ar an taobh eile, agus a bhfuil an cárta cónaithe dá dtagraítear i dTreoir 2004/38/CE, nó doiciméad cónaithe de bhun an chomhaontaithe de réir mar is infheidhme, acu;
 - (c) sealbhóirí na gceadanna cónaithe dá dtagraítear i bpointe 16 d'Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2016/399 cé is moite díobh sin atá cumhdaithe ag pointe (a) agus (b) den mhír seo;

- (cc) náisiúnaigh tríú tír a fheidhmiú saorghluaiseacht i gcomhréir le Treoir 2014/66/AE nó le Treoir (AE) 2016/801;
- (d) sealbhóirí víosa fadfhanachta;
- (e) Náisiúnaigh Andóra, Mhonacó, [...] San Mairíne, agus sealbhóirí pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine;
- (f) daoine nó catagóirí daoine atá díolmhaithe ó sheiceálacha teorann nó a bhaineann tairbhe as éascú an trasnaithe teorann dá dtagraítear in Airteagal 6a(3)(d) [...] de Rialachán (AE) 2016/399
- (g) Daoine nó catagóirí daoine dá dtagraítear in Airteagal 6a(3) (e), (f), (g) agus (h) de Rialachán (AE) 2016/399.

Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir le náisiúnaigh tríú tír ar [...] baill iad den teaghlach dá dtagraítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den chéad fhomhír fiú mura bhfuil an saoránach den Aontas nó ag an náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta á thionlacan acu nó mura bhfuil siad ag dul ag bualadh leis an saoránach nó an náisiúnach sin.

4. Na forálacha atá sa Rialachán seo maidir le fad an fhanachta údaráithe a ríomh agus foláireamh a thabhairt do na Ballstáit nuair atá an fanacht údaráithe [...] istigh, níl feidhm acu maidir le náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis ná baill de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus nach bhfuil cárta cónaithe dá dtagraítear i dTreoir 2004/38/CE acu.

Airteagal 3

Sainmhínithe

1. Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'teorainneacha seachtracha' 'teorainneacha seachtracha' mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2016/399;

(1a) ciallaíonn 'teorainneacha seachtracha' teorainneacha seachtracha mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2016/399;

(2) ciallaíonn 'údaráis seiceála teorann' na húdaráis inniúla ar cuireadh de chúram orthu, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, seiceálacha a dhéanamh ar dhaoine ag pointí trasnaithe teorann [...] ag a bhfuil EES i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 60 den Rialachán seo [...];

(3) ciallaíonn 'údaráis inimirce' na húdaráis inniúla ar cuireadh de chúram orthu, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) seiceáil a dhéanamh laistigh de chríoch na mBallstát an gcomhlíontar na coinníollacha maidir le dul isteach nó le fanacht údaráithe i gcríoch na mBallstát agus/nó

(b) scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le [...] cónaí náisiúnach tríú tír ar chríoch na mBallstát agus cinntí a ghlacadh i ndáil leis an gcónaí sin agus, i gcás inarb ábhartha, comhairle a thabhairt i gcomhréir le Rialachán (AE) 377/2004 agus/nó;

c) Éascaíocht a dhéanamh do náisiúnaigh tríú tír filleadh ar thríú tír thionscnaimh nó idirthurais.

(4) ciallaíonn 'údaráis víosa' na húdaráis [...] mar a shainmhínítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 [...];

- (4a) ciallaíonn 'údarás cinntitheach' aon chomhlacht garbhreithiúnach nó riaracháin i mBallstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar chosaint idirnáisiúnta atá inniúil chun cinntí a dhéanamh ag an gcéad chéim i gcásanna den sórt sin,
- (5) ciallaíonn 'náisiúnach tríú tír' aon duine nach saoránach den Aontas é de réir bhrí Airteagal 20(1) [...] CFAE, cé is moite de dhaoine a bhfuil cearta chun saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le cearta shaoránaigh an Aontais faoi chomhaontuithe idir an tAontas, nó an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus tríú tíortha, ar an taobh eile;
- (6) ciallaíonn 'doiciméad taistil' pas nó a chomhionann de dhoiciméad, a thugann teideal don sealbhóir dul trasna teorainneacha seachtracha agus ar féidir víosa a ghreamú dó;
- (7) ciallaíonn 'gearrfhanacht' fanacht mar a shainmhínítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/399;
- (8) ciallaíonn 'víosa ghearrfhanachta' víosa mar a shainmhínítear in Airteagal 2(2)(a) de Rialachán (CE) 810/2009;
- (8a) ciallaíonn 'víosa ghearrfhanachta náisiúnta' údarú arna eisiúint ag Ballstát nach gcuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine, le haghaidh an fhanachta atá beartaithe i gcríoch an Bhallstáit sin nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá;
- (9) [ciallaíonn 'víosa chamchuartha' víosa mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. xxx/20xx lena mbunaítear víosa chamchuartha agus lena leasaítear an Coinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme agus lena leasaítear freisin Rialachán (CE) Uimh. 562/2006 agus Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 [...];
- (9a) ciallaíonn 'víosa' víosa ghearrfhanachta [agus víosa chamchuartha];
- (9b) ciallaíonn 'fanacht údaráithe' an líon beacht laethanta ar lena linn a fhéadfaidh náisiúnach tríú tír fanacht go dleathach i gcríoch na mBallstát, agus sin ón dáta dul isteach i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme;

- (10) ciallaíonn 'iompróirí' iompróirí mar a shainmhínítear in Airteagal 2(15) de Rialachán (AE) 2016/399;
- (11) ciallaíonn "an Bállstát atá freagrach" an Ballstát a d'iontráil na sonraí sa chóras dul isteach/imeachta;
- (12) ciallaíonn "fíorú" an próiseas arb é atá ann comparáid a dhéanamh idir tacair sonraí chun bailíocht na céannachta a mhaítear a bheith ag duine a shuíomh (sampla amháin a chur i gcomparáid le sampla eile);
- (13) ciallaíonn "sainaithint" an próiseas arb é atá ann céannacht duine a dheimhniú trí chuardach a dhéanamh i mbunachar sonraí in iliomad tacar sonraí (samplaí éagsúla a chur i gcomparáid le chéile);
- (14) ciallaíonn "sonraí alfa-uimhriúla" sonraí a léirítear le litreacha, le digití, le saincharachtair, le spásanna nó le comharthaí poncaíochta;
- (15) ciallaíonn 'sonraí méarlorg' sonraí a bhaineann le ceithre mhéarlorg na cormhéire, na méire láir, mhéar an fháinne agus an lúidín ar an lámh dheas, nuair is ann dóibh, nó ina n-éagmais sin ar an lámh chlé, [...] méarloirg atá ar thaifeach agus ar cháilíocht ard go leor le go n-úsáidfear i meaitseáil bhithmhéadrach uathoibríoch iad;
- (16) ciallaíonn 'íomhá den aghaidh' íomhá dhigiteach den aghaidh ar leor a taifeach agus a cáilíocht leis an íomhá a úsáid le haghaidh meaitseáil bhithmhéadrach uathoibríche;
- (17) ciallaíonn 'sonraí bithmhéadracha' sonraí méarlorg agus íomhá den aghaidh;
- (18) ciallaíonn 'rófhantóir' náisiúnach tríú tír nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha a bhaineann le fanacht údaráithe an duine sin ar chríoch na mBallstát;
- (19) ciallaíonn 'eu-LISA' an ghníomhaireacht Eorpach chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórsála faisnéise sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais arna bhunú le Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011;
- (20) [...];

- (21) ciallaíonn 'údarás maoirseachta' na húdaráis mhaoirseachta arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 28 de Threoir 95/46/CE;
- (22) ciallaíonn 'údarás maoirseachta náisiúnta', chun críocha fhorghníomhú an dlí, na húdaráis mhaoirseachta [...] arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 25 de Chinneadh Réime 2008/977/CGB ón gComhairle;
- (23) [...];
- (24) ciallaíonn 'sonraí EES' na sonraí uile atá stóráilte sa lárchóras i gcomhréir le hAirteagail 13, 14, 15, 16, 17 agus 18;
- (25) ciallaíonn 'fhorghníomhú an dlí' cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú;
- (26) ciallaíonn cionta sceimhlitheoireachta' na cionta faoin dlí náisiúnta a fhreagraíonn do na cionta dá dtagraítear in Airteagail 1 go 4 de Chinneadh Réime 2002/475/CGB nó atá coibhéiseach leo;
- (26a) ciallaíonn 'údarás ainmnithe' údaráis atá freagrach as cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú agus a ainmníonn na Ballstáit de bhun Airteagal 26.
- (27) ciallaíonn 'cionta coiriúla tromchúiseacha' na cionta a fhreagraíonn do na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2(2) de Chinneadh Réime 2002/584/CGB, nó atá coibhéiseach leo, má tá siad inphionóis faoin dlí náisiúnta le pianbhreith coimeádta nó le hordú coinneála arb é trí bliana ar a laghad a uastréimhse;
- (28) ciallaíonn 'córas féinfhreastail' córas uathoibrithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2(23) de Rialachán (AE) 2016/399;
- (29) ciallaíonn 'ríomhgheata' bonneagar mar a shainmhínítear in Airteagal 2(24) de Rialachán (AE) 2016/399;

- (30) ciallaíonn 'ráta mainneachtana i leith clárú (FTE)' cion na gclárúchán ina bhfuil an clárú bithmhéadrach ar cháilíocht neamhleor;
- (31) ciallaíonn 'ráta sainaitheanta bréagdheimhní (FPIR)' cion na meaitseálacha a thagann ar ais nach mbaineann leis an taistealaí a ndéantar seiceáil air;
- (32) ciallaíonn 'ráta sainaitheanta bréagdhiúltaí (FNIR)' cion na meaitseálacha a chailltear le linn cuardach bithmhéadrach cé gur cláraíodh an taistealaí le sonraí bithmhéadracha.
2. An chiall atá leis na téarmaí atá sainmhínithe in Airteagal 2 de Threoir 95/46/CE, sin í an chiall a bheidh leo sa Rialachán seo a mhéid a dhéanann údaráis na mBallstát na sonraí pearsanta a phróiseáil chun na críche atá leagtha síos in Airteagal 5 den Rialachán seo.
3. An chiall atá leis na téarmaí atá sainmhínithe in Airteagal 2 de Threoir Réime 2008/977/CGB, sin í an chiall a bheidh leo sa Rialachán seo a mhéid a dhéanann údaráis na mBallstát na sonraí pearsanta a phróiseáil chun críocha fhorghníomhú an dlí.

Airteagal 3a

Teoireannacha ag a bhfuil feidhm ag EES agus úsáid EES ag na teoireannacha sin

1. Beidh feidhm ag EES ag teorainneacha seachtracha na mBallstát.
2. Na Ballstáit a chuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine, tabharfaidh siad EES isteach ag na teorainneacha inmheánacha atá acu le Ballstáit nach gcuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill ach a bhfuil EES i bhfeidhm iontu.
- 2a. Na Ballstáit a chuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine agus na Ballstáit nach gcuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill ach a bhfuil EES i bhfeidhm iontu, tabharfaidh siad EES isteach ag a dtéorainneacha inmheánacha leis na Ballstáit nach gcuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill agus nach bhfuil EES i bhfeidhm iontu.
- 2b. Na Ballstáit nach gcuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine fós ach a bhfuil EES i bhfeidhm iontu, tabharfaidh siad EES isteach ag na teorainneacha inmheánacha atá acu a shainítear faoi Airteagal 2(1) (b) agus (c) de Rialachán (AE) 2016/399.

3. Ag na teorainneacha inmheánacha idir dhá Bhallstát nach gcuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine fós ach a bhfuil EES i bhfeidhm iontu, tabharfaidh na Ballstáit sin EES isteach gan feidhmiúlachtaí bithmhéadracha de mhaolú ar Airt 21(2), an tríú agus an ceathrú fomhír de, agus de mhaolú ar Airt. 25. Ag na teorainneacha inmheánacha sin, i gcás nach bhfuil an náisiúnach tríú tír cláraithe in EES go fóill, cruthófar an sainchomhad gan taifead a dhéanamh ar na sonraí bithmhéadracha. Cuirfear na sonraí bithmhéadracha leis ag an gcéad phointe trasnaithe teorann eile a mbeidh EES i bhfeidhm ann leis na feidhmiúlachtaí bithmhéadracha.

Airteagal 4

EES a Bhunú

[...] Déanfaidh 'eu-LISA', i gcomhar leis na Ballstáit agus i gcomhréir le hAirteagal 34, EES a fhorbairt agus a áirithiú go ndéantar bainistiú ar a chuid oibríochtaí, lena n-áirítear na feidhmiúlachtaí a bhaineann le sonraí bithmhéadracha a phróiseáil dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(f) agus in Airteagal 15(1)(b) agus (c).

Airteagal 5

Cuspóir EES

Agus na sonraí a thairgeadtar in EES de bhun Airteagal 14 go hAirteagal 18 [...] á dtairgeadh, á stóráil agus á gcur ar fáil do na Ballstáit, is iad seo a leanas na cuspóirí a bheidh ag EES:

- (a) éifeachtúlacht na seiceálacha teorann a fheabhsú trí fhad an fhanachta údairithe a ríomh agus faireachán a dhéanamh air ar dhul isteach agus ar imeacht do náisiúnaigh tríú tír dá dtugtar cead isteach le haghaidh gearrfhanachta [nó le haghaidh fanachta ar bhonn víosa chamchuairte],
- (b) cúnamh a chur ar fáil chun náisiúnach tríú tír a shainaithint [...] nach gcomhlíonann anois, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha le haghaidh dul isteach i gcóir na mBallstát nó na coinníollacha le haghaidh gearrfhanachta [nó le haghaidh fanacht bunaithe ar víosa chamchuairte] uirthi;
- (c) go mbeifear in ann rófhantóirí a shainaithint agus a bhrath [...] le gur féidir le húdaráis inniúla náisiúnta na mBallstát bearta iomchuí a dhéanamh lena n-áirítear na féidearthachtaí maidir le filleadh a mhéadú;

- (d) go mbeifear in ann diúltuithe cead isteach a sheiceáil go leictreonach in EES;
- (e) [...] go mbeifear in ann an nós imeachta maidir le seiceálacha teorann a uathoibriú [...];
- (f) a chur ar chumas [...] údarás víosa rochtain a fháil ar fhaisnéis i ndáil le húsáid dhleathach víosaí roimhe sin;
- (g) náisiúnaigh tríú tír a chur ar an eolas faoi fhad a bhfanachta údaraith;
- (h) staitisticí a thiomsú faoi dhul isteach agus faoi imeacht, faoi dhiúltú dul isteach agus faoi rófhanacht náisiúnach tríú tír chun measúnú riosca an rófhanachta a fheabhsú agus chun tacú le beartas imirce an Aontais a dhéanamh bunaithe ar fhianaise;
- (ha) i gcás inarb ábhartha, tacú le Ballstáit a gcláir náisiúnta éascaíochta a oibriú, lena n-áirítear an scrúdú agus an cinneadh ar iarratais;
- (i) calaois aitheantais agus míúsáid doiciméad taistil a chomhrac;
- (j) cuidiú le cionta sceimhlitheoireachta agus le cionta tromchúiseacha coiriúla eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú;
- (k) [...]
- (l) a bheith in ann faisnéis a ghiniúint [...] le haghaidh imscrúduithe a bhaineann le sceimhlitheoireacht nó le cionta tromchúiseacha coiriúla eile, [...] lena n-áirítear déantóirí, amhrastaigh agus íospartaigh na gcionta sin a shainaithint;
- (m) an scrúdú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a éascú;
- (n) an cinneadh maidir le freagracht i dtaobh iarratais ar thearmann a éascú.

Airteagal 6

Ailtireacht theicniúil EES

1. Is é a bheidh in EES:
 - (a) Lárchóras;
 - (b) Comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta (NUI) i ngach Ballstát bunaithe ar shonraíochtaí teicniúla coiteanna agus iad ar aon dul lena chéile sna Ballstáit uile le gur féidir ceangal a dhéanamh idir an lárchóras agus na bonneagair [...] náisiúnta sna Ballstáit is gá le haghaidh seiceálacha teorann.
 - (c) Bealach cumarsáide slán idir lárchóras EES agus lárchóras VIS;
 - (d) Bonneagar cumarsáide idir an lárchóras agus na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta.
2. Is é eu-LISA a dhéanfaidh lárchóras EES a óstáil ar a [...] shuímh theicniúla. Cuirfidh sé na feidhmiúlachtaí atá leagtha síos sa Rialachán seo ar fáil i gcomhréir leis na coinníollacha a bhaineann le hinfhaighteacht, cáilíocht agus luas de bhun Airteagal 34(3).
3. Gan dochar do Chinneadh 2008/602/CE ón gCoimisiún¹, roinnfear comhpháirteanna áirithe de chrua-earraí agus de bhogearraí bhonneagar cumarsáide EES le bonneagar cumarsáide VIS dá dtagraítear in Airteagal 1(2) de Chinneadh 2004/512/CE. [...] Áiritheofar go gcoimeádfar sonraí VIS agus EES scartha ó chéile ar bhonn loighciúil.

¹ Cinneadh 2008/602/CE ón gCoimisiún an 17 Meitheamh 2008 lena leagtar síos an ailtireacht fhisiciúil agus ceanglais na gcomhéadan náisiúnta agus an bhonneagair chumarsáide idir VIS Láir agus na comhéadain náisiúnta don chéim forbartha (IO L 194, 23.7.2008, lch. 3).

1. Bunóidh eu-LISA bealach cumarsáide slán idir lárchóras EES agus lárchóras VIS le go mbeidh idir-inoibritheacht ann idir EES agus VIS. Ní féidir ceadú díreach a dhéanamh idir na córais ach amháin má fhoráiltear dó sa Rialachán seo agus i Rialachán (CE) Uimh. 767/2008¹.
2. Cuirfidh ceanglas na hidir-inoibritheachta ar chumas na n-údarás seiceála teorann sin a úsáideann EES VIS a cheadú ó EES chun:
 - (a) na sonraí sin a bhaineann le víosaí a aisghabháil agus a iompórtáil go huathoibríoch ó VIS chun taifead ar dhul isteach/imeacht nó taifead ar dhiúltú cead isteach [...] sealbhóra víosa a chruthú nó a nuashonrú in EES i gcomhréir le hAirteagal 13, le hAirteagal 14 agus le hAirteagal 16 den Rialachán seo agus le hAirteagal 18a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;
 - (b) na sonraí sin a bhaineann le víosaí a aisghabháil agus a iompórtáil go huathoibríoch ó VIS chun an taifead ar dhul isteach/imeacht [...] a nuashonrú i gcás ina ndéantar víosa a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur léi i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo agus le hAirteagal 13, Airteagal 14 agus Airteagal 18a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;
 - (c) de bhun Airteagal 21 den Rialachán seo agus Airteagal 18(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, barántúlacht agus bailíocht na víosa a fhíorú nó a dheimhniú an bhfuil na coinníollacha le haghaidh dul isteach ar chríoch na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399 á gcomhlíonadh [...]
 - (d) a fhíorú ag na teorainneacha [...] ag a bhfuil EES i bhfeidhm ar cláraíodh cheana náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa i VIS i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán seo agus le hAirteagal 19(a) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

¹ Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gcóras faisnéise víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 60-81).

(e) céannacht an tsealbhóra víosa a fhíorú ag na teorainneacha [...] ag a bhfuil EES i bhfeidhm – i gcás nach féidir sin a dhéanamh in EES – trí mhéarloirg a fhíorú i VIS i gcomhréir le hAirteagal 21 den Rialachán seo agus le hAirteagal 18(6) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

3. Cuirfidh ceanglas na hidir-inoibritheachta ar chumas na n-údarás víosaí sin a bhaineann úsáid as VIS EES a cheadú as VIS chun [...]:

(a) iarratais ar víosa a scrúdú agus cinntí a ghlacadh a bhaineann leis na hiarratais sin i gcomhréir le hAirteagal 22 den Rialachán seo agus le hAirteagal 15(4) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008;

(aa) iarratais ar víosaí gearrfhanachta náisiúnta a scrúdú agus cinntí a ghlacadh i dtaca leis na hiarratais sin i gcás na mBallstát sin nach gcuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine fós agus a bhfuil EES i bhfeidhm iontu;

(b) na sonraí a bhaineann le víosaí a nuashonrú go huathoibríoch sa taifead ar dhul isteach/imeacht [...] i gcás ina ndéantar víosa a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur léi i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo agus le hAirteagal 13 agus le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

Airteagal 8

Rochtain ar EES chun críche sonraí a iontráil, a leasú, a scríosadh agus a cheadú

1. Is ag foireann chuí-údaraithe gach Ballstáit agus ag an bhfoireann sin amháin a bheidh rochtain ar EES chun críche na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 13, 14, 15, 16, 17 agus 18 a iontráil, a leasú, a scríosadh agus a cheadú, agus beidh an fhoireann sin inniúil chun na gcríoch sin atá leagtha síos in Airteagail 21 go dtí 32. Beidh an rochtain sin teoranta an méid is gá le go ndéanfar na cúraimí a chomhlíonadh i gcomhréir leis an gcuspóir sin, agus beidh sé comhréireach leis na cuspóirí atá le baint amach.

2. Ainmneoidh gach Ballstát na húdaráis inniúla náisiúnta a bheidh [...] ina n-údaráis seiceála teorann, údaráis víosa, údaráis inimirce agus údaráis chinntitheacha [chomh maith leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 604/2013¹], chun críocha an Rialacháin seo. Beidh rochtain ag an bhfoireann chuí-údaraithe ar EES chun sonraí a iontráil, a leasú, a scriosadh nó a cheadú. Cuirfidh gach Ballstát liosta na n-údarás sin in iúl do eu-LISA gan mhoill. Sonrófar sa liosta sin cad chuige a mbeidh rochtain ag gach údarás ar shonraí EES.

Laistigh de thrí mhí tar éis do EES teacht i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 60, foilseofar liosta comhdhlúite na n-údarás sin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás ina ndéanfar leasuithe air, foilseoidh eu-LISA liosta comhdhlúite a nuashonrófar uair sa bhliain.

3. Na húdaráis atá i dteideal na sonraí a stóráiltear in EES a cheadú nó rochtain a fháil orthu d'fhonn cionta sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha coiriúla eile a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, ainmneofar iad i gcomhréir le forálacha Chaibidil IV.

Airteagal 9

Prionsabail ghinearálta

1. Áiritheoidh gach údarás inniúil atá údaraithe EES a rochtain go bhfuil úsáid EES riachtanach, iomchuí agus comhréireach.
2. Agus EES á úsáid aige, áiritheoidh gach údarás inniúil nach ndéanfar idirdhealú i gcoinne náisiúnaigh tríú tír ar aon fhorais amhail gnéas, bhunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó chreideamh, míchumas, aois nó claonadh gnéis agus go lánurramófar dínit agus sláine an duine. Tabharfar aird ar leith ar chás sonrach leanaí, daoine aosta agus daoine a bhfuil míchumas orthu. [...]

¹ Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát, IO L 180, 29.6.2013, lch. 31-59.

An t-áireamhán uathoibrithe agus an oibleagáid náisiúnaigh tríú tír a chur ar an eolas faoin bhfanacht údaraithe atá fágtha

1. Áireofar in EES áireamhán uathoibrithe lena léireofar fad uasta [...] an fhanachta údaraithe, [...] le haghaidh náisiúnaigh tríú tír arna gclárú in EES. [...]

Ní bheidh feidhm ag an áireamhán maidir le náisiúnaigh tríú tír ar [...] baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas, saoránach a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis nó náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus nach bhfuil cárta cónaithe dá dtagraítear faoi Threoir 2004/38/CE aige.

2. Leis an áireamhán uathoibrithe, cuirfear na húdaráis inniúla ar an eolas faoin méid seo a leanas:

- (a) [...] ar dhul isteach, fad [...] uasta an fhanachta údaraithe do náisiúnaigh tríú tír [...] agus ar úsáideadh cheana féin [...] an líon dul isteach údaraithe de réir víosa ghearrfhanachta a eisíodh [...] chun dul isteach uair amháin nó dhá uair
- (b) le linn seiceálacha nó fíorúcháin a dhéantar laistigh de chríoch na mBallstát, fad an fhanachta údaraithe atá fágtha ag náisiúnaigh tríú tír nó fad an rófhanachta acu;
- (c) [...] ar imeacht, aon rófhanacht de chuid náisiúnach tríú tír [...];
- (d) agus iarratais ar víosa á scrúdú agus cinntí á ndéanamh maidir leo, fad uasta an fhanachta údaraithe atá fágtha bunaithe ar dhátaí dul isteach a beartaíodh.

3. Beidh sé de cheart ag gach náisiúnach tríú tír a fhiafraí de na húdaráis seiceála teorann le linn seiceálacha teorann ar dhul isteach faoin uasmhéid laethanta den fhanacht údaraithe atá fágtha aige/aici, lena gcuirfear san áireamh an líon dul isteach agus fad an fhanachta arna údarú leis an víosa {nó leis an víosa chamchuarite}, agus tabharfaidh na húdaráis seiceála teorann an fhaisnéis sin dóibh an tráth sin.

4. [...] Maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa agus atá ag fanacht, ar bhonn víosa¹ nó ar bhonn víosa náisiúnta gearrfhanachta, i mBallstát nach gcuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine go fóill ach a bhfuil EES i bhfeidhm iontu, ní shonrófar leis an áireamhán an fanacht údaráithe bunaithe ar an víosa nó ar an víosa náisiúnta ghearr. Sa chás sin, ní dhéanfaidh an t-áireamhán ach a fhíorú go gcomhlíonfar an teorainn fhoriomlán 90 lá in aon tréimhse 180 lá agus tréimhse bailíochta na víosa.
5. Beidh feidhm ag an áireamhán uathoibrithe freisin maidir le gearrfhanachtaí ar bhonn víosa a bhfuil bailíocht chríochach teoranta aige arna heisiúint ar bhonn Airteagal 25(1)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009. Sa chás sin, cuirfidh an t-áireamhán an fanacht údaráithe san áireamh, mar a shainítear é le víosa den chineál sin, is cuma a fhanacht carnach/a fanacht carnach a bheith níos faide ná 90 lá laistigh d'aon tréimhse 180 lá.

Airteagal 11

An sásra faisnéise

1. Áireofar in EES sásra lena sainaitheofar go huathoibríoch cé na taifid ar dhul isteach/imeacht nach bhfuil sonraí imeachta iontu go díreach tar éis an dáta a rachaidh an fanacht údaráithe in éag agus déanfaidh sé na taifid sin a shainithint inar [...] sáraíodh an fanacht údaráithe uasta [...].
- 1a. I gcás náisiúnaigh tríú tír a théann thar teorainn ar bhonn doiciméad idirthurais éascaithe (FTD bailí arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) 693/2003, áireofar in EES sásra lena sainaitheofar go huathoibríoch cé na taifid ar dhul isteach/imeacht nach bhfuil sonraí iontu díreach tar éis d'fhad an fhanachta údaráithe dul in éag agus lena sainaitheofar taifid inar sáraíodh uastréimhse an fhanachta údaráithe is ceadmhach.

¹ Cinneadh Uimh. 565/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena dtugtar isteach réimeas simplithe le haghaidh daoine a rialú ag na teorainneacha seachtracha agus a bheidh bunaithe ar an gCróit agus an Chipir aitheantas aontaobhach a thabhairt do dhoiciméid áirithe mar dhoiciméid atá coibhéiseach lena víosaí náisiúnta le haghaidh idirthurais trína gcríocha nó cónaithe beartaithe ar a gcríocha nach mó ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 895/2006/CÉ agus Cinneadh Uimh. 582/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2. De réir Airteagal 8(2), cuirfidh an córas liosta ar fáil do na húdaráis inniúla náisiúnta ainmnithe, ar a mbeidh na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14 agus in Airteagal 15 maidir leis na rófhantóirí uile a sainaithníodh, chun go bhféadfaidh siad bearta iomchuí a ghlacadh, lena n-áirítear an rófhantóir a bhrath agus, i gcás inar féidir agus inarb infheidhme, chun cuidiú leis an rófhantóir a fhilleadh.

Airteagal 12

Seirbhís gréasáin

1. Chun go mbeidh náisiúnaigh tríú tír in ann a fhíorú tráth ar bith an t-uasmhéid [...] laethanta d'fhanacht údaraithe atá fágtha, cuirfear rochtain shlán idirlín chuig seirbhís gréasáin arna hóstáil ag eu-LISA [...] ar a shuíomhanna teicniúla ar fáil dóibh agus a bhuí leis an tseirbhís sin, beidh na náisiúnaigh tríú tír sin in ann cineál, uimhir agus cód trí litir thír eisiúna an doiciméid taistil a chur ar fáil [...] mar aon leis na dátaí ar a bhfuiltear ag súil leis an dul isteach agus imeacht nó, i gcás náisiúnaigh tríú tír atá laistigh de chríoch na mBallstát, an dáta imeachta a beartaíodh. Ar an mbonn sin, tabharfaidh an tseirbhís gréasáin freagra TÁ nó NÍL dóibh, freagra lena ngabhfaidh faisnéis maidir le huasmhéid laethanta an fhanacht údaraithe atá fágtha. Úsáidfídh an tseirbhís gréasáin bunachar sonraí ar leith, a bheidh inléite amháin, a ndéanfar nuashonrú air go laethúil tríd an méid íosta is gá den fhothacar sonraí a bhaint as EES.
2. Féadfaidh iompróirí [...] an tseirbhís gréasáin dá dtagraítear i mír 1 a úsáid chun a fhíorú, maidir le yíosa ghearrfhanachta arna heisiúint chun dul isteach uair amháin nó dhá uair [...] atá ina sheilbh ag náisiúnach tríú tír, ar úsáid an náisiúnach tríú tír sin an víosa ghearrfhanachta cheana féin. Soláthróidh an t-iompróir na sonraí atá sa chuid den doiciméad taistil atá meaisín-inléite [...]. Ar an mbonn sin, tabharfaidh an tseirbhís gréasáin freagra TÁ nó NÍL do na hiompróirí. Féadfaidh iompróirí an fhaisnéis a chuirfear chucu a stóráil mar aon leis an bhfreagra a gheobhaidh siad. Ní féidir an freagra TÁ nó NÍL a mheas mar chinneadh cead isteach a údarú nó a dhiúltú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399.
3. Glacfar rialacha mionsonraithe maidir leis na coinníollacha a bhaineann le feidhmiú na seirbhíse gréasáin agus leis na rialacha cosanta sonraí agus slándála a bhfuil feidhm acu maidir leis an tseirbhís gréasáin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(2).

CAIBIDIL II

Na húdaráis [...] inniúla d'iontráil agus d'úsáid sonraí

Airteagal 13

Nósanna imeachta maidir le sonraí a iontráil in EES

1. Fíoróidh na húdaráis seiceála teorann, i gcomhréir le hAirteagal 21, ar cruthaíodh sainchomhad roimhe in EES don náisiúnach tríú tír sin agus [...] dá chéannacht/dá céannacht. I gcás ina n-úsáideann náisiúnach tríú tír córas féinfhreastail chun sonraí a réamhchlárú nó chun seiceálacha teorann a dhéanamh [...], féadfar fíorú a dhéanamh tríd an gcóras féinfhreastail.
2. I gcás inar cruthaíodh sainchomhad a bhí ann roimhe, déanfaidh an t-údarás seiceála teorann sonraí an tsainchomhaid, dá dtagraítear in Airteagal 14, in Airteagal 15 agus in Airteagal 16 de réir mar is infheidhme, a nuashonrú, más gá, déanfaidh sé taifead maidir le [...] dul isteach nó le himeacht a iontráil i gcás gach dul isteach agus imeachta i gcomhréir le hAirteagal 14 agus le hAirteagal 15 nó, más infheidhme, taifead ar dhiúltú dul isteach i gcomhréir le hAirteagal 16. Déanfar an taifead sin a nascadh le sainchomhad an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann. Más infheidhme, cuirfear na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 17(1), (1a), [...] (3) agus (4) le taifead ar dhul isteach/imeacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann. Na doiciméid taistil dhifriúla agus na céannachtaí éagsúla a bhíonn in úsáid ag náisiúnach tríú tír go dlisteanach, cuirfear le sainchomhad an náisiúnaigh tríú tír iad. I gcás inar cláraíodh sainchomhad a bhí ann roimhe agus ina bhfuil doiciméad taistil ag an náisiúnach tríú tír nach ionann é agus an doiciméad a cláraíodh roimhe, déanfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(f) agus in Airteagal 15(1)(b) a nuashonrú freisin [...].
3. I gcás inar gá sonraí [...] maidir le taifead ar dhul isteach/imeacht sealbhóra víosa [...] a iontráil nó a nuashonrú, féadfaidh na húdaráis seiceála teorann na sonraí a ndéantar foráil maidir leo in Airteagal 14([...]2) (c), (d), (e), (f) agus [g] a aisghabháil agus a iompórtáil go díreach ó VIS i gcomhréir le hAirteagal 7 den Rialachán seo agus le hAirteagal 18a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

4. Más rud é nár cláraíodh náisiúnach tríú tír roimhe in EES, cruthóidh an t-údarás seiceála teorann sainchomhad an duine sin, trí na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus (6), in Airteagal 15(1) agus in Airteagal 16(1) a iontráil de réir mar is infheidhme.
5. I gcás ina n-úsáideann náisiúnach tríú tír córas féinfhreastail chun sonraí a réamhchlárú, beidh feidhm ag Airteagal 8(c) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 maidir leis. Sa chás sin, féadfaidh an náisiúnach tríú tír sonraí an tsainchomhaid a réamhchlárú nó, más infheidhme, na sonraí sa taifead ar dhul isteach/imeacht is gá a nuashonrú. Is iad na húdaráis seiceála [...] teorann a dhéanfaidh na sonraí a dheimhniú tráth a bheidh an cinneadh déanta cead isteach a údarú nó a dhiúltú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/399. An fíorú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cuirfear i gcrích é tríd an gcóras féinfhreastail. Na sonraí a liostaítear in Airteagal 14([...]2) (c), (d), (e), (f) agus [g] , féadfar iad a aisghabháil agus a iompórtáil go huathoibríoch [...]ó VIS.
6. I gcás ina n-úsáideann náisiúnach tríú tír córas féinfhreastail chun seiceálacha teorann a dhéanamh, beidh feidhm ag Airteagal 8(d) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 maidir leis. Sa chás sin, an fíorú dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, cuirfear i gcrích é tríd an gcóras féinfhreastail.
7. I gcás ina n-úsáideann náisiúnach tríú tír ríomhgheata chun an teorainn sheachtrach a thrasnú, beidh feidhm ag Airteagal 8(d) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 maidir leis. Sa chás sin, is tríd an ríomhgheata a dhéanfar an taifead ar an dul isteach/imeacht ábhartha agus an nasc leis an sainchomhad lena mbaineann a chlárú.
8. I gcás inar gá sainchomhad a chruthú nó íomhá den aghaidh dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(f) agus in Airteagal 15(1)(b), a nuashonrú tógfar an íomhá den aghaidh beo agus, i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, [...] bainfear í go leictreonach ó na doiciméid leictreonacha taistil meaisín-inléite (eMRTD) agus cuirfear isteach sa sainchomhad í tar éis fíorú leictreonach a dhéanamh [...] go bhfuil an íomhá den aghaidh atá cláraithe i slis eMRTD ag teacht leis an íomhá bheo d'aghaidh an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann.

9. Gan dochar d'Airteagal 18 den Rialachán seo ná d'Airteagal 12(3) de Rialachán (AE) 2016/399, maidir le fanacht údaraithe náisiúnaigh tríú tír atá i láthair ar chríoch Ballstáit, más rud é go gcuirtear tús leis díreach tar éis an fhanachta bunaithe ar chead cónaithe nó ar víosa fadfhanachta agus nár cruthaíodh aon sainchomhad, féadfaidh na húdaráis inniúla, de réir Airteagal 8(2), sainchomhad agus taifead ar dhul isteach/imeacht a chruthú trí na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1), (2) agus (6) agus in Airteagal 15(1) a iontráil. In ionad na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(2)(a), cuirfidh siad isteach dáta tosaithe an fhanachta údaraithe agus, in ionad na sonraí in Airteagal 14(2)(b), cuirfidh siad isteach an t-údarás a d'údaraigh an fanacht údaraithe.

Airteagal 14

Sonraí pearsanta i gcás [...] náisiúnach tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa

1. Ag na teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm, cruthóidh an t-údarás seiceála teorann sainchomhad an [...] náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa(...) trí na sonraí seo a leanas a iontráil:
- (a) an sloinne (ainm an teaghlaigh); an chéad ainm (na chéad ainmneacha); dáta breithe; náisiúntacht nó náisiúntachtaí; inscne;
 - (b) cineál agus uimhir an doiciméid nó na ndoiciméad taistil agus cód trí litir na tíre eisiúna;
 - (c) an dáta a rachaidh bailíocht an doiciméid (na ndoiciméad) taistil in éag;
 - (d) [...]
 - (e) [...]
 - (f) an íomha den aghaidh agus í tógtha go beo [...], i gcás inar féidir [...], agus i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, [...] bainte go leictreonach ó eMRTD;
 - (g) [...]

2. Tráth gach dul isteach do náisiúnach tríú tír faoi réir ceanglas víosa, ag teorainn ag a bhfuil EES i bhfeidhm, cuirfear na sonraí seo a leanas isteach i dtaifead ar dhul isteach/imeacht. Déanfar an taifead sin a nascadh le sainchomhad an náisiúnaigh tríú tír sin tríd an uimhir thagartha aonair a úsáid a cruthaíodh trí EES tráth a cruthaíodh an comhad sin:
- (a) dáta agus am an dul isteach;
 - (b) an pointe trasnaithe teorann agus an t-údarás a d'údaraigh an dul isteach;
 - (c) i gcás inarb infheidhme, stádas an duine lena dtugtar le fios gurb é atá ann náisiúnach tríú tír ar ball é de theaghlach saoránaigh den Aontas, saoránach a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis, nó náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus nach bhfuil cárta cónaithe dá dtagraítear faoi Threoir 2004/38/CE aige.
 - (d) uimhir greamáin na víosa gearrfhanachta, lena n-áirítear cód trí litir an Bhallstáit eisiúna, an cineál víosa gearrfhanachta, an dáta a rachaidh fad uasta an fhanachta in éag arna údarú leis an víosa ghearrfhanachta agus nach mór a nuashonrú tráth gach dul isteach agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa gearrfhanachta in éag, más infheidhme;
 - (e) ar dhul isteach an chéad uair ar bhonn na víosa gearrfhanachta, an líon dul isteach agus fad an fhanachta arna údarú leis an víosa ghearrfhanachta a thugtar le fios ar ghreamán na víosa gearrfhanachta;
 - (f) i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis lena dtugtar le fios gur le bailíocht chríochach theoranta a eisíodh an víosa, ar bhonn Airteagal 25(1)(b) de Rialachán (CE) 810/2009;
 - (g) [uimhir greamáin na víosa camchuarite, an cineál víosa camchuarite, agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa camchuarite in éag, más infheidhme.]
3. Tráth gach imeachta, ag teorainn ag a bhfuil EES i bhfeidhm déanfar na sonraí seo a leanas a iontráil sa taifead ar dhul isteach/imeacht a nasctar le sainchomhad an [...] náisiúnaigh tríú tír sin atá faoi réir ceanglas víosa:

- (a) dáta agus am an imeachta;
- (b) pointe trasnaithe teorann an imeachta.
- (c) Maidir le náisiúnach tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa, i gcás ina n-úsáideann sé víosa atá éagsúil leis an víosa a taifeadadh sa taifead is déanaí ar dhul isteach, déanfar na sonraí maidir leis an taifead ar dhul isteach/imeacht a liostaítear i mír 2(d), (e), (f) agus [(g)] a nuashonrú dá réir.

- 4. I gcás nach ann do shonraí maidir le himeacht go díreach tar éis an dáta a rachaidh an fanacht údaráithe [...] in éag, cuirfear marc nó bratach leis an taifead ar dhul isteach/imeacht sa chóras agus déanfar sonraí an [...] náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa atá sainaitheanta mar rófhantóir a iontráil sa liosta dá dtagraítear in Airteagal 11.
- 5. D'fhonn an [...] taifead ar dhul isteach/imeacht [...] náisiúnaigh tríú tír a iontráil nó a nuashonrú faoi réir ceanglas víosa, féadfaidh an t-údarás seiceála teorann na sonraí dá bhforáiltear i mír 2 (c), (d), (e), (f) agus [(g)] a aisghabháil agus a iompórtáil go huathoibríoch [...] ó VIS i gcomhréir le hAirteagal 18a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.
- 6. I gcás inarb ábhartha, cuirfidh na Ballstáit fógra sa sainchomhad má bhaineann an náisiúnach tríú tír tairbhe as a gclár éascaithe náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 8e de Rialachán (AE) 2016/399, lena sonrófar clár éascaithe náisiúnta an Bhallstáit lena mbaineann. Ní chuirfear an fógra ar fáil ach don Bhallstát sin amháin a mbeidh clár den sórt sin á chur chun feidhme aige agus do na Ballstáit sin a mbeidh comhaontú tugtha i gcrích acu leis an mBallstát a thug an rochtain dá dtagraítear faoi Airteagal 8e(4) de Rialachán (AE) 2016/399.
- 7. Beidh feidhm ag na forálacha sonracha a leagtar amach in Iarscríbhinn II maidir le náisiúnaigh tríú tír a théann thar teorainn ar bhonn Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) bailí arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) 693/2003.

Airteagal 15

Sonraí pearsanta náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa

1. [...] Cruthóidh an t-údarás seiceála teorann [...] sainchomhad do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa tríd na sonraí seo a leanas a iontráil
 - a) [...] dá bhforáiltear in Airteagal 14(1) (a), (b) agus (c) [...];
 - b) an íomha den aghaidh agus í tógtha go beo, i gcás inar féidir, agus i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, í bainte go leictreonach ó eMRTD;
 - c) [...] sonraí méarlorg[...];
 - d) i gcás inarb ábhartha sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 14(6).
- 1a. Maidir le náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa, beidh feidhm ag Airteagal 14(2)(a), (b) agus (c), Airteagal 14(3), (a) agus (b) agus Airteagal 14(4) maidir leo.
2. Beidh leanaí faoi 12 bhliain d'aois díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt [...].
3. Na daoine sin nach féidir leo méarloirg a thabhairt ar chúis fhisiciúil, beidh siad díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt [...].

Mar sin féin, i gcás inar cúis shealadach í an neamhfhéidearthacht fhisiciúil, déanfar é sin a thaifeadadh sa chóras agus ceanglófar ar an duine na méarloirg a thabhairt ar imeacht dóibh nó an chéad uair eile a thiocfaidh siad isteach. Beidh na húdaráis seiceála teorann i dteideal tuilleadh soiléirithe a iarraidh maidir leis an dodhéantacht shealadach chun méarloirg a sholáthar. Scríosfar an fhaisnéis sin ón gcóras a thúsce a thabharfar na méarloirg.

Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil nósanna imeachta iomchuí ann chun dínit an duine a ráthú i gcás deacrachtaí a bheith acu méarloirg a fháil.

4. I gcás ina bhfuil an duine lena mbaineann díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt [...] de bhun mhír 2 nó mhír 3, breacfar 'neamhbhainteach' síos sa réimse sonrach sonraí sin. [...]

Airteagal 16

Sonraí pearsanta náisiúnach tríú tír dár diúltaíodh cead isteach

1. I gcás inar chinn údarás seiceála teorann, i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 agus le hlarscríbhinn V den Rialachán sin, cead isteach ar chríocha na mBallstát a dhiúltú don náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 2(2) den Rialachán seo, agus i gcás nár cláraíodh aon chomhad roimhe sin in EES maidir leis an náisiúnach tríú tír sin, cruthóidh an t-údarás seiceála teorann sainchomhad ina gcuirfidh sé an méid seo a leanas:

- (a) na sonraí a cheanglaítear de bhun Airteagal 14(1) agus, i gcás inarb ábhartha, na sonraí dá dtagraítear faoi Airteagal 14(6) i gcás [...] náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa [...]
- (b) na sonraí a cheanglaítear de bhun Airteagal 15(1) i gcás náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó víosaí a bheith acu agus i gcás náisiúnach tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa más rud é gur fhóraigh an t-údarás seiceála teorann nach bhfuil an náisiúnach tríú tír cláraithe in VIS.

Má dhiúltaíonn náisiúnach tríú tír sonraí bithmhéadracha a thabhairt, cruthóidh an t-údarás seiceála teorann sainchomhad gan sonraí bithmhéadracha. Má tá eMRTD ag an náisiúnach tríú tír, bainfear an íomhá den aghaidh ó eMRTD sin.

2. I gcás náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa [...] agus náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas víosa, iontrálfar na sonraí seo a leanas i dtaifead ar leith ar dhiúltú cead isteach:

- (a) dáta agus am an diúltaithe cead isteach,
- (b) an pointe trasnaithe teorann,

- (c) an t-údarás a dhiúltaigh an cead isteach,
- (d) an litir (na litreacha) ina dtugtar an chúis (na cúiseanna) leis an gcead isteach a dhiúltú, i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2016/399.

Ina theannta sin, i dtaca leis na náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa, iontrálfar na sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 14(2)(d), (e), (f) agus [(g)] sa taifead ar dhiúltú cead isteach.

D'fhonn taifead ar dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa a chruthú nó a nuashonrú, féadfaidh na húdaráis seiceála teorann na sonraí dá bhforáiltear in Airteagal 14(2)(d), (e), (f) agus[(g)] a aisghabháil agus a iompórtáil go huathoibríoch ó VIS isteach in EES i gcomhréir le hAirteagal 18a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

3. [...] Déanfar an taifead dá bhforáiltear i mír 2 a nascadh [...] le [...] sainchomhad an náisiúnaigh tríú tír.

Airteagal 17

Sonraí a bheidh le cur leis an taifead i gcás ina ndéantar údarú gearrfhanachta [...] a chúlghairm, a neamhniú nó síneadh a chur leis

1. I gcás ina ndéantar cinneadh údarú gearrfhanachta [...] nó víosa a chúlghairm nó a neamhniú nó síneadh a chur le fad an fhanachta údaráithe nó leis an víosa, cuirfidh an t-údarás inniúil a rinne an cinneadh na sonraí seo a leanas leis an taifead ar dhul isteach/imeacht ábhartha is déanaí [...]:
 - (a) faisnéis faoin stádas lena léirítear go ndearnadh an t-údarú gearrfhanachta [...] nó an víosa a chúlghairm nó a neamhniú nó gur cuireadh síneadh le fad an fhanachta údaráithe nó leis an víosa;
 - (b) céannacht an údaráis a rinne an t-údarú gearrfhanachta [...] a chúlghairm nó a neamhniú nó a chuir síneadh le fad an fhanachta údaráithe nó leis an víosa;
 - (c) an áit agus an dáta a cinneadh an t-údarú gearrfhanachta [...] nó an víosa a chúlghairm nó a neamhniú nó síneadh a chur le fad an fhanachta údaráithe nó leis an víosa;

(d) más infheidhme, uimhir greamáin nua na víosa lena n-áirítear cód trí litir na tíre eisiúna;

(e) más féidir, tréimhse an tsínidh ar [...] fhad an fhanachta údaráithe;

(f) más féidir, an dáta nua a rachaidh an [...] fanacht údaráithe nó an víosa in éag.

1a. I gcás ina mbeidh síneadh curtha le fad an fhanachta údaráithe i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Choinbhinsiún lena gcuirtear Comhaontú Schengen chun feidhme, cuirfidh an t-údarás inniúil na sonraí maidir le tréimhse an tsínidh ar fhad an fhanachta údaráithe leis an taifead ar dhul isteach/imeacht ábhartha is déanaí.

2. I gcás inar cinneadh víosa a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur léi, déanfaidh an t-údarás víosaí a ghlac an cinneadh na sonraí dá bhforáiltear i mír 1 den Airteagal seo a aisghabháil agus a iompórtáil go huathoibríoch ó VIS go díreach isteach in EES i gcomhréir le hAirteagal 13 agus le hAirteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

3. Cuirfear in iúl sa taifead ar dhul isteach/imeacht an foras nó na forais le fanacht údaráithe [...] a chúlghairm nó a neamhniú, mar a leanas:

(a) [...] cinneadh maidir le fillleadh a glacadh de bhun Threoir 2008/115/CE¹;

(b) aon chinneadh eile arna dhéanamh ag údaráis inniúla an Bhallstáit, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, a fhágann go bhfillfear nó go ndíbreofar an náisiúnach tríú tír nó go bhfágfaidh sé, ar náisiúnach tríú tír é nach gcomhlíonann na coinníollacha le haghaidh dul isteach i gcríocha na mBallstát nó le haghaidh fanacht údaráithe inti nó nach bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh aige a thuilleadh.

4. Cuirfear in iúl sa taifead ar dhul isteach/imeacht na forais le síneadh a chur le fanacht údaráithe.

¹ Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go mídhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

5. Nuair a fhágann duine nó nuair a dhíbrítear é ó chríocha na mBallstát de bhun cinneadh dá dtagraítear i mír 3, iontrálfaidh an t-údarás inniúil na sonraí, i gcomhréir le hAirteagal 13(2), sa taifead sonrach sin ar dhul isteach/imeacht.

Airteagal 18

Sonraí a bheidh le cur leis i gcás ina mbréagnófar an toimhde nach gcomhlíonann an náisiúnach tríú tír na coinníollacha maidir le fad fhanachta údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE) 2016/399

Gan dochar d'Airteagal 20, i gcás [...] nach bhfuil sainchomhad cruthaithe in EES ag náisiúnach tríú tír atá i láthair ar chríoch Ballstáit [...] nó i gcás nach bhfuil aon taifead ar an dul isteach/imeacht ábhartha is déanaí [...], féadfaidh na húdaráis inniúla a thoirmeachú nach gcomhlíonann an náisiúnach tríú tír na coinníollacha a bhaineann le fad an fhanachta údaraithe laistigh de [...] chríoch na mBallstát, nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh iad.

Ina theannta sin, gan dochar d'Airteagal 20, féadfaidh na húdaráis inniúla a thoirmeachú nár chomhlíon náisiúnach tríú tír na coinníollacha a bhaineann le fad an fhanachta údaraithe roimhe sin má thagann sé chun solais le linn na seiceálacha teorann ar dhul isteach don duine sin nach bhfuil dáta imeachta i dtaifead ar dhul isteach/imeacht an náisiúnaigh tríú tír sin roimhe sin.

Sa chás sin beidh feidhm ag Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 agus má bhréagnaítear an toimhde sin trí chruthúnas a thabhairt go gcomhlíonann an náisiúnach tríú tír lena mbaineann na coinníollacha maidir le fhanacht údaraithe [...], cruthóidh na húdaráis inniúla sainchomhad don náisiúnach tríú tír sin in EES más gá, nó déanfaidh siad an taifead is déanaí ar dhul isteach/imeacht a nuashonrú trí na sonraí atá ar lár a iontráil i gcomhréir le hAirteagal 14 agus le hAirteagal 15 nó déanfaidh siad an comhad atá ann a scríosadh i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 32.

Airteagal 19

Nósanna imeachta cúltaca i gcás neamhfhéidearthacht theicniúil a fhágann nach féidir sonraí a iontráil nó i gcás chliseadh EES

1. I gcás neamhfhéidearthacht theicniúil a fhágann nach féidir sonraí a iontráil sa lárchóras nó i gcás chliseadh an lárchórais, déanfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 14, 15, 16, 17 agus 18 a stóráil go sealadach sa chomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a ndéantar foráil maidir leis in Airteagal 6. Murar féidir sin, stórálfar na sonraí go háitiúil ar bhonn sealadach. [...] I ngach cás, déanfar na sonraí a iontráil i lárchóras EES a luaithe a leigheasfar an neamhfhéidearthacht theicniúil nó an cliseadh. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is iomchuí agus cuirfidh siad an bonneagar, an trealamh agus na hacmhainní is gá ar obair chun a áirithiú gur féidir stóráil áitiúil den sórt sin a dhéanamh tráth ar bith agus sin ag aon cheann dá gcuid pointí trasnaithe teorann.
2. Sa chás eisceachtúil nach mbeidh an fhéidearthacht theicniúil ann an clárú a dhéanamh sa lárchóras, sa chomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta agus nuair nach mbeifear in ann an stóráil a dhéanamh go leictreonach agus go háitiúil de bharr cúinsí teicniúla, stórálfaidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 14, 15, 16, 17, agus 18 de láimh seachas na sonraí bithmhéadracha agus ina theannta sin greamóidh siad stampa iontrála nó imeachta de dhoiciméad taistil an náisiúnaigh tríú tír. Iontrálfar na sonraí sin a stóráiltear de láimh sa chóras a luaithe is féidir.
Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi dhoiciméid taistil a stampáil i gcásanna eisceachtúla a luaitear sa chéad fhomhír. Rialacha mionsonraithe i leith na modúlachtaí chun an Coimisiún a chur ar an eolas, glacfar i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(2) iad.
3. Maidir leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 14, 15, 16, 17 agus 18, cuirfidh EES in iúl gur iontráladh na sonraí sin le linn nós imeachta cúltaca agus go bhfuil sonraí bithmhéadracha ar iarraidh ón sainchomhad a cruthaíodh de réir mhír 2.

Airteagal 20

Idirthréimhse agus bearta idirthréimhseacha

1. Go ceann tréimhse sé mhí tar éis do EES teacht i bhfeidhm, chun a fhíorú ar dhul isteach dó nár sháraigh an náisiúnach tríú tír an líon dul isteach a údaraítear leis an víosa ghearrfhanachta arna heisiúint chun dul isteach uair amháin nó dhá uair [...] agus chun a fhíorú ar dhul isteach dóibh agus ar imeacht dóibh nár fhan náisiúnaigh tríú tír [...] níos faide ná [...] fad an uasfhanachta údaráithe, cuirfidh na húdaráis inniúla seiceála teorann san áireamh na tréimhsí fhanachta ar chríocha na mBallstát le linn an 180 lá roimh an dul isteach nó roimh an imeacht ní hamháin trí na sonraí dul isteach/imeachta atá ar taifead in EES a sheiceáil ach trí na stampaí a sheiceáil sna doiciméid taistil freisin.
2. I gcás inar tháinig náisiúnach tríú tír isteach i gcríoch na mBallstát agus nár imigh sé amach as sular tháinig EES i bhfeidhm, cruthófar sainchomhad agus iontrálfar dáta an dul isteach sin, mar atá stampáilte ar an bpas, sa taifead ar dhul isteach/imeacht i gcomhréir le hAirteagal 14(2) ar imeacht don náisiúnach tríú tír arís. Ní bheidh an riail sin teoranta do na sé mhí tar éis do EES teacht i bhfeidhm, dá dtagraítear i mír 1. I gcás ina bhfuil neamhréir idir an stampa dul isteach agus an dáta atá ar taifead in EES, is ag an stampa a bheidh tosaíocht.

Airteagal 21

Sonraí a úsáid lena bhfíorú ag na [...] teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm

1. Beidh rochtain ag údaráis seiceála teorann ar EES chun céannacht náisiúnaigh tríú tír agus aon chlárú a rinneadh air roimhe sin a fhíorú, chun na sonraí atá cláraithe in EES a nuashonrú más gá agus chun na sonraí a cheadú sa mhéid is gá chun cúraimí seiceála [...] teorann a dhéanamh.
2. De bhun mhír 1, beidh rochtain ag na húdaráis seiceála teorann chun cuardach a dhéanamh leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(a), (b) agus (c) agus in Airteagal 15(1)(a).

Ina theannta sin, i dtaca leis na náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa, déanfaidh na húdaráis seiceála teorann [...] cuardach a sheoladh in VIS go díreach ó EES, i gcás inar gá, agus na sonraí alfa-uimhriúla céanna á n-úsáid acu chun VIS a cheadú chun críocha fíorú [...] i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm.

Más amhlaidh go léiríonn an cuardach in EES leis na sonraí sin go bhfuil sonraí faoin náisiúnach tríú tír ar taifead in EES, déanfaidh na húdaráis seiceála teorann íomhá bheo d'aghaidh an náisiúnaigh tríú tír a chur i gcomparáid leis an íomhá den aghaidh dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(f) agus in Airteagal 15(1)(b) [...] nó déanfaidh na húdaráis seiceála teorann, i gcás náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó víosaí a bheith acu, méarloirg a fhíorú trína seiceáil in EES agus i gcás [...] náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa, déanfaidh siad na méarloirg a fhíorú trína seiceáil go díreach in VIS i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 767/2008. I gcás méarloirg sealbhóirí víosa a fhíorú in VIS, féadfaidh na húdaráis seiceála teorann an cuardach a sheoladh in VIS go díreach ó EES mar a fhoráiltear in Airteagal 18(6) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

Murar féidir íomhá den aghaidh a fhíorú, déanfar an fíorú trí mhéarloirg a úsáid agus vice versa.

3. Má léiríonn an cuardach a dhéantar leis na sonraí a leagtar amach i mír 2 go bhfuil sonraí maidir leis an náisiúnach tríú tír ar taifead in EES, tabharfar rochtain don údaráis [...] seiceála teorann chun na sonraí i sainchomhad an náisiúnaigh tríú tír sin a cheadú mar aon leis an taifead nó na taifid ar dhul isteach/imeacht nó an taifead/na taifid ar dhiúltú cead isteach atá nasctha leis an gcomhad sin.
4. Má léiríonn an cuardach leis na sonraí alfa-uimhriúla a leagtar síos i mír 2 nach bhfuil sonraí faoin náisiúnach tríú tír ar taifead in EES, i gcás nach féidir sonraí an náisiúnaigh tríú tír a fhíorú de bhun mhír 2 den Airteagal seo nó i gcás ina bhfuil amhras ann faoi chéannacht an náisiúnaigh tríú tír, beidh rochtain ag na húdaráis seiceála teorann ar shonraí chun sainathint a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 25.

Ina theannta sin, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa [...], má léiríonn an cuardach in VIS a dhéantar leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, go bhfuil sonraí an náisiúnaigh tríú tír ar taifead in VIS, déanfar fíorú méarlorg in VIS i gcomhréir le hAirteagal 18(5) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Chun na críche sin, féadfaidh an t-údarás [...] seiceála teorann cuardach a sheoladh ó EES go VIS mar a fhoráiltear dó in Airteagal 18(6) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. I gcásanna nárbh fhéidir an duine a fhíorú de bhun mhír 2 den Airteagal seo, beidh rochtain ag na húdaráis seiceála teorann ar shonraí VIS chun sainathint a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.
- (b) maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil faoi réir ceanglas víosa [...] agus nach bhfuil teacht orthu in EES de thoradh an chuardaigh aitheantais arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 25, ceadófar VIS i gcomhréir le hAirteagal 19(a) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Féadfaidh an t-údarás [...] seiceála teorann cuardach a sheoladh ó EES go VIS mar a fhoráiltear in Airteagal 19a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

5. [...].

CAIBIDIL III

Údaráis eile d'iontráil sonraí agus d'úsáid EES

Airteagal 22

EES a úsáid chun [...] víosa a scrúdú agus chun cinntí a dhéanamh ina leith

1. Ceadóidh údaráis víosaí EES chun iarratais ar víosa a scrúdú agus chun cinntí a bhaineann leis na hiarratais sin a ghlacadh, lena n-áirítear cinntí maidir le tréimhse bailíochta víosa eisithe a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur léi, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de chuid Rialachán (AE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.¹

Ina theannta sin, i gcás údaráis víosaí de chuid Ballstát nach gcuireann i bhfeidhm acqui Schengen ina iomláine fós, ach ina bhfuil EES i bhfeidhm, ceadóidh siad EES nuair a bheidh iarratais ar víosaí gearrfhanachta náisiúnta á scrúdú acu agus nuair a bheidh cinntí á nglacadh acu maidir leis na hiarratais sin, lena n-áirítear cinntí maidir le tréimhse bailíochta víosa gearrfhanachta náisiúnta a eisíodh a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur léi.

2. Tabharfar cead don údarás víosaí cuardach a dhéanamh in EES go díreach ó VIS le rogha amháin nó níos mó de na sonraí seo a leanas:
 - (a) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(a), (b) agus (c) agus in Airteagal 15(1)(a);
 - (b) uimhir greamáin na víosa gearrfhanachta, lena n-áirítear cód trí litir an Bhallstáit eisiúna dá dtagraítear in Airteagal 14([...] 2)(d);
 - (c) na sonraí bithmhéadracha dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(f) agus in Airteagal 15(1)(b) and (c).
 - (d) [uimhir greamáin na víosa camchuarite den víosa chamchuarite dá dtagraítear in Airteagal 14(2)(g)];

¹ Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1)

3. Má léiríonn an cuardach a dhéantar leis na sonraí a leagtar amach i mír 2 go bhfuil sonraí maidir leis an náisiúnach tríú tír ar taifead in EES, tabharfar rochtain do na húdaráis víosaí sonraí i sainchomhad an náisiúnaigh tríú tír sin agus na taifid ar dhul isteach/imeacht a cheadú, chomh maith leis an taifead ar dhiúltú ar chead isteach, atá nasctha leis. Tabharfar rochtain do na húdaráis víosaí chun an t-áireamhán uathoibrithe a cheadú d'fhonn fad uasta an fhanachta údaraithe atá fágtha a sheiceáil. Beidh siad ábalta EES agus a áireamhán a cheadú freisin nuair a bheidh iarratas nua ar víosa á scrúdú acu agus cinneadh á dhéanamh acu ina leith, d'fhonn fad uasta fhanachta údaraithe a chinntiú go huathoibríoch.

Airteagal 23

EES a úsáid chun iarratais ar rochtain ar chláir éascaithe náisiúnta a scrúdú

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 8(e) de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 EES a cheadú chun críocha iarratais ar rochtain ar chláir éascaithe náisiúnta a scrúdú dá dtagraítear san Airteagal sin maidir le húsáid EES agus maidir le cinntí a ghlacadh a bhaineann leis na hiarratais sin, lena n-áirítear cinntí chun tréimhse bailíochta na rochtana ar chláir éascaithe náisiúnta a dhiúltú, a chúlghairm nó síneadh a chur leo i gcomhréir leis an Airteagal sin.
2. Tabharfar rochtain don údarás inniúil chun cuardach a dhéanamh le rogha amháin nó níos mó de na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(a), (b), (c), agus (f) agus in Airteagal 15 (1) (a), (b) agus (c).
3. Má léiríonn an cuardach a dhéantar leis na sonraí a leagtar amach i mír 2 go bhfuil sonraí maidir leis an náisiúnach tríú tír ar taifead in EES, tabharfar rochtain don údarás inniúil na sonraí i sainchomhad an náisiúnaigh tríú tír sin agus na taifid ar dhul isteach/imeacht a cheadú, chomh maith leis na taifid ar dhiúltú ar chead isteach, atá nasctha leis.

Airteagal 24

Rochtain ar shonraí chun críocha fíorú laistigh de chríoch na mBallstát

1. Chun céannacht an náisiúnaigh tríú tír a fhíorú agus/nó chun a sheiceáil nó a fhíorú an bhfuil na coinníollacha a bhaineann le dul isteach i gcríoch na mBallstát nó fanacht inti ar bhonn údaraithe á gcomhlíonadh, beidh rochtain ag údaráis inimirce na mBallstát [...] chun cuardach a dhéanamh leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(a), (b) [...] (c) agus in Airteagal 15(1)(a).

Más amhlaidh go léiríonn an cuardach go bhfuil sonraí faoin náisiúnach tríú tír ar taifead in EES, [...] féadfaidh na húdaráis inimirce [...] íomhá bheo d'aghaidh an náisiúnaigh tríú tír a chur i gcomparáid leis an íomhá den aghaidh dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(f) agus in Airteagal 15(1)(b) [...] nó [...] féadfaidh na húdaráis inimirce [...], i gcás náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó víosaí a bheith acu, na méarloirg a fhíorú in EES agus i gcás [...] náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa in VIS i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

2. Má léiríonn an cuardach a dhéantar leis na sonraí a leagtar amach i mír 1 go bhfuil sonraí faoin náisiúnach tríú tír ar taifead in EES, tabharfar rochtain don údarás inimirce [...] na sonraí i sainchomhad an duine sin a cheadú, [...] chomh maith leis an taifead nó na taifid ar dhul isteach/imeacht, an t-áireamhán uathoibrithe agus an taifead nó na taifid ar dhiúltú ar chead isteach atá nasctha leis.
3. Má léiríonn an cuardach leis na sonraí a leagtar amach i mír 1 nach bhfuil sonraí faoin náisiúnach tríú tír ar taifead in EES, i gcás nach féidir sonraí an náisiúnaigh tríú tír a fhíorú nó i gcás ina bhfuil amhras ann faoi chéannacht an náisiúnaigh tríú tír, beidh rochtain ag na húdaráis [...] inimirce ar shonraí chun sainaitheint a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 25.

Airteagal 25

Rochtain ar shonraí chun sainaithint a dhéanamh

1. Beidh rochtain ag údaráis seiceála teorann nó údaráis inimirce chun cuardach a dhéanamh le sonraí bithmhéadracha na náisiúnach tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(f) agus in Airteagal 15(1) (b) agus (c), chun aon náisiúnach tríú tír a aithint, agus chun na críche sin amháin, is náisiúnach tríú tír a d'fhéadfadh a bheith cláraithe roimhe sin in EES faoi chéannacht eile nó nach gcomhlíonann, nó nach gcomhlíonann a thuilleadh, na coinníollacha le haghaidh dul isteach nó, le haghaidh fanacht údaráithe ar chríoch na mBallstát, „ [...]]

I gcás go léiríonn an cuardach leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(f) agus in Airteagal 15(1) (b) agus (c) nach bhfuil na sonraí faoin náisiúnach tríú tír sin ar taifead in EES, tabharfar rochtain ar shonraí VIS chun sainaithint a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Ag teorainneacha [...] ag a bhfuil EES i bhfeidhm, sula ndéantar aon sonraí a fhíorú in VIS, déanfaidh na húdaráis inniúla VIS a rochtain ar dtús i gcomhréir le hAirteagal 18 nó le hAirteagal 19a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

I gcás nach féidir méarloirg an náisiúnaigh tríú tír sin a úsáid nó i gcás inar theip ar an gcuardach le méarloirg [...], déanfar an cuardach leis na sonraí uile dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(a), (b), (c), agus in Airteagal 15(1)(a) nó le cuid de na sonraí sin.

2. Má léiríonn an cuardach a dhéantar leis na sonraí a leagtar amach i mír 1 go bhfuil sonraí maidir leis an náisiúnach tríú tír ar taifead in EES, tabharfar rochtain don údarás inniúil na sonraí atá sa sainchomhad, [...] na taifid ar dhul isteach/imeacht agus na taifid ar dhiúltú ar chead isteach atá nasctha leis a cheadú.

Airteagal 25a

Rochtain ar shonraí chun iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a scrúdú

1. Chun éascaíocht a dhéanamh do scrúdú ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus chun na críche sin amháin, beidh rochtain ag na húdaráis chinntitheacha ar EES chun cuardach a dhéanamh leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus in Airteagal 15 (1) (a), (b), (c).
2. Má léiríonn an cuardach a dhéantar leis na sonraí a liostaítear i mír 1 go bhfuil sonraí náisiúnaigh tríú tír ar taifead in EES, tabharfar rochtain do na húdaráis inniúla chinntitheacha chun na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1), (2), (3)(a), (3)(b) agus (4) agus in Airteagal 15(1)(a), (b), (c) a cheadú, chun na críche dá dtagraítear i mír 1, agus chun na críche sin amháin.

[Airteagal 25b

Rochtain ar shonraí chun freagracht as iarratais ar thearmann a chinneadh

1. Chun na Ballstáit atá freagrach as iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a chinneadh, agus chun na críche sin amháin, beidh rochtain ag na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 604/2013 chun cuardach a dhéanamh in EES leis na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1) agus in Airteagal 15(1)(a), (b) agus (c).
2. Má léiríonn an cuardach a dhéantar leis na sonraí a liostaítear i mír 1 go bhfuil sonraí náisiúnaigh tríú tír ar taifead in EES, tabharfar rochtain d'údarás inniúil an Bhallstáit faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) 604/2013 chun na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1), (2)(a) agus (2)(b), agus in Airteagal 15(1)(a), (b) agus (c) a cheadú, chun na críche dá dtagraítear i mír 1, agus chun na críche sin amháin.]

CAIBIDIL IV:

Nós imeachta agus coinníollacha rochtana ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí

Airteagal 26

Údaráis ainmnithe [...] na mBallstát

1. Ainmneoidh na Ballstáit na húdaráis [...] dá dtagraítear faoi Airteagal 3(1)(26a) atá i dteideal na sonraí atá stóráilte in EES a cheadú chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.
2. Coimeádfaidh gach Ballstát liosta de na húdaráis ainmnithe. Tabharfaidh gach Ballstát fógra [...] do eu-LISA agus don Choimisiún maidir lena chuid údarás ainmnithe agus féadfaidh siad fógra eile a chur in ionad an fhógra nó é a leasú tráth ar bith. [...]
3. Ainmneoidh gach Ballstát lárphointe rochtana a mbeidh rochtain aige ar EES. [...]. Áiritheoidh [...] an lárphointe rochtana go ndéanfar na coinníollacha chun rochtain a iarraidh ar EES a chomhlíonadh a leagtar síos in Airteagal 29 den Rialachán seo.

Féadfaidh an t-údarás ainmnithe agus an lárphointe rochtana a bheith mar chuid den eagraíocht chéanna má cheadaítear sin faoin dlí náisiúnta. [...] Gníomhóidh an lárphointe rochtana go neamhspleách ar na húdaráis ainmnithe agus a chúraimí á gcomhlíonadh aige faoin Rialachán seo. Beidh an lárphointe rochtana ar leithligh ó na húdaráis ainmnithe agus ní bhfaighidh sé teoracha uathu maidir le toradh an fhíoraithe.

Ag brath ar a struchtúr eagraíochtúil agus riaracháin, féadfaidh na Ballstáit níos mó ná lárphointe rochtana amháin a ainmniú chun a gceanglais bhunreachtúla nó dhlíthiúla a chomhlíonadh.

4. Tabharfaidh gach Ballstát fógra [...] do eu-LISA agus don Choimisiún maidir lena lárphointe rochtana agus féadfaidh siad fógra eile a chur in ionad an fhógra nó é a leasú tráth ar bith.

5. Ar an leibhéal náisiúnta, coimeádfaidh gach Ballstát liosta de na haonaid oibríochtúla laistigh de na húdaráis ainmnithe atá údaraithe rochtain ar shonraí atá stóráilte in EES a iarraidh trí na lárphointí rochtana.
6. Is í foireann chuí-chumhachtaithe na lárphointí rochtana agus í sin amháin a bheidh údaraithe rochtain a fháil ar EES i gcomhréir le hAirteagal 28 agus le hAirteagal 29.

Airteagal 27

Europol

1. Ainmneoidh Europol údarás atá údaraithe rochtain ar EES a iarraidh trína lárphointe rochtana ainmnithe chun cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú. Beidh an t-údarás ainmnithe ina aonad oibríochtúil de chuid Europol.
2. Ainmneoidh Europol aonad speisialaithe ina mbeidh oifigigh chuí-chumhachtaithe Europol mar lárphointe rochtana. Fíoróidh an lárphointe rochtana go gcomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 30 maidir le rochtain a iarraidh ar EES.

I dtaca lena chúraimí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo, gníomhóidh an lárphointe rochtana go neamhspleách agus ní bhfaighidh sé teoracha ón údarás ainmnithe dá dtagraítear i mír 1 i dtaobh thoradh an fhíoraithe.

Airteagal 28

Nós imeachta le haghaidh rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí

1. Cuirfidh na haonaid oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 26(5) iarraidh réasúnaithe go leictreonach nó i scríbhinn faoi bhráid na lárphointí rochtana dá dtagraítear in Airteagal 26(3) chun rochtain a fháil ar shonraí atá stóráilte in EES. Ar iarraidh ar rochtain a fháil, fíoróidh na lárphointí rochtana an bhfuil na coinníollacha rochtana dá dtagraítear in Airteagal 29 á gcomhlíonadh. Más amhlaidh go bhfuil na coinníollacha rochtana á gcomhlíonadh, [...] déanfaidh na lárphointí rochtana na hiarrataí a phróiseáil. Cuirfear na sonraí a bhfuarthas rochtain orthu in EES ar aghaidh chuig na haonaid oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 26(5) ar bhealach nach sáróidh slándáil na sonraí sin.

2. [...] I gcás inar gá cion sceimhlitheoireachta nó garchontúirt a chosc a bhaineann le [...] cion tromchúiseach coiriúil eile, déanfaidh na lárphointí rochtana an iarraidh a phróiseáil láithreach agus ní fhíoróidh siad ar comhlíonadh na coinníollacha uile in Airteagal 29, lena n-áirítear an raibh cás [...] práinne ann i ndáiríre, ach amháin ar bhonn ex post. Déanfar an fíorú ex post gan moill mhíchuí i ndiaidh an iarraidh a phróiseáil.
3. I gcás ina gcinneann an fíorú ex post nach raibh údar leis an rochtain ar shonraí EES, déanfaidh na húdaráis uile a fuair rochtain ar na sonraí sin an fhaisnéis a raibh rochtain acu uirthi ó EES a scriosadh agus cuirfidh siad na lárphointí rochtana ar an eolas faoin scriosadh sin.

Airteagal 29

Coinníollacha maidir le rochtain ar shonraí EES d'údaráis ainmnithe na mBallstát

1. Féadfaidh údaráis ainmnithe EES a rochtain chun é a cheadú má chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (a) tá rochtain ar mhaithe le ceadú de dhíth chun críche cionta sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha coiriúla eile a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, rud a fhágann go bhfuil cuardach an bhunachair sonraí comhréireach más amhlaidh go bhfuil údar sáraitheach inné maidir le slándáil phoiblí ann;
 - (b) tá rochtain ar mhaithe le ceadú de dhíth i gcás ar leith;
 - (c) tá forais réasúnacha ann chun a mheas go bhféadfaidh ceadú sonraí EES a bheith ina [...] chuidiú chun aon cheann de na cionta coiriúla atá i gceist a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, go háirithe i gcás ina bhfuil amhras ann a bhfuil bunús tugtha leis go dtagann amhrastach, déantóir nó íospartach ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile faoi chatagóir atá cumhdaithe sa Rialachán seo;

2. Ceadófar rochtain ar EES mar uirlis sainaitheanta coirpeach chun críche amhrastach, déantóir nó íospartach amhrasta anaithnid ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile a shainaithint, nuair a chomhlíontar na coinníollacha a liostaítear i mír 1 agus nuair a dhéantar na coinníollacha breise seo a leanas a chomhlíonadh:

- (a) rinneadh cuardach roimh ré i mbunachair sonraí náisiúnta [...]
- (b) i gcás cuardaigh le méarloirg, seoladh cuardach roimh ré [...] i gcóras uathoibríthe um shainaithint [...] méarlorg na mBallstát eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil méarloirg a chur i gcomparáid.

Mar sin féin, ní bheidh feidhm ag na coinníollacha breise i bhfomhír (a) agus i bhfomhír (b) den mhír seo [...] i gcás ina bhfuil forais réasúnacha ann chun a chreidiúint nach ndéanfaí céannacht an duine is ábhar do na sonraí a fhíorú trí chomparáid a dhéanamh le córais na mBallstát eile nó i gcás inar gá cion sceimhlitheoireachta nó garchontúirt a bhaineann le cion tromchúiseach coiriúil eile a chosc. Cuirfear na forais réasúnacha sin san áireamh san iarraidh leictreonach nó i scríbhinn ar chomparáid a dhéanamh le sonraí EES a chuirfidh an t-aonad oibríochtúil [...] chuig na lárphointí rochtana.

Ós rud é nach stóráiltear sonraí méarlorg [...] náisiúnach tríú tíortha faoi réir ceanglas víosa ach amháin in VIS, féadfar iarraidh a thíolacadh le VIS a cheadú maidir leis an duine céanna is ábhar do na sonraí go comhuaineach le hiarraidh chun EES a cheadú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 2008/633/CGB [...].

3. Ceadófar rochtain ar EES mar uirlis faisnéise coiriúla chun stair taistil nó tréimhsí fanachta údaráithe ar chríoch na mBallstát [...] a cheadú maidir le hamhrastach, déantóir nó íospartach amhrasta aithnid ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile, nuair a chomhlíontar na coinníollacha a liostaítear i mír 1. [...]

4. Déanfar ceadú EES chun sainaithint a dhéanamh a theorannú do chuardach a dhéanamh sa sainchomhad [...] le rogha amháin nó níos mó de na sonraí EES seo a leanas:

- (a) Méarloirg [...] náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa nó sealbhóirí Doiciméid Idirthurais Éascaithe (FTD) arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) 693/2003. Chun an ceadú sin ar EES a sheoladh, féadfar méarloirg neamhfholasa a úsáid agus féadfar iad a chur i gcomparáid leis na méarloirg atá stóráilte in EES;
- (b) Íomha den aghaidh.

I gcás ina bhfaightear amas nuair a dhéantar EES a cheadú, tabharfar rochtain ar aon sonraí eile a bhaintear as an sainchomhad mar a liostaítear in Airteagal 14(1), 14(6), [...] in Airteagal 15(1) agus in Airteagal 16(1).

5. I gcás ina ndéantar EES a cheadú le haghaidh stair taistil an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, déanfar é a theorannú do chuardach le rogha amháin nó níos mó de na sonraí EES a leanas sa sainchomhad,[...] sna taifid ar dhul isteach/imeacht nó sa taifead ar dhiúltú cead isteach:

- (a) Sloinne (sloinnte) (ainm teaghlaigh)[...], ainm (ainmneacha) baiste, dáta breithe, náisiúntacht nó náisiúntachtaí agus/nó inscne;
- (b) Cineál agus uimhir an doiciméid taistil nó na ndoiciméad taistil, cód trí litir na tíre eisiúna agus an dáta a rachaidh bailíocht an doiciméid taistil in éag;
- (c) Uimhir an ghreamáin víosa agus an dáta a rachaidh bailíocht na víosa in éag;
- (d) Méarloirg. Chun an ceadú sin ar EES a sheoladh, féadfar méarloirg neamhfholasa a úsáid agus féadfar iad a chur i gcomparáid leis na méarloirg atá stóráilte in EES. [...]
- (e) Íomha den aghaidh;
- (f) Dáta agus am dul isteach, [...] an t-údarás a d'údaraigh an dul isteach agus an pointe trasnaithe teorann le haghaidh dul isteach;
- (g) Dáta agus am imeachta agus an pointe trasnaithe teorann le haghaidh imeachta.

I gcás ina bhfaightear amas nuair a dhéantar EES a cheadú, tabharfar rochtain ar na sonraí a liostaítear sa mhír seo agus ar aon sonraí eile ón sainchomhad, [...] ar na taifid ar dhul isteach/imeacht agus ar na taifid ar dhiúltú ar chead isteach lena n-áirítear sonraí arna n-iontráil maidir le fanacht údaraíthe a chúlghairm nó síneadh a chur leis i gcomhréir le hAirteagal 17.

Airteagal 30

Nós imeachta agus coinníollacha le go mbeidh rochtain ag Europol ar shonraí EES

1. Beidh rochtain ag Europol ar EES a cheadú i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (a) tá an ceadú de dhíth chun tacú le bearta na mBallstát agus chun iad a neartú i dtaca le cionta sceimhlitheoireachta nó cionta coiriúla tromchúiseacha eile a thagann faoi réim shainordú Europol a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, rud a fhágann go bhfuil cuardach an bhunachair sonraí comhréireach más amhlaidh go bhfuil údar sáraitheach inní maidir le slándáil phoiblí ann;
 - (b) tá an ceadú de dhíth i gcás ar leith;
 - (c) tá forais réasúnacha ann chun a mheas go bhféadfaidh an ceadú a bheith ina mhórchuidiú chun aon cheann de na cionta coiriúla atá i gceist a chosc, a bhrath nó a imscrúdú, go háirithe i gcás ina bhfuil amhras ann a bhfuil bunús tugtha leis go dtagann amhrastach, déantóir nó íospartach ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile faoi chatagóir atá cumhdaithe sa Rialachán seo.
2. Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 29 ([...] 3) go (5) dá réir sin.
- 2a. Ina theannta sin, ní cheadófar rochtain ar EES mar uirlis sainaitheanta coirpeach chun críche amhrastach, déantóir nó íospartach amhrasta anaithnid ciona sceimhlitheoireachta nó ciona choiriúil thromchúisigh eile a shainaithint, ach amháin más rud é gurb é an toradh a bhí ar cheadú na sonraí atá stóráilte in aon chóras próiseála faisnéise a bhfuil rochtain ag Europol air go teicniúil agus go dleathach roimhe sin nach ndearnadh céannacht an duine is ábhar do na sonraí a shuíomh. Ós rud é nach stóráiltear sonraí méarlorg náisiúnach tríú tíortha ar sealbhóirí víosa iad ach amháin in VIS, féadfar iarraidh a dhéanamh VIS a cheadú maidir leis an duine céanna is ábhar do na sonraí go comhuaineach le hiarraidh chun EES a cheadú. Déanfar VIS a cheadú i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos i gCinneadh 2008/633/CGB.

3. Féadfaidh údarás ainmnithe Europol iarraidh leictreonach réasúnaithe a dhéanamh chun na sonraí uile nó tacar sonraí ar leith atá stóráilte in EES a cheadú agus an iarraidh sin a chur faoi bhráid lárphointe rochtana Europol dá dtagraítear in Airteagal 27. Ar iarraidh ar rochtain a fháil, déanfaidh lárphointe rochtana Europol a fhíorú an bhfuil na coinníollacha rochtana dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 á gcomhlíonadh. Más amhlaidh go bhfuil na coinníollacha rochtana uile á gcomhlíonadh, déanfaidh foireann chuí-údaráithe na lárphointí rochtana na hiarrataí a phróiseáil. Cuirfear na sonraí a bhfuarthas rochtain orthu in EES ar aghaidh chuig na haonaid oibríochtúla dá dtagraítear in Airteagal 27(1) ar bhealach nach sáraíonn slándáil na sonraí sin.
4. An phróiseáil ar fhaisnéis a fuair Europol trí shonraí EES a cheadú, beidh sí faoi réir údarú ón mBallstát tionscnaimh. Gheofar an t-údarú sin trí aonad náisiúnta Europol sa Bhallstát sin.

CAIBIDIL V

Sonraí a choinneáil agus a leasú

Airteagal 31

Tréimhse coinneála i gcomhair sonraí a stóráil

- 1 Déanfar gach taifead ar dhul isteach/imeacht nó gach diúltú cead isteach atá nasctha le sainchomhad a stóráil ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis dháta an taifid ar imeacht nó an taifid ar dhiúltú cead isteach, de réir mar is infheidhme.
2. Déanfar gach sainchomhad mar aon leis an taifead nó na taifid ar dhul isteach/imeacht nó na taifid ar dhiúltú cead isteach a stóráil in EES ar feadh cúig bliana agus lá amháin tar éis dháta an taifid dheireanaigh ar imeacht, murab ann d'aon taifead ar dhul isteach laistigh de chúig bliana ón taifead deireanach ar imeacht nó ón taifead deireanach ar dhiúltú cead isteach.
3. Murab ann d'aon taifead ar imeacht tar éis do [...] thréimhse an fhanachta údaráithe dul in éag, déanfar na sonraí a stóráil ar feadh cúig bliana tar éis lá deireanach an fhanachta údaráithe. Cuirfidh EES na Ballstáit ar an eolas go huathoibríoch trí mhí roimh scríosadh sceidealaithe sonraí faoi rófhantóirí le go nglacfaidh siad na bearta iomchuí lena bhféadfaí an rófhantóir a bhrath agus, i gcás inar féidir agus inarb infheidhme, chun cuidiú leis an rófhantóir a fhilleadh.
4. De mhaolú ar mhír(1)[...] an taifead nó na taifid a chruthaítear ar dhul isteach/imeacht náisiúnach tríú tír ar baill iad de theaghlach [...] saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leo nó ar baill iad de theaghlach náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus nach bhfuil cárta cónaithe dá dtagraítear i dTreoir 2004/38/CE acu, stórálfar na taifid uile sin ar dhul isteach/imeacht ar feadh bliain amháin ar a mhéad in EES tar éis an taifid dheireanaigh ar imeacht. Murab ann do thaifead ar imeacht, stórálfar na sonraí go ceann tréimhse cúig bliana ón taifead deiridh ar iontráil.

5. Ar dhul in éag don tréimhse choinneála dá dtagraítear i mír 1 [...], i mír 2 agus i mír 4, scriosfar sonraí den sórt sin go huathoibríoch ón lárchóras.

Airteagal 32

Sonraí a leasú agus sonraí a scriosadh roimh ré

1. Beidh sé de cheart ag an mBallstát atá freagrach sonraí atá iontráilte in EES aige a leasú, trí na sonraí sin a cheartú nó a scriosadh.
2. Má tá fianaise ag an mBallstát atá freagrach a thugann le tuiscint go bhfuil na sonraí atá ar taifead in EES míchruinn ar bhonn fíorasach nó gur próiseáladh in EES iad de shárú ar an Rialachán seo, seiceálfaidh sé na sonraí lena mbaineann agus, más gá, déanfaidh sé iad a leasú nó a scriosadh in EES gan mhoill agus, más infheidhme, ar liosta na ndaoine sainaitheanta dá dtagraítear in Airteagal 11. Féadfar sin a dhéanamh arna iarraidh sin don duine lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 46.
3. De mhaolú ar mhír 1 agus ar mhír 2, má tá fianaise ag Ballstát seachas an Ballstát atá freagrach a thugann le tuiscint go bhfuil na sonraí atá ar taifead in EES míchruinn ar bhonn fíorasach nó gur próiseáladh in EES iad de shárú ar an Rialachán seo, seiceálfaidh sé na sonraí lena mbaineann, más féidir sin a dhéanamh gan dul i gcomhairle leis an mBallstát lena mbaineann agus, más gá, déanfaidh sé iad a leasú nó a scriosadh in EES gan mhoill agus, más infheidhme, ar liosta na ndaoine sainaitheanta dá dtagraítear in Airteagal 11. Sin nó rachaidh an Ballstát i dteagmháil le húdaráis an Bhallstáit atá freagrach laistigh de 14 lá agus seiceálfaidh an Ballstát atá freagrach cruinneas na sonraí agus dlíthiúlacht na próiseála laistigh de mhí amháin. Féadfar sin a dhéanamh arna iarraidh sin don duine lena mbaineann i gcomhréir le hAirteagal 46.

4. I gcás ina bhfuil fianaise [...] ag Ballstát [...] a thugann le tuiscint go bhfuil sonraí a bhaineann le víosaí atá ar taifead in EES míchruinn ar bhonn fíorasach nó gur próiseáladh sonraí den sórt sin in EES de shárú ar an Rialachán seo, seiceálfaidh sé cruinneas na sonraí sin ar dtús in VIS agus, más gá, déanfaidh sé iad a leasú in EES. Más amhlaidh gurb ionann na sonraí atá ar taifead in VIS agus in EES, cuirfidh sé an Ballstát atá freagrach as na sonraí sin a iontráil in VIS ar an eolas láithreach trí bhonneagar VIS i gcomhréir le hAirteagal 24(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Seiceálfaidh an Ballstát atá freagrach as na sonraí a iontráil in VIS na sonraí lena mbaineann agus más gá déanfaidh sé iad a cheartú nó a scriosadh láithreach in VIS agus cuirfidh sé an Ballstát [...] lena mbaineann ar an eolas, agus déanfaidh an Ballstát sin, más gá, na sonraí sin a leasú nó a scriosadh gan mhoill ó EES agus, más infheidhme, ó liosta na rófhantóirí sainaitheanta dá dtagraítear in Airteagal 11.
5. Déanfar na sonraí faoi dhaoine sainaitheanta dá dtagraítear in Airteagal 11 a scriosadh gan mhoill ón liosta dá dtagraítear san Airteagal sin agus ceartófar in EES iad i gcás ina soláthraíonn an náisiúnach tríú tír fianaise, i gcomhréir le dlí náisiúnta an Bhallstáit atá freagrach nó an Bhallstáit ar cuireadh an iarraidh isteach chuige, nach raibh de rogha aige nó aici ach fad an fhanachta údaráithe [...] a shárú de dheasca teagmhais thromchúiseacha nárbh fhéidir a thuair, go bhfuil ceart dlíthiúil [...] gearrfhanachta aige nó aici nó go ndearnadh earráidí. Beidh rochtain ag an náisiúnach tríú tír ar leigheas [...] éifeachtach lena n-áirithiú go ndéanfar na sonraí a leasú.
6. I gcás ina bhfuil náisiúntacht Ballstáit faighte ag náisiúnach tríú tír nó gur tháinig sé faoi raon feidhme Airteagal 2(3) sula ndeachaigh an tréimhse dá dtagraítear in Airteagal 31 in éag, déanfaidh ceann de na Ballstáit thíos an sainchomhad agus na taifid ar dhul isteach/imeacht atá nasctha leis i gcomhréir le hAirteagal 14 agus le hAirteagal 15 agus na taifid ar dhiúltú cead isteach i gcomhréir le hAirteagal 16 a scriosadh gan mhoill ó EES agus ó liosta na ndaoine sainaitheanta dá dtagraítear in Airteagal 11, más infheidhme:
- (a) an Ballstát a bhfuil a náisiúntacht faighte ag an náisiúnach tríú tír, nó
- (b) an Ballstát a d'eisigh an ceadúnas nó cárta cónaithe nó an víosa fadfhanachta.

I gcás ina bhfuil náisiúntacht Andóra, Mhonacó nó San Mairíne faighte ag náisiúnach tríú tír nó i gcás ina bhfuil an náisiúnach tríú tír sin i seilbh pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine, cuirfidh sé nó sí údaráis inniúla an chéad Bhallstáit eile a rachaidh sé nó sí isteach ann ar an eolas faoin athrú sin. Scriosfaidh an Ballstát sin a chuid sonraí gan mhoill ó EES. Beidh rochtain ag an duine ar leigheas breithiúnach éifeachtach chun a áirithiú go ndéanfar na sonraí a scriosadh.

7. Cuirfidh an lárchóras na Ballstáit uile ar an eolas faoin scriosadh sonraí sin ó EES láithreach agus, más infheidhme, ó liosta na ndaoine sainaitheanta dá dtagraítear in Airteagal 11.
8. Sa chás inar leasaigh nó inar scrios Ballstát eile seachas an Ballstát atá freagrach sonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo, beidh an Ballstát sin freagrach as na leasuithe nó as an scriosadh. Coinneoidh an córas taifead ar na leasuithe agus an scriosadh uile a rinneadh.

CAIBIDIL VI

Forbairt, Oibríocht agus Freagrachtaí

Airteagal 33

Bearta cur chun feidhme arna nglacadh ag an gCoimisiún roimh fhorbairt

Glacfaidh an Coimisiún na bearta thíos is gá le haghaidh forbairt agus chur chun feidhme teicniúil an lárchórais, na gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta agus an bhonneagair cumarsáide, go háirithe bearta maidir le:

- (a) sonraíochtaí i dtaca le cáilíocht, le taifeach agus le húsáid méarlorg chun críche fíorú bithmhéadrach agus sainathint bhithmhéadrach a dhéanamh in EES;
- (a1) sonraíochtaí i dtaca le cáilíocht, le taifeach agus le húsáid íomhá den aghaidh chun críche fíorú bithmhéadrach agus sainathint bhithmhéadrach a dhéanamh in EES;
- (b) na sonraí a iontráil i gcomhréir le hAirteagail 14, 15, 16, 17 agus 18;
- (c) na sonraí a rochtain i gcomhréir le hAirteagail 21 go 30;
- (d) na sonraí a leasú, a scríosadh agus a réamhscríosadh i gcomhréir le hAirteagal 32;
- (e) na taifid a choinneáil agus a rochtain i gcomhréir le hAirteagal 41;
- (f) ceanglais feidhmíochta, lena n-áirítear sonraíochtaí íosta maidir le trealamh teicniúil agus ceanglais maidir le feidhmíocht bhithmhéadrach EES go háirithe maidir le Ráta Sainaitheanta Bréagdheimhní, Ráta Sainaitheanta Bréagdhiúltaí agus Ráta Mainneachtana i leith Clárú;
- (g) na sonraíochtaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an tseirbhís gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 12;
- (h) [...]

- (i) na sonraíochtaí agus na coinníollacha a bhaineann le faisnéis a sholáthar i scríbhinn, agus ar bhealach éifeachtach eile [...] dá dtagraítear in Airteagal 44(3);
- (j) an idir-inoibritheacht dá dtagraítear in Airteagal 7 a bhunú agus a cheapadh ar ardleibhéal;
- (k) na sonraíochtaí agus na coinníollacha a bhaineann leis an lárstóras dá dtagraítear in Airteagal 57 (2);
- (l) cinneadh a ghlacadh maidir leis an dáta a thiocfaidh EES i bhfeidhm, tar éis do na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 60 a bheith á gcomhlíonadh;
- (m) an liosta dá dtagraítear in Airteagal 11(2) agus an nós imeachta maidir le dáileadh an liosta ar na Ballstáit a bhunú;
- (n) an sonraíocht i ndáil le réitigh theicniúla chun lárphointí rochtana a nascadh i gcomhréir le hAirteagal 28 agus le hAirteagal 29 agus le réiteach teicniúil chun na sonraí staidrimh is gá a bhailiú i gcomhréir le Airteagal 64(8).

Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a luaithe is féidir i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(2).

Chun na bearta atá leagtha síos le haghaidh bhunú agus cheapadh ardleibhéil na hidir-inoibritheachta arna sonrú i bpointe (j) a ghlacadh, rachaidh an coiste arna bhunú le hAirteagal 61 den Rialachán seo i gcomhairle le Coiste VIS arna bhunú le hAirteagal 49 de Rialachán (CE) 767/2008.

Airteagal 34

Forbairt agus bainistiú oibríochtuil

1. Is faoi eu-LISA a bheidh sé an lárchóras, na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta, an bonneagar cumarsáide agus an bealach cumarsáide slán idir lárchóras EES agus lárchóras VIS a fhorbairt. Ina theannta sin, is faoi eu-LISA a bheidh sé freisin an tseirbhís gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 12 a fhorbairt i gcomhréir leis na sonraíochtaí agus na coinníollacha arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(2).

Is é eu-LISA a shaineoidh dearadh ailtireacht fhisiceach an chórais lena n-áirítear a bhonneagar cumarsáide mar aon leis na sonraíochtaí teicniúla agus an éabhlóid a thiocfaidh orthu i dtaca leis an lárchóras, na comhéadain aonfhoirmeacha, an bealach cumarsáide slán idir lárchóras EES agus lárchóras VIS agus an bonneagar cumarsáide, a ghlacfaidh an Bord Bainistíochta, faoi réir tuairim dhearfach ón gCoimisiún. Is é eu-LISA freisin a chuirfidh chun feidhme aon choigeartuithe is gá ar VIS a éiríonn as idir-inoibritheacht a bhunú le EES agus as cur chun feidhme na leasuithe ar Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 dá dtagraítear in Airteagal 55.

Déanfaidh eu-LISA an lárchóras, na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta, an bealach cumarsáide slán idir lárchóras EES agus lárchóras VIS agus an bonneagar cumarsáide a fhorbairt agus a chur chun feidhme chomh luath agus is féidir tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm agus tar éis don Choimisiún na bearta a ndéantar foráil maidir leo in Airteagal 33 a ghlacadh.

Is éard a bheidh san fhorbairt mionsaothrú agus cur chun feidhme na sonraíochtaí teicniúla, tástáil agus comhordú foriomlán an tionscadail.

2. Le linn chéim an deartha agus na forbartha, bunófar Bord Bainistíochta an Chláir ar a mbeidh 10 gcomhalta ar a mhéad. Ar an mBord sin beidh seacht [...] gcomhalta a cheapfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA as measc a chuid comhaltaí féin nó a gcomhaltaí malartacha, Cathaoirleach Ghrúpa Comhairleach EES dá dtagraítear in Airteagal 62, comhalta a dhéanfaidh ionadaíocht ar eu-LISA a cheapfaidh Stiurthóir Feidhmiúcháin eu-LISA agus comhalta amháin a cheapfaidh an Coimisiún. Na comhaltaí a cheapfaidh Bord Bainistíochta eu-LISA, toghfar iad as na Ballstáit sin atá faoi cheangal go hiomlán faoi dhlí an Aontais ag na hionstraimí reachtacha lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras mórscála TF uile atá á mbainistiú ag eu-LISA agus as a measc sin amháin, agus atá rannpháirteach in EES.

Beidh cruinniú ag Bord Bainistíochta an Chláir go rialta agus ar a laghad trí huair in aghaidh na ráithe [...]. Áiritheoidh sé go ndéanfar bainistiú iomchuí ar chéim deartha agus forbartha EES agus go mbeidh comhsheasmhacht ann idir tionscadail lárnacha agus náisiúnta EES. Cuirfidh Bord Bainistíochta an Chláir tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta uair sa mhí maidir le dul chun cinn an tionscadail. Ní bheidh aon chumhacht cinnteoireachta ná aon sainordú aige chun ionadaíocht a dhéanamh thar ceann chomhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

Déanfaidh an Bord Bainistíochta rialacha nós imeachta Bhord Bainistíochta an Chláir a bhunú lena n-áireofar go háirithe rialacha maidir le:

- (a) an chathaoirleacht;
- (b) ionaid le haghaidh cruinnithe;
- (c) ullmhú cruinnithe;
- (d) saineolaithe a ligean isteach ar chruinnithe;
- (e) pleananna cumarsáide a áiritheoidh go mbeidh an fhaisnéis iomlán ag comhaltaí an Bhoird Bainistíochta nach mbeidh rannpháirteach.

Beidh an chathaoirleacht ag [...] Ballstát atá [...] faoi cheangal go hiomlán faoi dhlí an Aontais ag na hionstraimí reachtacha lena rialaítear forbairt, bunú, oibriú agus úsáid na gcóras mórsála TF uile atá á mbainistiú ag eu-LISA [...].

Is í an Ghníomhaireacht a íocfaidh as gach costas taistil agus cothabhála a thabhoídh comhaltaí Bhord Bainistíochta an Chláir agus beidh feidhm ag Airteagal 10 de rialacha nós imeachta eu-LISA maidir leo mutatis mutandis. Déanfaidh eu-LISA rúnaíocht Bhord Bainistíochta an Chláir a áirithiú.

Le linn na céime deartha agus forbartha, is iad bainisteoirí náisiúnta tionscadail EES a bheidh sa Ghrúpa Comhairleach EES dá dtagraítear in Airteagal 62 agus is faoi chathaoirleacht eu-LISA a bheidh sé. Beidh cruinniú aige [...] go rialta agus ar a laghad trí huaire gach ráithe go dtí go dtiocfaidh EES i bhfeidhm. Tuairisceoidh sé do Bhord Bainistíochta an Chláir tar éis gach cruinnithe. Cuirfidh sé saineolas teicniúil ar fáil chun tacú le cúraimí Bhord Bainistíochta an Chláir agus déanfaidh sé an obair leantach a bhaineann le hullmhacht na mBallstát.

3. Is é eu-LISA a bheidh freagrach as bainistiú oibríochtúil an lárchórais, an bhealaigh cumarsáide sláin idir lárchóras EES agus lárchóras VIS agus na gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta. Áiritheoidh sé, i gcomhar leis na Ballstáit, go n-úsáidfear i gcónaí an teicneolaíocht is fearr a bheidh ar fáil, faoi réir anailís costais is tairbhe. Is é eu-LISA a bheidh freagrach freisin as bainistiú oibríochtúil an bhonneagair cumarsáide idir an lárchóras agus na comhéadain aonfhoirmeacha náisiúnta agus as an tseirbhís gréasáin dá dtagraítear in Airteagal 12.

Is éard a bheidh i mbainistiú oibríochtúil EES na cúraimí go léir a theastaíonn chun an córas sin a choinneáil ar bun 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seacht lá sa tseachtain i gcomhréir leis an Rialachán seo, go háirithe an obair chothabhála agus na forbairtí teicniúla is gá lena áirithiú go mbeidh an córas ag feidhmiú ar leibhéal atá sásúil ó thaobh na cáilíochta oibríochtúla de, go háirithe maidir le haga freagartha chun an bunachar sonraí láir a iniúchadh de réir pointí trasnaithe teorann, i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla.

4. Gan dochar d'Airteagal 17 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh, cuirfidh eu-LISA rialacha iomchuí rúndachta gairmiúla nó oibleagáidí comhionanna rúndachta eile i bhfeidhm maidir lena baill foirne ar fad ar gá dóibh oibriú le sonraí EES. Beidh feidhm ag an oibleagáid seo chomh maith tar éis do na comhaltaí foirne sin an oifig nó an fhostaíocht a fhágáil nó tar éis dóibh a gcuid gníomhaíochtaí a fhoirceannadh.

Airteagal 35

Freagrachtaí na mBallstát agus Europol

1. Beidh gach Ballstát freagrach as an méid seo a leanas:
 - (a) an bonneagar reatha [...] náisiúnta atá riachtanach chun seiceáil a dhéanamh ag an teorainn a lánpháirtiú agus a cheangal leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta;
 - (b) an bonneagar reatha [...] náisiúnta atá riachtanach chun seiceáil a dhéanamh ag an teorainn agus a cheangal le EES a eagrú, a bhainistiú, a oibriú agus a chothabháil chun críche Airteagal 5 seachas pointe (j), pointe (k) agus pointe (l);
 - (c) na lárphointí rochtana agus a gceangal leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a eagrú chun críche fhorghníomhú an dlí;
 - (d) bainistiú agus socruithe a dhéanamh chun go mbeidh rochtain ag foireann chuíúdaraithe na n-údarás inniúil náisiúnta ar EES i gcomhréir leis an Rialachán seo; liosta den fhoireann sin, maille lena bpróifílí, a bhunú agus a nuashonrú go rialta.
2. Ainmneoidh gach Ballstát údarás náisiúnta a thabharfaidh rochtain ar EES do na húdaráis inniúla dá dtagraítear in Airteagal 8. Ceanglóidh gach Ballstát an t-údarás náisiúnta sin leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta. Ceanglóidh gach Ballstát [...] na lárphointí rochtana acu, dá dtagraítear in Airteagal 26 [...] leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta.
3. Úsáidfídh gach Ballstát nósanna imeachta uathoibrithe agus sonraí á bpróiseáil acu.
4. Sula dtabharfar údarás dóibh na sonraí atá stóráilte in EES a phróiseáil, cuirfear oiliúint iomchuí faoi shlándáil sonraí, faoi rialacha cosanta sonraí go háirithe, agus faoi chearta bunúsacha ábhartha, ar fhoireann na n-údarás a mbeidh sé de cheart acu rochtain a fháil ar an gcóras.
5. Glacfaidh Europol na cúraimí dá bhforáiltear faoi mhír 3 agus faoi mhír 4. Déanfaidh sé a lárphointe rochtana dá dtagraítear in Airteagal 27 a nascadh le EES agus beidh sé freagrach as an nasc sin.

Airteagal 36

Freagracht maidir le sonraí a úsáid

1. Maidir le próiseáil sonraí pearsanta in EES, ainmneoidh gach Ballstát an t-údarás a mheasfar a bheith ina rialaitheoir i gcomhréir le hAirteagal 2(d) de Threoir 95/46/CE agus arb é an t-údarás é a mbeidh freagracht láir air as próiseáil sonraí ag an mBallstát sin. Cuirfidh gach Ballstát sonraí an údaráis sin in iúl don Choimisiún.

Áiritheoidh gach Ballstát go bpróiseálfar na sonraí atá ar taifead in EES go dleathach, agus go háirithe gur ag an bhfoireann chuí-údaraithe amháin a bheidh rochtain ar na sonraí sin agus a gcúraimí á gcomhlíonadh acu. Áiritheoidh an Ballstát atá freagrach, go háirithe:

- (a) gur go dleathach agus le lán-urraim do dhínit an náisiúnaigh tríú tír a bhaileofar na sonraí;
 - (b) gur go dleathach a chlárófar na sonraí in EES;
 - (c) go mbeidh na sonraí cruinn agus nuashonraithe nuair a tharchuirfear chuig EES iad.
2. Áiritheoidh eu-LISA go gcuirfear EES i bhfeidhm i gcomhréir leis an Rialachán seo agus i gcomhréir leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 33. Déanfaidh eu-LISA go háirithe, an méid seo a leanas:
 - (a) pé beart is gá a ghlacadh chun slándáil an lárchórais agus an bhonneagair cumarsáide atá idir an lárchóras agus an comhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a áirithiú, gan dochar do fhreagrachtaí gach Ballstáit;
 - (b) a áirithiú gur ag an bhfoireann chuí-údaraithe amháin a bheidh rochtain ar shonraí a dhéanfar a phróiseáil in EES.
 3. Cuirfidh eu-LISA Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún, agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí ar an eolas faoi na bearta a dhéanfaidh sé de bhun mhír 2 maidir le teacht i bhfeidhm EES.

Airteagal 37

Sonraí a choinneáil i gcomhaid náisiúnta agus sna córais náisiúnta dul isteach agus imeachta

1. Féadfaidh Ballstát na sonraí alfa-uimhriúla a d'iontráil sé in EES a choinneáil ina chomhaid náisiúnta féin nó ina chóras náisiúnta dul isteach agus imeachta ach sin a bheith i gcomhréir le cuspóirí EES agus le lán-urraim do dhlí an Aontais.
2. Ní choinneofar aon sonraí sna comhaid náisiúnta ná sna córais náisiúnta dul isteach agus imeachta níos faide ná mar a choinneofar in EES iad.
3. Aon úsáid sonraí nach gcomhlíonfaidh mír 1, measfar gur mí-úsáid é faoi dhlí náisiúnta gach Ballstáit agus faoi dhlí an Aontais féin.
4. Ní fhéadfar an tAirteagal seo a fhorléiriú mar Airteagal lena gceanglaítear aon leasú teicniúil ar EES. Is ar a bpriacal agus ar a gcostas féin, agus lena gcuid acmhainní teicniúla féin amháin, a fhéadfaidh na Ballstáit sonraí a choinneáil i gcomhréir leis an Airteagal seo.

Airteagal 38

Sonraí a chur in iúl do thríú tíortha, d'eagraíochtaí idirnáisiúnta agus do pháirtithe príobháideacha

1. Ní dhéanfar aon sonraí a stórálfar in EES a aistriú chuig tríú tír, chuig eagraíocht idirnáisiúnta, ná chuig aon pháirtí príobháideach ná ní chuirfear na sonraí sin ar fáil dóibh.
2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh údaráis seiceála teorann nó údaráis inimirce na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(a), (b), (c) agus (f) agus in Airteagal 15(1)(a), (b), agus (c) a aistriú chuig tríú tír nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta a liostaítear in Iarscríbhinn I, nó na sonraí sin a chur ar fáil dóibh i gcásanna aonair, más gá chun céannacht náisiúnaigh tríú tír a chruthú chun críche fillidh, ar an gcoinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

- (a) go mbeidh cinneadh glactha ag an gCoimisiún maidir le cosaint leordhóthanach sonraí pearsanta sa tríú tír sin i gcomhréir le hAirteagal 25(6) de Threoir 95/46/CE, nó go mbeidh comhaontú um athlígian isteach nó aon chineál eile comhaontaithe chomhchosúil i bhfeidhm idir [...] an t-Aontas Eorpach nó Ballstát agus an tríú tír sin, nó go mbeidh feidhme ag Airteagal 26(1)(d) de Threoir 95/46/CE;
- (b) go gcuirfidh an Ballstát an tríú tír nó eagraíocht idirnáisiúnta ar an eolas maidir leis an oibleagáid gan na sonraí a úsáid ach amháin chun na gcríoch ar chuici a tugadh iad; [...]
- (c) go n-aistreofar na sonraí, nó go gcuirfear ar fáil iad, i gcomhréir le forálacha ábhartha dhlí an Aontais, go háirithe forálacha i leith comhaontuithe um athlígian isteach agus aistriú sonraí pearsanta agus dhlí náisiúnta an Bhallstáit sin a d'aistrigh na sonraí nó a chur ar fáil iad, lena n-áirítear na forálacha dlí is ábhartha do shlándáil sonraí agus do chosaint sonraí;
- (d) [...]

3. Ní dhéanfaidh aistrithe sonraí pearsanta chuig tríú tíortha nó chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta de bhun mhír 2 dochar, go háirithe maidir le non-refoulement, dá gcearta siúd a iarrfaidh nó a dtabharfar dóibh cosaint idirnáisiúnta.

4. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a bhainfidh Ballstát nó Europol as an lárchóras chun críocha fhorghníomhú an dlí, ní dhéanfar iad a aistriú chuig aon tríú tír, eagraíocht idirnáisiúnta ná eintiteas príobháideach laistigh ná lasmuigh den Aontas nó ní chuirfear ar fáil dóibh iad. Beidh feidhm ag an toirmeasc seo freisin má dhéantar tuilleadh próiseála ar na sonraí sin ar an leibhéal náisiúnta nó idir Ballstáit de réir bhrí Airteagal 2(b) de Chinneadh 2008/977/CGB ón gComhairle.

4a. De mhaolú ar mhír 4, ní fhéadfaidh an t-údarás ainmnithe sonraí náisiúnach tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa dá dtagraítear in Airteagal 14(1)(a), (b) agus (c), 14 (2) (a) agus (b), 14 (3) (a) agus (b) agus sonraí náisiúnach tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa dá dtagraítear faoi Airteagail 15(1) (a), 14 (2) (a) agus (b), 14 (3) (a) agus (b) a aistriú nó a chur ar fáil do thríú tír ar iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ach amháin má chomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:

- (a) i gcás eisceachtúil práinne, ina bhfuil bagairt thromchúiseach láithreach go ndéanfar cion sceimhlitheoireachta nó cionta tromchúiseacha coiriúla eile mar a shainmhínítear faoi Airteagal 3(1)(26) agus (27) faoi seach den Rialachán seo,
- (b) déantar an t-aistriú i gcomhréir leis na coinníollacha is infheidhme a leagtar síos faoi Cinneadh Réime 2008/977/CGB.
- (c) aon fhaisnéis maidir le taifid ar dhul isteach/imeacht atá ina seilbh ag an tríú tír iarrthach, áirítear go gcuirfear ar fáil go cómhalmartach do na Ballstáit a fheidhmíonn EES í.

I gcás ina mbunaítear aistriú ar an mír sin, déanfar an t-aistriú sin a dhoiciméadú agus cuirfear an doiciméadacht sin ar fáil don údarás maoirseachta arna iarraidh sin, lena n-áirítear an dáta agus am an aistrithe, faisnéis faoin údarás inniúil glactha, an bonn cirt a bhí leis an aistriú agus na sonraí pearsanta a aistríodh.

Airteagal 38a

Coinníollacha maidir le sonraí a chur in iúl d'údaráis ainmnithe Ballstáit nach bhfuil EES i bhfeidhm ann go fóill agus d'údaráis ainmnithe Ballstáit nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo ina leith

1. Beidh feidhm ag Airteagal 38(4) agus (4a) *mutatis mutandis* i ndáil le sonraí a chur in iúl d'údaráis ainmnithe Ballstáit nach bhfuil EES i bhfeidhm ann go fóill agus d'údaráis ainmnithe Ballstáit nach bhfuil feidhm ag an Rialachán seo ina leith, arna iarraidh sin go cuí-réasúnaithe i scríbhinn nó go leictreonach, ar an gcoinníoll go n-áiritheofar go gcuirfear aon fhaisnéis maidir le taifid ar dhul isteach/imeacht atá ina seilbh ag an tríú tír iarrthach ar fáil go cómhalmartach do na Ballstáit ina bhfuil EES i bhfeidhm.
2. I gcásanna ina gcuirtear faisnéis ar fáil de bhun an Airteagail seo, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na coinníollacha céanna dá dtagraítear in Airteagal 39(1), Airteagal 40(1) agus (3), Airteagal 43 agus Airteagal 52(4).

Airteagal 39

Slándáil sonraí

1. Is é an Ballstát féin a bheidh freagrach as slándáil na sonraí roimh agus le linn a dtarchuir chuig an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta. Áiritheoidh gach Ballstát slándáil na sonraí a bhainfidh sé as EES.
2. I ndáil lena bhonneagar náisiúnta [...] féin atá riachtanach chun seiceáil a dhéanamh ag an teorainn, glacfaidh gach Ballstát na bearta is gá, lena n-áirítear plean slándála, plean leanúnachais gnó, agus plean athshlánaithe i gcás tubaiste, d'fhonn:
 - (a) sonraí a chosaint go fisiciúil, lena n-áirítear trí phleananna teagmhasacha a dhéanamh chun bonneagar criticiúil a chosaint;
 - (b) rochtain a dhiúltú do dhaoine neamhúdaráithe ar shuiteálacha náisiúnta ina ndéanann an Ballstát oibríochtaí i gcomhréir le cuspóirí EES;
 - (c) léamh, cóipeáil, modhnú nó scriosadh neamhúdaráithe ar mheáin ar a mbeidh sonraí stóráilte a chosc;
 - (d) iontráil neamhúdaráithe sonraí maille le hiniúchadh, modhnú nó scriosadh neamhúdaráithe sonraí pearsanta stóráilte a chosc;
 - (e) próiseáil neamhúdaráithe sonraí in EES agus modhnú nó scriosadh neamhúdaráithe sonraí a próiseáladh in EES a chosc;
 - (f) a áirithiú nach mbeidh rochtain ag na daoine a bhfuil údarú rochtana acu ar EES ach ar na sonraí sin atá cumhdaithe faoina n-údarú rochtana, trí mheán aitheantais indibhidiúla úsáideora agus modhanna rochtana rúnda amháin a úsáid;

- (g) a áirithiú go gcruthóidh na húdaráis uile a mbeidh ceart rochtana ar EES acu próifílí lena dtabharfar tuairisc ar fheidhmeanna agus ar fhreagrachtaí na ndaoine a bheidh údaraithe sonraí a iontráil, a leasú, a scriosadh, a cheadú agus a chuardach, agus go gcuirfear na próifílí sin ar fáil do na húdaráis mhaoirseachta [...] dá dtagraítear in Airteagal 49 agus do na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 52(2) gan mhoill arna iarraidh sin dóibh;
 - (h) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuíomh cé na comhlachtaí ar féidir sonraí pearsanta a tharchur chucu agus trealamh cumarsáide sonraí á úsáid;
 - (i) a áirithiú gur féidir a fhíorú agus a shuíomh cé na sonraí a próiseáladh in EES, cá huair a próiseáladh iad, cé a rinne an phróiseáil sin agus cad chuige a ndearnadh í;
 - (j) cosc a chur ar léamh, ar chóipeáil, ar mhodhnú nó ar scriosadh neamhúdaraithe sonraí pearsanta, go háirithe le teicnící criptithe iomchuí, agus sonraí pearsanta á dtarchur chuig EES nó uaidh, nó meáin ar a mbeidh sonraí á stóráil;
 - (k) faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht na mbeart slándála dá dtagraítear sa mhír seo agus na bearta eagrúcháin um faireachán inmheánach is gá a dhéanamh chun a áirithiú go bhfuil siad i gcomhréir leis an Rialachán seo.
3. I dtaca le EES a chur i bhfeidhm, glacfaidh eu-LISA gach beart is gá chun na cuspóirí a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach lena n-áirítear plean slándála, plean leanúnachais gnó agus plean athshlánaithe a ghlacadh.

Airteagal 40

Dliteanas

1. Aon duine nó aon Bhallstát ar bhain damáiste dó de bharr oibríocht phróiseála neamhdhleathach nó de bharr aon bheart nach bhfuil ag luí leis an Rialachán seo, beidh sé i dteideal cúiteamh a fháil ón mBallstát atá freagrach as an damáiste a bhain dó. Beidh an Ballstát sin díolmhaithe ó aon dliteanas, go hiomlán nó i bpáirt, má éiríonn leis a chruthú nárbh é a bhí freagrach as an eachtra ba shiocair leis an damáiste.

2. Má theipeann ar Bhallstát a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo agus sin a bheith ina chúis damáiste do EES, is é an Ballstát sin a bheidh faoi dhliteanas i leith an damáiste sin más rud é agus a mhéid nach ndearna eu-LISA nó Ballstát eile atá rannpháirteach in EES bearta réasúnta chun an damáiste sin a sheachaint nó chun a thionchar a íoslaghdú.
3. Ag forálacha dhlí náisiúnta an Bhallstáit arb é an cosantóir é a rialálfar éilimh ar chúiteamh a dhéanfar in éadan Ballstáit as an damáiste dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2.

Airteagal 41

eu-LISA agus na Ballstáit do choinneáil taifead

1. Coimeádfaidh eu-LISA taifid in EES ar gach oibríocht próiseála sonraí. Léireofar sna taifid sin an cuspóir atá leis an rochtain dá dtagraítear in Airteagal 8, an dáta agus an t-am, na sonraí a tarchuireadh agus dá dtagraítear in Airteagal 14 go hAirteagal 17, na sonraí a úsáideadh i gcomhair iniúchadh dá dtagraítear in Airteagal 21 go hAirteagal 25 agus ainm an údaráis a d'iontráil nó a d'aisghabh na sonraí. [...]
2. I dtaca leis na ceaduithe a liostaítear in Airteagal 7, gach oibríocht próiseála sonraí a dhéantar in EES agus in VIS, coinneofar taifead air i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagal 34 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. Áiritheoidh eu-LISA go gcoinneofar, go háirithe, na taifid sin is ábhartha do na hoibríochtaí próiseála sonraí atá i gceist nuair a sheolfaidh na húdaráis inniúla oibríocht próiseála sonraí go díreach ó chóras amháin go córas eile.
- 2a. Chomh maith le mír 1 agus mír 2, coimeádfaidh gach Ballstát taifid den fhoireann atá cuí-údaraithe chun sonraí a chur isteach nó a aisghabháil.
3. Ní fhéadfar na taifid sin a úsáid ach chun faireachán cosanta sonraí a dhéanamh ar inghlacthacht phróiseáil na sonraí agus chun slándáil sonraí a áirithiú. Úsáidfear bearta iomchuí chun na taifid sin a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe agus scriosfar na taifid bliain tar éis don tréimhse choinneála dá dtagraítear in Airteagal 31 a dhul in éag mura mbeidh gá leo i gcomhair nósanna imeachta faireacháin ar cuireadh tús leo cheana.

Airteagal 42

Féinfhaireachán

Áiritheoidh na Ballstáit go nglacfaidh gach údarás atá i dteideal rochtain a bheith aige ar shonraí EES na bearta is gá chun an Rialachán seo a chomhlíonadh agus go gcomhoibreoidh siad, i gcás inar gá, leis an údarás maoirseachta agus leis an údarás náisiúnta maoirseachta.

Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar dlúthfhaireachán ar fheidhmíocht theicniúil an bhonneagair seiceála teorann, ar infhaighteacht, ar fhad na seiceálacha teorann agus ar cháilíocht na sonraí chun a áirithiú go gcomhlíonann gach Ballstát na ceanglais fhoriomlána maidir le feidhmiú cuí EES agus chun próiseas seiceála teorann éifeachtúil a áirithiú.

Airteagal 43

Pionóis

Déanfaidh na Ballstáit pé beart is gá lena áirithiú go bhféadfar pionóis, a bheidh éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, a ghearradh as aon úsáid a bhainfear, de shárú ar an Rialachán seo, as sonraí a iontráiltear in EES[...] i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.

CAIBIDIL VII

Ceartha agus maoirseacht maidir le cosaint sonraí

Airteagal 44

Ceart chun faisnéise

1. Gan dochar don cheart chun faisnéise de bhun Airteagal 10 de Threoir 95/46/CE, i gcás aon náisiúnach tríú tír a bhfuil a chuid sonraí ar taifead in EES, cuirfidh an Ballstát atá freagrach an méid seo a leanas in iúl don duine sin i scríbhinn nó ar bhealach éifeachtach eile:
 - (a) míniú, i dteanga shoiléir shothuigthe, lena dtabharfar le fios go bhféadfaí úsáid a bhaint as EES chun críocha bainistithe teorann agus, chomh maith leis sin, go bhféadfaidh na Ballstáit agus Europol EES a rochtain chun críocha fhorghníomhú an dlí;
 - (b) an oibleagáid atá ar náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus ar shealbhóirí Doiciméid Idirthurais Éascaithe (FTD) arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) 693/2003 go nglacfaí a méarloirg;
 - (c) gach náisiúnach tríú tír a bheidh faoi réir clárú le EES, an gá go mbeidh íomhá dá n-aghaidh ar taifead;
 - (d) gur gá na sonraí a bhailiú chun scrúdú a dhéanamh ar na coinníollacha iontrála;
 - (d1) míniú go ndiúltófar cead isteach má dhiúltaíonn náisiúnach tríú tír na sonraí bithmhéadracha sin a chur ar fáil a iarrtar le haghaidh clárú, fíorú agus/nó sainaitheanta in EES;
 - (d2) an ceart chun iarraidh, le linn seiceálacha teorann ar dhul isteach dó/di, ar na húdaráis seiceála teorann faoin uaslíon laethanta atá fágtha ina fhanacht/fanacht údaráithe.

(d3) go sainaitheofar mar ró-fhantóir é/í má fhanar níos faide ná uasfhad an fhanachta údaraithe, chomh maith leis na hiarmhairtí a bhainfidh leis sin,

(d4) an tréimhse coinneála do stóráil na sonraí,

(e) go bhfuil ceart rochtana ag daoine ar shonraí a bhaineann leo, agus ceart acu a iarraidh go gceartófaí sonraí míchruinne a bhaineann leo nó go scriosfaí sonraí a bhaineann leo agus a próiseáladh go neamhdhleathach, lena n-áirítear an ceart faisnéis a fháil maidir leis na nósanna imeachta um fheidhmiú na gceart sin agus sonraí teagmhála na n-údarás maoirseachta, na n-údarás maoirseachta náisiúnta nó an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí más infheidhme, a éistfidh aon éileamh a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

2. An fhaisnéis sin a chuirtear ar fáil i mír 1 den Airteagal seo, cuirfear ar fáil í i scríbhinn, nó ar bhealach éifeachtach eile, nuair a bheidh sainchomhad an té lena mbaineann á chruthú i gcomhréir le hAirteagal 14, Airteagal 15 nó Airteagal 16.

3. [...] Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis choiteann dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dhréachtú agus a leagan amach i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(2) agus [...] beidh an méid atá ann i dteanga shoiléir shimplí agus beidh sé ar fáil i dteanga a thuigfidh an té lena mbaineann nó i dteanga a shíltear ar bhonn réasúnach go dtuigfidh an té sin.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis choiteann ar fáil i dteimpléad. D'fhéadfadh an teimpléad sin a bheith i bhfoirm póstaeir. Déanfar an teimpléad [...] ar bhealach ina

mbeidh na Ballstáit in ann é a chomhlánú le faisnéis bhreise is sonrach don Bhallstát.

Áireofar ar a laghad san fhaisnéis sin is sonrach don Bhallstát cearta an duine is ábhar do na sonraí, faisnéis faoin gcabhair a d'fhéadfaí a fháil ó na húdaráis mhaoirseachta [...] mar aon le sonraí teagmhála oifig an rialaitheora agus na n-údarás maoirseachta.

Airteagal 45

Feachtas eolais

Nuair a thiocfaidh EES i bhfeidhm, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na húdaráis mhaoirseachta agus na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, feachtas eolais a chur ar siúl chun an pobal a chur ar an eolas faoina chuspóirí, faoin bhfaisnéis a stóráiltear, faoi na húdaráis a mbeidh rochtain acu ar an bhfaisnéis sin, agus faoi chearta na ndaoine lena mbaineann.

Airteagal 46

Ceart ar rochtain, ar cheartú agus ar scriosadh

1. [...] Féadfar na hiarrataí ó náisiúnaigh tríú tír a bhaineann leis na cearta sin a leagtar amach in Airteagal 12 de Threoir 95/46/EC a chur chuig údarás inniúil aon Bhallstáit.
2. Más chuig Ballstát, seachas an Ballstát atá freagrach, a dhéantar iarraidh [...], seiceálfaidh údaráis an Bhallstáit, ar chuige a cuireadh an iarraidh, cruinneas na sonraí agus dlíthiúlacht na próiseála a rinneadh ar na sonraí sin in EES laistigh de mhí más féidir é sin a dhéanamh gan dul i dteagmháil le húdaráis an Bhallstáit atá freagrach. Murar féidir, rachaidh an Ballstát nach é an Ballstát atá freagrach é i dteagmháil le húdaráis an Bhallstáit atá freagrach, laistigh de 14 lá, agus dearbhóidh an Ballstát atá freagrach, laistigh de mhí, cruinneas na sonraí agus dlíthiúlacht na próiseála a rinneadh ar na sonraí sin.
3. I gcás ina bhfuil sonraí atá ar taifead in EES míchruinn ó thaobh fíricí de, nó gur taifeadadh sonraí go neamhdhleathach, ceartóidh nó scriosfaidh an Ballstát atá freagrach, nó i gcás inarb iomchuí, an Ballstát chuig ar seoladh an iarraidh, na sonraí sin i gcomhréir le hAirteagal 32. Dearbhóidh an Ballstát atá freagrach, nó i gcás inarb iomchuí, an Ballstát chuig ar seoladh an iarraidh, i scríbhinn gan mhoill don duine lena mbaineann go bhfuil beart déanta aige chun na sonraí a bhaineann leis an duine sin a cheartú nó a scriosadh.

I gcás ina bhfuil sonraí a bhaineann le víosa atá ar taifead in EES mícheart ó thaobh fíricí de, nó gur taifeadadh sonraí go neamhdhleathach, seiceálfaidh an Ballstát atá freagrach, nó i gcás inarb iomchuí, an Ballstát chuig ar seoladh an iarraidh, cruinneas na sonraí sin in VIS agus, más gá, leasóidh sé in EES iad. Más ionann na sonraí atá ar taifead in VIS agus in EES, rachaidh an Ballstát atá freagrach nó, más infheidhme, an Ballstát chuig ar seoladh an iarraidh, i dteagmháil leis na húdaráis sa Bhallstát a bhí freagrach as na sonraí a iontráil in VIS, laistigh de 14 lá. Laistigh de mhí, seiceálfaidh an Ballstát atá freagrach as na sonraí a iontráil in VIS cruinneas na sonraí a bhaineann leis an víosa agus dlíthiúlacht a bpróiseála in EES, agus cuirfidh sé ar an eolas an Ballstát lena mbaineann [...] , a leasóidh nó a scriosfaidh na sonraí sin ó EES, más gá, gan mhoill agus, i gcás inarb iomchuí, ó liosta na ndaoine dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

4. Mura n-aontaíonn [...] an Ballstát ar chuige a seoladh an iarraidh, go bhfuil sonraí atá ar taifead in EES míchruinn ó thaobh fíricí de nó gur go neamhdhleathach a taifeadadh iad, glacfaidh an Ballstát cinneadh riaracháin agus míneoidh sé i scríbhinn gan mhoill don duine lena mbaineann cad chuige nach bhfuil sé sásta na sonraí sin a bhaineann leis a cheartú nó a scriosadh.
5. Cuirfidh an Ballstát a ghlac an cinneadh riaracháin de bhun mhír 4 [...] faisnéis ar fáil don té lena mbaineann lena míneofar na bearta is féidir leis a ghlacadh mura nglacann sé leis an míniú. [...] Áireofar san fhaisnéis sin an tslí le caingean a thabhairt nó le gearán a dhéanamh os comhair údaráis inniúla nó chúirteanna an Bhallstáit sin, agus aon chúnamh, lena n-áirítear cúnamh ó na húdaráis mhaoirseachta, atá ar fáil i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit sin.
6. Pé faisnéis is gá chun an duine is ábhar do na sonraí sin a aithint, [...] beidh sin ar fáil i gcás aon iarraidh a dhéanfar de bhun mhír 1 agus mhír 2. Is chun feidhmiú na gceart dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a éascú a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus chuige sin amháin; déanfar í a scriosadh go díreach ina dhiaidh sin.

7. Aon uair a iarrfaidh duine sonraí a bhaineann leis i gcomhréir le mír 2, coimeádfaidh an t-údarás inniúil taifead mar dhoiciméid scríofa go ndearnadh iarraidh den sórt sin, an bealach ar déileáladh leis an iarraidh agus an t-údarás a rinne sin, agus cuirfidh sé an doiciméad sin ar fáil gan mhoill do na húdaráis mhaoirseachta [...].

Airteagal 47

Comhoibriú chun cearta ar chosaint sonraí a áirithiú

1. Comhoibreoidh údaráis inniúla na mBallstát go gníomhach chun na cearta a leagtar síos in Airteagal 46(3), (4) agus (5) a fhorghníomhú.
2. I ngach Ballstát, cabhróidh an t-údarás maoirseachta, arna iarraidh sin air, leis an duine lena mbaineann, agus cuirfidh sé comhairle air maidir le feidhmiú a chirt chun sonraí a bhaineann leis a choigeartú nó a scriosadh i gcomhréir le hAirteagal 28(4) de Threoir 95/46/CE.

Chuige sin, comhoibreoidh údarás maoirseachta an Bhallstáit sin atá freagrach agus a tharchuir na sonraí, comhoibreoidh sé le húdaráis mhaoirseachta na mBallstát ar faoina mbráid a cuireadh an iarraidh.

Airteagal 48

Leigheasanna

1. I ngach Ballstát, beidh sé de cheart ag aon duine caingean a thabhairt nó gearán a dhéanamh [...] sa Bhallstát sin a dhiúltaigh ceart rochtana ar na sonraí a bhain leis an duine sin, nó ar cheartú nó scriosadh na sonraí sin, dá bhforáiltear in Airteagal 46 agus in Airteagal 47(2).
2. Beidh cúnamh ar fáil ó na húdaráis mhaoirseachta ó thús deireadh na n-imeachtaí sin.

Airteagal 49

Maoirsiú arna dhéanamh ag an údarás maoirseachta [...]

1. Áiritheoidh gach Ballstát go ndéanfaidh an t-údarás maoirseachta [...] nó na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 28(1) de Threoir 95/46/CE faireachán ar dhlíthiúlacht na próiseála arna déanamh ag an mBallstát lena mbaineann ar shonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagal 13 go hAirteagal 19, lena n-áirítear tarchur na sonraí sin chuig agus as EES.
2. Áiritheoidh an t-údarás maoirseachta go ndéanfar iniúchadh, gach ceithre bliana ar a laghad, ar na hoibríochtaí próiseála sonraí sa chóras náisiúnta i gcomhréir le caighdeán iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha ón uair a thiocfaidh EES i bhfeidhm.
3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh a dhóthain acmhainní ag an údarás maoirseachta chun na cúraimí a chuirtear air faoin Rialachán seo a chomhlíonadh.
4. [...]
5. Soláthróidh gach Ballstát gach faisnéis a iarrfaidh na húdaráis mhaoirseachta agus, go háirithe, aon fhaisnéis maidir leis na gníomhaíochtaí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 35, Airteagal 36(1) agus Airteagal 39. Tabharfaidh gach Ballstát rochtain do na húdaráis mhaoirseachta ar a dtaifid de bhun Airteagal [...] 41 agus ceadóidh siad dóibh rochtain a bheith acu tráth ar bith ar gach áitreabh dá gcuid a bhaineann le EES.

Airteagal 50

Maoirsiú arna dhéanamh ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí gur i gcomhréir leis an Rialachán seo a dhéanfaidh eu-LISA gach gníomhaíocht próiseála sonraí dá chuid a bhaineann le EES.

2. Áiritheoidh an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí gur i gcomhréir le caighdeáin iniúchóireachta idirnáisiúnta ábhartha a dhéanfar iniúchadh, gach ceithre bliana ar a laghad, ar ghníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta na Gníomhaireachta. Seolfar tuarascáil ar an iniúchóireacht sin chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig eu-LISA, chuig an gCoimisiún, [...] chuig na húdaráis mhaoirseachta agus chuig na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta. Tabharfar deis do eu-LISA barúlacha a nochtadh sula nglacfar an tuarascáil.
3. Soláthróidh eu-LISA an fhaisnéis, a iarrfaidh an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí, tabharfaidh sé rochtain dó ar gach doiciméad agus ar na taifid dá dtagraítear in Airteagal 41 agus ceadóidh sé rochtain dó tráth ar bith ar gach áitreabh dá chuid.

Airteagal 51

Comhoibriú idir[...] na húdaráis mhaoirseachta, na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

1. Comhoibreoidh na húdaráis mhaoirseachta, na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí go gníomhach faoi chuimsiú a gcuid freagrachtaí agus áiritheoidh siad go ndéanfar maoirseacht chomhordaithe ar EES agus ar na córais náisiúnta.
2. Déanfaidh siad faisnéis ábhartha a mhalartú, cabhróidh siad le chéile chun iniúchtaí agus cigireachtaí a dhéanamh, scrúdóidh siad deacrachtaí maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Rialacháin seo, déanfaidh siad measúnú ar fhadhbanna a bhaineann le feidhmiú maoirseachta neamhspleáiche nó le feidhmiú chearta an duine is ábhar do na sonraí, ullmhóidh siad tograí comhchuibhithe i gcomhair comhréitigh ar aon fhadhbanna, agus cuirfidh siad feachtas faoi chearta cosanta sonraí chun cinn, de réir mar is gá.
3. Tiocfaidh na húdaráis mhaoirseachta, na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí le chéile chun na críche sin faoi dhó sa bhliain ar a laghad. Is é an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a sheasfaidh costais na gcrúinnithe sin. Glacfar rialacha nós imeachta ag an gcéad chruinniú. Déanfar modhanna oibre eile a fhorbairt i gcomhpháirt a chéile, de réir mar is gá.

4. Seolfar tuarascáil chomhpháirteach ar na gníomhaíochtaí chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig eu-LISA gach dhá bhliain. Sa tuarascáil sin, beidh caibidil ó gach Ballstát arna hullmhú ag an údarás maoirseachta agus ag údarás maoirseachta náisiúnta an Bhallstáit sin.

Airteagal 52

Sonraí pearsanta, arna soláthar chun críocha fhorghníomhú an dlí, a chosaint

1. Áiritheoidh gach Ballstát go mbeidh na forálacha a glacadh faoin dlí náisiúnta lena gcuirtear Cinneadh Réime 2008/977/CGB chun feidhme, go mbeidh siad infheidhme freisin i dtaca le rochtain a thabhairt ar EES do na húdaráis náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 1(2).
2. Is iad na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Chinneadh Réime 2008/977/CGB a dhéanfaidh an faireachán ar dhlíthiúlacht na rochtana a thabharfar do na Ballstáit ar sonraí pearsanta chun na gcríoch a liostaítear in Airteagal 1(2) den Rialachán seo, lena n-áirítear tarchur na sonraí sin chuig agus as EES.
3. Déanfaidh Europol sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhréir le Cinneadh 2009/371/CGB agus déanfaidh maoirseoir neamhspleách seachtrach ar chosaint sonraí maoirseacht air sin. Beidh Airteagal 30, Airteagal 31 agus Airteagal 32 den Chinneadh sin infheidhme maidir le próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag Europol de bhun an Rialacháin seo. Áiritheoidh an maoirseoir neamhspleách seachtrach ar chosaint sonraí nach sárófar cearta an náisiúnaigh tríú tír.
4. Ní dhéanfar sonraí pearsanta a gheofar as EES chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2) a phróiseáil ach amháin d'fhonn an cás sonrach ar iarr Ballstát nó Europol na sonraí ina leith a chosc, a bhrath nó a imscrúdú.

5. Coinneoidh an lárchóras, na húdaráis ainmnithe, na lárphointí rochtana agus Europol taifead ar na cuardaigh chun go bhféadfaidh na húdaráis náisiúnta cosanta sonraí agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na próiseála sonraí le rialacha cosanta sonraí an Aontais. Seachas i gcás na críche thuasluaite, scriosfar, tar éis míosa, sonraí pearsanta chomh maith leis na taifid atá sna comhaid náisiúnta agus i gcomhaid Europol uile ar na cuardaigh a rinneadh, ach amháin má tá na sonraí agus na taifid sin de dhíth chun críocha an imscrúdaithe choiriúil shonraigh atá fós ar siúl agus ar iarr an Ballstát nó Europol na sonraí ina leith.

Airteagal 53

Logáil agus doiciméadú

1. Áiritheoidh gach Ballstát agus Europol go ndéanfar gach oibríocht próiseála sonraí a thagann as iarrataí ar rochtain ar shonraí EES chun na gcríoch a leagtar síos in Airteagal 1(2) a logáil nó a dhoiciméadú chun críocha inghlacthacht na hiarrata a sheiceáil, faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus ar shláine agus ar shlándáil sonraí agus chun críocha féinfhaireacháin.
2. Léireoidh an logáil nó na doiciméid an méid seo a leanas:
 - (a) cad é go baileach is cuspóir don iarraidh ar rochtain ar shonraí EES, lena n-áirítear an cion sceimhlitheoireachta nó an cion tromchúiseach coiriúil eile lena mbaineann agus, i gcás Europol, cad é go baileach is cuspóir don iarraidh ar rochtain;
 - (b) na forais réasúnacha a luaitear chun nach ndéanfar comparáid le Ballstáit eile faoi Chinneadh 2008/615/CGB, i gcomhréir le hAirteagal 29(2)(b) den Rialachán seo;
 - (c) tagairt an chomhaid náisiúnta;
 - (d) an dáta agus an t-am baileach a d'iarr an Lárphointe rochtana [...] rochtain ar an lárchóras;

- (e) más infheidhme, úsáid an nós imeachta práinne dá dtagraítear in Airteagal 28(2) agus an cinneadh arna ghlacadh maidir leis an bhfíorú ex-post;
- (f) na sonraí a úsáideadh chun comparáid a dhéanamh;
- (g) i gcomhréir le rialacha náisiúnta nó rialacha Chinneadh Uimh. 2009/371/CGB, marc aitheantais an oifigigh a rinne an cuardach agus an oifigigh a d'ordaigh an cuardach nó an soláthar.

3. Ní úsáidfear logálacha ná doiciméadú ach amháin chun faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus chun sláine agus slándáil sonraí a áirithiú. Ní ceadmhach a úsáid i gcomhair an fhaireacháin agus na meastóireachta dá dtagraítear in Airteagal 64 ach logálacha ina bhfuil sonraí neamhphearsanta. Na húdaráis mhaoirseachta náisiúnta inniúla atá freagrach as inghlacthacht na hiarrata a sheiceáil, as faireachán a dhéanamh ar dhlíthiúlacht na próiseála sonraí agus as sláine agus slándáil na sonraí, beidh rochtain acu ar na logálacha sin arna iarraidh sin dóibh d'fhonn a ndualgais a chomhlíonadh.

CAIBIDIL VIII

Leasuithe ar ionstraimí eile de chuid an Aontais

Airteagal 54

Leasú ar an gCoinbhinsiún chun Comhaontú Schengen a chur chun feidhme

In Airteagal 20 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Ní dhéanfaidh mír 1 difear don cheart atá ag gach Páirtí Conarthach fanacht eachtrannaigh ina chríoch a shíneadh thar 90 lá in aon tréimhse 180 lá

a) i gásanna eisceachtúla nó [...]

b) i gcomhréir le comhaontú déthaobhach arna thabhairt i gcrích roimh theacht i bhfeidhm an Choinbhinsiúin seo agus arna chur in iúl don Choimisiún i gcomhréir le fomhír dheireanach na míre seo.

2a. Féadfar síneadh a chur le fanacht eachtrannaigh i gcríoch Páirtí Chonarthaigh i gcomhréir le comhaontú déthaobhach de bhun mhír 2(b), arna iarraidh sin ag an eachtrannach agus arna thaisceadh le húdaráis inniúla an Pháirtí Chonarthaigh sin ar theacht isteach don eachtrannach nó le linn na tréimhse fanachta aige/aici agus ar a dheireanaí ar an lá deireanach oibre aige/aici dá fhanacht/dá fanacht 90 lá in aon tréimhse 180 lá.

Sa chás nach ndéanann an t-eachtrannach iarratas a thaisceadh le linn na tréimhse fanachta 90 lá in aon tréimhse 180 lá, féadfar síneadh a chur lena fhanacht nó lena fanacht bunaithe ar chomhaontú déthaobhach arna thabhairt i gcrích ag Páirtí Conarthach agus féadfaidh údaráis inniúla an Pháirtí Chonarthaigh sin a thiomhdiú go raibh fanacht an duine sin thar an bhfanacht 90 lá in aon tréimhse 180 lá, sular tugadh an síneadh sin, go raibh sé dleathach ar an gcoinníoll go gcuirfidh an t-eachtrannach fianaise inchreidte ar fáil lena gcruthaítear nár fhan sé nó sí ach ar chríoch an Pháirtí Chonarthaigh sin le linn na tréimhse sin.

- 2b. I gcás ina gcuirfear síneadh leis an bhfanacht de bhun mhír 2, iontrálfaidh údaráis inniúla an Pháirtí Chonarthaigh sin na sonraí a bhaineann leis an síneadh sa taifead ábhartha ar dhul isteach/imeacht is déanaí i gcomhréir le Airteagal 17 den Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta.
- 2c. Beidh an t-eachtrannach údaráithe chun fanacht i gcríoch an Pháirtí Chonarthaigh sin agus ansin amháin agus chun imeacht ó theorainneacha seachtracha an Pháirtí Chonarthaigh sin.
- An t-údarás inniúil a chuir síneadh leis an tréimhse fanachta, cuirfidh sé in iúl don eachtrannach lena mbaineann nach bhfuil an síneadh ar an tréimhse fanachta údaráithe ach amháin i gcríoch an Pháirtí Chonarthaigh agus go n-imeoidh sé/sí ó theorann seachtrach an Pháirtí Chonarthaigh sin.
- 2d. Tabharfaidh na Páirtithe Conarthacha fógra don Choimisiún laistigh de thrí mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta maidir le téacs a gcomhaontuithe ábhartha déthaobhacha is infheidhme de bhun mhír 2(b). Má scoireann an Páirtí Conarthach d'aon cheann de na comhaontuithe déthaobhacha sin a chur i bhfeidhm, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ina leith sin. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh."

Airteagal 55

Leasuithe ar Rialachán (CE) 767/2008 maidir leis an gcóras faisnéise víosaí

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 767/2008 mar a leanas:

(0)Cuirtear na heangaí [...] seo a leanas le hAirteagal 10(1):

(dd) i gcás inarb infheidhme, an fhaisnéis lena dtugtar le fios gur le bailíocht chríochach theoranta a eisíodh an víosa, ar bhonn Airteagal 25(1)(b) de Rialachán (CE) 810/2009.

(l) i gcás inarb infheidhme, stádas an duine lena dtugtar le fios gur ball de theaghlach saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis nó náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais é an náisiúnach tríú tír.

(1) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 13:

"3. I gcás ina gcinntear víosa arna heisiúint a neamhniú nó a chúlghairm, aisghabhfaidh agus easpórtálfaidh an t-údarás víosaí a ghlac an cinneadh na sonraí sin láithreach agus go huathoibríoch as VIS go díreach isteach in EES, sonraí iad sin a liostaítear faoi mhír 1 d'Airteagal 17 den [Rialachán Uimh. XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí]*."

* Rialachán Uimh. XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí (IO ...) [teideal iomlán + tagairt san IO]

(2) Cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 14:

"3. I gcás ina gcinntear síneadh a chur le tréimhse bhailíochta agus/nó le fad fanachta na víosa arna heisiúint, déanfaidh an t-údarás víosaí a ghlac an cinneadh na sonraí sin a liostaítear faoi mhír 1 d'Airteagal 17 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)] a aisghabháil agus a easpórtáil láithreach as VIS go díreach go EES.

- (3) Leasaítear Airteagal 15 mar seo a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) agus phointe (c) de mhír 2:
- "(b) sloinne (ainm teaghlaigh), ainm (ainmneacha) (ainmneacha baiste); dáta breithe, náisiúntacht; inscne;
- (c) cineál agus uimhir an doiciméid taistil; cód trí litir na tíre a d'eisigh an doiciméad taistil, agus an dáta a rachaidh bailíocht an doiciméid taistil in éag;"
- (b) cuirtear leis na míreanna seo a leanas:
- "4. Chun críocha EES a cheadú d'fhonn iarratais ar víosa a scrúdú agus cinneadh a dhéanamh ina dtaobh i gcomhréir le hAirteagal 22 [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], tabharfar don údarás inniúil víosaí rochtain ar EES díreach as VIS d'fhonn EES a chuardach le rogha amháin nó níos mó de na sonraí sin dá dtagraítear san Airteagal sin.
5. Má léiríonn an cuardach leis na sonraí dá dtagraítear i mír 2 nach bhfuil sonraí faoin náisiúnach tríú tír ar taifead in EES nó i gcás ina bhfuiltear in amhras faoi chéannacht an náisiúnaigh tríú tír, beidh rochtain ag an údarás inniúil víosaí ar shonraí chun críocha céannachta i gcomhréir le hAirteagal 20."
- (4) Cuirtear isteach leagan nua de Airteagal 17a i gCaibidil III:

"Airteagal 17a

Idir-inoibritheacht le EES

1. Ón uair a thiocfaidh EES i bhfeidhm, faoi mar a luaitear in Airteagal 60(1) den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], beidh idir-inoibritheacht ann idir EES agus VIS d'fhonn éifeachtúlacht seiceálacha teorann a áirithiú agus luas a chur leo. Chuige sin, bunóidh eu-LISA bealach cumarsáide slán idir lárchóras EES agus lárchóras VIS le go mbeidh idir-inoibritheacht ann idir EES agus VIS. Ní féidir ceadú díreach a dhéanamh idir na córais ach amháin má dhéantar foráil sa Rialachán seo agus sa [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)] [...] maidir leis.

2. Cuirfidh ceanglas na hidir-inoibritheachta ar chumas na n-údarás víosaí sin a bhaineann úsáid as VIS EES a cheadú as VIS chun:
- (a) EES a cheadú agus iarratais ar víosa á scrúdú agus cinneadh á dhéanamh maidir leo mar a thagraítear dó in Airteagal 22 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], agus in Airteagal 15(4) den Rialachán seo;
 - (b) aisghabháil agus easpórtáil uathoibríoch a dhéanamh go díreach as VIS go EES ar na sonraí sin a bhaineann le víosaí i gcás ina ndéantar víosa a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur léi i gcomhréir le hAirteagal 17 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], agus le hAirteagal 13 agus Airteagal 14 den Rialachán seo;
3. Cuirfidh ceanglas na hidir-inoibritheachta ar chumas na n-údarás [...] inniúil seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm i gcomhréir le Rialachán (AE) XXX (EES) [...] VIS a cheadú ó EES d'fhonn an méid a leanas a dhéanamh:
- (a) na sonraí sin a bhaineann le víosaí a aisghabháil agus a iompórtáil go huathoibríoch agus go díreach as VIS go EES chun taifead ar dhul isteach/imeacht nó taifead ar dhiúltú cead isteach [...] sealbhóra víosa a chruthú nó a nuashonrú in EES i gcomhréir le hAirteagal 13, Airteagal 14 agus Airteagal 16 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)] agus le hAirteagal 18a den Rialachán seo;
 - (b) na sonraí sin a bhaineann le víosaí a aisghabháil agus a iompórtáil go huathoibríoch agus go díreach as VIS i gcás ina ndéantar víosa a neamhniú, a chúlghairm nó síneadh a chur léi i gcomhréir le hAirteagal 17 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], agus le hAirteagal 13 agus Airteagal 14 den Rialachán seo;
 - (c) barántúlacht agus bailíocht na víosa a fhíorú [...] agus/nó a fhíorú an bhfuil na coinníollacha le haghaidh dul isteach ar chríoch na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (AE) 2016/399 á gcomhlíonadh, mar a thagraítear dóibh in Airteagal 18(2) den Rialachán seo;

- (d) a dheimhniú [...] ar cláraíodh cheana náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa agus nach bhfuil sainchomhad ar taifead in EES acu, ar cláraíodh cheana in VIS iad i gcomhréir le hAirteagal 21 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], agus le hAirteagal 19a den Rialachán seo;
- (e) céannacht an tsealbhóra víosa a fhíorú [...] – i gcás nach féidir sin a dhéanamh in EES – trí mhéarloirg a sheiceáil in VIS i gcomhréir le hAirteagal 21(2) agus le hAirteagal 21(4) den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], agus le hAirteagal 18(6) den Rialachán seo.

4. I gcomhréir le hAirteagal 33 den [Rialachán lena mbunaítear Córas Dul Isteach/Imeachta (EES)], glacfaidh an Coimisiún pé beart is gá chun an idir-inoibritheacht ar ardchaighdeán a bhunú agus a mhúnlú i gcomhréir le hAirteagal 34 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)]. D'fhonn an idir-inoibritheacht le EES a bhunú, déanfaidh an t-údarás bainistíochta pé forbairtí agus/nó oiriúnaithe is gá ar an gcóras lárnach faisnéise víosaí, ar chomhéadan náisiúnta gach Ballstáit, agus ar an mbonneagar cumarsáide idir an córas lárnach faisnéise víosaí agus na comhéadain náisiúnta. Is iad na Ballstáit féin a dhéanfaidh na bonneagair náisiúnta a oiriúnú agus/nó a fhorbairt.

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

"Airteagal 18 Rochtain ar shonraí lena bhfíorú ag [...] teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm

1. Chun céannacht sealbhóirí víosa a fhíorú, chun barántúlacht, bailíocht ama, bailíocht chríochach, agus stádas na víosa a fhíorú, agus chuige sin amháin, agus/nó chun a chinneadh ar comhlíonadh na coinníollacha le dul isteach ar chríoch na mBallstát i gcomhréir le Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2016/399, agus chuige sin amháin, beidh rochtain ag na húdaráis inniúla d'fhonn seiceálacha a dhéanamh ag [...] teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm, chun cuardach a dhéanamh leis na sonraí seo a leanas:

(a) sloinne (ainm teaghlaigh), ainm (ainmneacha) (ainmneacha baiste); dáta breithe, náisiúntacht; inscne; cineál agus uimhir an doiciméid taistil; cód trí litir na tíre a d'eisigh an doiciméad taistil, agus an dáta a rachaidh bailíocht an doiciméid taistil in éag;

(b) nó an uimhir atá ar an ngreamán víosa.

2. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, agus chun na gcríoch sin amháin, i gcás ina seoltar cuardach in EES de bhun Airteagal 21(2) nó Airteagal 21(4) den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], féadfaidh an t-údarás [...] atá inniúil ar sheiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm, féadfaidh sé cuardach a sheoladh in VIS go díreach as EES agus úsáid á baint as na sonraí sin dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1.

3. Má léiríonn an cuardach sin leis na sonraí a liostaítear i mír 1 go bhfuil sonraí in VIS faoi víosa amháin nó níos mó a eisíodh nó ar cuireadh síneadh léi/leo, agus atá fós bailí ó thaobh na tréimhse bailíochta agus na bailíochta críocheaí [...] don trasnú teorann, beidh rochtain ag an údarás atá inniúil [...] as seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm d'fhonn na sonraí seo a leanas a cheadú sa chomhad a bhaineann leis an iarratas a rinneadh, maille le comhad nó comhaid ghaolmhara, de bhun Airteagal 8(4), chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 agus chun na gcríoch sin amháin:

(a) faisnéis faoin stádas agus na sonraí a baineadh as an bhfoirm iarratais, dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (4);

(b) grianghraif;

(c) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 10, Airteagal 13 agus Airteagal 14 a iontráladh i dtaca leis na víosaí a eisíodh, a cuireadh ar neamhní, a cúlghaireadh nó ar cuireadh síneadh lena dtréimhse bailíochta.

Ina theannta sin, i gcás sealbhóirí víosa nach gá sonraí áirithe a thabhairt ina leith ar chúiseanna dlí nó nach féidir a thabhairt, ar chúiseanna fíorasacha, tabharfar fógra don údarás atá inniúil [...] as seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm i dtaobh an réimse shonraigh nó na réimsí sonracha sin agus breacfar 'neamhbhainteach' síos ann nó iontu.

4. Má léiríonn an cuardach sin leis na sonraí a liostaítear i mír 1 go bhfuil sonraí ar taifead in VIS faoin duine sin ach nach bhfuil an víosa ná na víosaí a eisíodh bailí, beidh rochtain ag an údarás atá inniúil [...] as seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm d'fhonn na sonraí seo a leanas a cheadú sa chomhad a bhaineann leis an iarratas a rinneadh, maille le comhad nó comhaid ghaolmhara, de bhun Airteagal 8(4), chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 agus chun na gcríoch sin amháin:
- (a) faisnéis faoin stádas agus na sonraí a baineadh as an bhfoirm iarratais, dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (4);
 - (b) grianghraif;
 - (c) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 10, Airteagal 13 agus Airteagal 14 a iontráladh i dtaca leis na víosaí a eisíodh, a cuireadh ar neamhní, a cúlghaireadh nó ar cuireadh síneadh lena dtréimhse bailíochta.
5. De bhreis ar an gceadú a dhéanfar de bhun mhír 1, agus sula ndéanfar na sonraí a cheadú i gcomhréir le mír 3 nó mír 4, fíoróidh an t-údarás [...] atá inniúil ar seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm céannacht an duine in VIS i gcás ina léiríonn an cuardach a rinneadh leis na sonraí a liostaítear i mír 1 go bhfuil sonraí faoin duine sin ar taifead in VIS agus go gcomhlíontar ceann de na coinníollacha seo a leanas:
- (a) ní féidir céannacht an duine a dheimhniú in EES i gcomhréir le hAirteagal 21(2) den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], más rud é:
 - (i) nach bhfuil an sealbhóir víosa cláraithe fós in EES;
 - (ii) nach bhfuil an teicneolaíocht ar fáil ag an bpointe trasnaithe teorann le gur féidir an íomhá bheo den aghaidh a úsáid agus nach féidir, dá réir sin, céannacht an tsealbhóra víosa a dheimhniú in EES;
 - (iii) go bhfuil amhras ann i dtaobh chéannacht an tsealbhóra víosa;
 - (iv) nach féidir, ar chúis éigin eile, céannacht an tsealbhóra víosa a dheimhniú in EES;

- (b) gur féidir céannacht an tsealbhóra víosa a dheimhniú in EES ach go bhfuil rún aige, den chéad uair ó cruthaíodh sainchomhad an duine sin, teorainn [...] Ballstáit, ina bhfuil feidhm ag an Rialachán seo agus ag a bhfuil EES i bhfeidhm, a thrasnú.

Na húdaráis [...] atá inniúil ar sheiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm, fíoróidh siad méarloirg an tsealbhóra víosa leis na méarloirg atá ar taifead in VIS. I gcás sealbhóirí víosa nach féidir leas a bhaint as a gcuid méarlorg, is leis na sonraí alfa-uimhriúla amháin, a ndéantar foráil maidir leo i mír 1 den Airteagal seo, a dhéanfar an cuardach dá dtagraítear i mír 1.

6. Chun na méarloirg a fhíorú in VIS, mar a leagtar síos i mír 5, féadfaidh an t-údarás inniúil cuardach in EES a sheoladh as EES go VIS.
7. In imthosca ina dteipfidh ar fhíorú shealbhóir an víosa nó ar fhíorú an víosa nó go mbeidh amhras maidir le céannacht shealbhóir an víosa, maidir le barántúlacht an víosa agus/nó maidir leis an doiciméad taistil, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe na n-údarás inniúil sin i gcomhréir le hAirteagal 20(1) agus (2)."
- (6) Cuirtear isteach an tAirteagal 18a seo a leanas:

"Airteagal 18a

Aisghabháil sonraí as VIS chun [...] taifead ar dhul isteach/imeacht nó taifead ar dhiúltú cead isteach an tsealbhóra víosa a chruthú nó a nuashonrú lena chur in EES

1. [...] Agus taifead ar dhul isteach/imeacht nó taifead ar dhiúltú cead isteach an tsealbhóra víosa á chruthú nó á nuashonrú in EES i gcomhréir le hAirteagal 13(2) agus le hAirteagal 14 agus le hAirteagal 16 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], tabharfar don údarás [...] atá inniúil ar sheiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm rochtain d'fhonn na sonraí sin atá stóráilte in VIS agus a liostaítear in Airteagal 14([...]2) (c), (d), (e), (f) agus (g) den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)] a aisghabháil as VIS agus a iompórtáil go huathoibríoch in EES.

- (7) Cuirtear isteach an tAirteagal 19a seo a leanas:

"Airteagal 19a

VIS a úsáid sula gcruthaítear in EES sainchomhaid do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa mar atá leagtha síos in Airteagal [...] 21 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)]

1. Chun a fháil amach ar cláraíodh an duine i VIS cheana, na húdaráis inniúla sin a mbeidh freagracht orthu as seiceálacha a dhéanamh ag pointí trasnaithe na teorainneacha seachtracha i gcomhréir le Rialachán (CE) 2016/399, ceadóidh siad VIS

[...] sula gcruthóidh siad in EES sainchomhad do náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ó cheanglas víosa mar atá leagtha síos in Airteagal 15 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)];

[...].
2. Chun críocha mhír 1, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 21(4) den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)] agus ina léiríonn an cuardach dá dtagraítear in Airteagal 25 den Rialachán sin nach bhfuil ar taifead in EES sonraí faoi dhuine nó, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 21(5) de [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], beidh rochtain ag an údarás atá inniúil [...] as seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm chun cuardach a dhéanamh leis na sonraí seo a leanas: sloinne (ainm teaghlaigh), ainm(neacha) (ainmneacha baiste); dáta breithe, náisiúntacht; inscne; cineál agus uimhir an doiciméid taistil; cód trí litir na tíre a d'eisigh an doiciméad taistil, agus an dáta a rachaidh bailíocht an doiciméid taistil in éag.
3. Chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1, agus chun na gcríoch sin amháin, tar éis cuardach a dhéanamh in EES de bhun Airteagal 21(4) den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)] nó i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 21(5) den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], féadfaidh an t-údarás atá inniúil [...] as seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm cuardach a sheoladh i VIS go díreach as EES leis na sonraí alfa-uimhriúla dá bhforáiltear faoi mhír 2.

4. Ina theannta sin, má léiríonn an cuardach leis na sonraí atá liostaithe i mír 2 go bhfuil sonraí faoin duine sin ar taifead i VIS, fíoróidh an t-údarás atá inniúil as seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm méarloirg an duine sin leis na méarloirg atá ar taifead i VIS. Féadfaidh an t-údarás sin fíorú den sórt sin a sheoladh ó EES. Ina gcás siúd nach féidir leas a bhaint as a gcuid méarlorg, is leis na sonraí alfa-uimhriúla amháin, a ndéantar foráil maidir leo i mír 2 den Airteagal seo, a dhéanfar an cuardach.
5. Má léiríonn an cuardach leis na sonraí atá liostaithe i mír 2 agus fíorú mhír 4 go bhfuil ar taifead i VIS sonraí faoin duine, beidh rochtain ag an údarás atá inniúil [...] as seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm d'fhonn na sonraí seo a leanas a cheadú sa chomhad (sna comhaid) iarratais lena mbaineann agus sa chomhad (nó sna comhaid) gaolmhar (ghaolmhara) iarratais de bhun Airteagal 8(4), chun na gcríoch dá dtagraítear i mír 1 agus chun na gcríoch sin amháin:
- (a) faisnéis faoin stádas agus na sonraí a baineadh as an bhfoirm iarratais, dá dtagraítear in Airteagal 9(2) agus (4);
 - (b) grianghraif;
 - (c) na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 10, Airteagal 13 agus Airteagal 14 a iontráladh i dtaca leis na víosaí a eisíodh, a cuireadh ar neamhní, a cúlghaireadh nó ar cuireadh síneadh lena dtréimhse bailíochta.
5. [...]
6. I gcás ina dteipfidh ar an bhfíorú dá bhforáiltear dó i mír 2 agus/nó mír 5 nó i gcás ina mbeidh amhras ann maidir le céannacht an tsealbhóra nó maidir le barántúlacht an doiciméid taistil, beidh rochtain ag foireann chuí-údaráithe na n-údarás inniúil sin ar shonraí i gcomhréir le hAirteagal 20(1) agus (2). Féadfaidh an t-údarás atá inniúil [...] as seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm an próiseas sainaitheanúcháin sin dá dtagraítear in Airteagal 20 den Rialachán seo a sheoladh as EES."

(8) In Airteagal 20, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Na húdaráis atá inniúil as seiceálacha a dhéanamh ag teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm nó laistigh de chríoch na mBallstát maidir le cibé an gcomhlíontar na coinníollacha le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát, beidh rochtain acu chun cuardach a dhéanamh le méarloirg an duine sin [...] chun críocha aon duine a shainaithint a d'fhéadfadh a bheith cláraithe roimhe sin in VIS nó nach gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann a thuilleadh na coinníollacha a bhaineann le dul isteach, le fanacht nó le cónaí a dhéanamh ar chríoch na mBallstát [...] agus chun na gcríoch sin amháin."

(9) In Airteagal 26, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

"3a. *[Sé mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)], is é an t-údarás bainistíochta a bheidh freagrach as na cúraimí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo."*

(10) In Airteagal 34, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Coinneoidh gach Ballstát agus gach údarás bainistíochta taifead ar gach oibríocht próiseála sonraí a dhéanfar i VIS. Léireoidh na taifid sin cuspóir na rochtana dá dtagraítear in Airteagal 6(1) agus in Airteagail 15 go 22, mar aon leis an dáta agus leis an am, le cineál na sonraí a tharchuirtear dá dtagraítear in Airteagail 9 go 14, le cineál na sonraí a úsáidtear i gcomhair iniúchadh dá dtagraítear in Airteagail 15(2), 17, 18(1), 18(5), 19(1), 19a(2), 19a(5), 20(1), 21(1) agus 22(1) mar aon le hainm an údaráis a iontrálann nó a aisghabhann na sonraí. Chomh maith leis sin, coimeádfaidh gach Ballstát taifid den fhoireann atá cuí-údaráithe chun sonraí a chur isteach nó a aisghabháil.

1a. I dtaca leis na hoibríochtaí atá liostaithe in Airteagal 17a, coinneofar taifead ar gach oibríocht próiseála sonraí a rinneadh i VIS agus in EES i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le hAirteagal 41 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)]."

Airteagal 56

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1077/2011 mar a leanas:

- (1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:
- "2. Beidh an Ghníomhaireacht freagrach as bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar an dara glúin de chóras faisnéise Schengen (SIS II), ar an gcóras faisnéise víosaí (VIS), ar Eurodac, agus ar an gcóras dul isteach/imeachta (EES).

- (2) Cuirtear isteach Airteagal 5a nua i ndiaidh Airteagal 5:

"Airteagal 5a

Cúraimí a bhaineann le EES

I ndáil le EES, comhlíonfaidh an Ghníomhaireacht na cúraimí seo a leanas :

- (a) na cúraimí arna dtabhairt don Ghníomhaireacht le Rialachán (AE) Uimh XXX/20XX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an X.X.X lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí]*;
- (b) cúraimí a bhaineann le hoiliúint ar úsáid theicniúil EES."
- (3) leasaítear Airteagal 7 mar seo a leanas:
- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5 agus mhír 6:
- "5. Féadfar cúraimí a bhaineann le bainistiú oibríochtúil an bhonneagair cumarsáide a chur ar eintitis sheachtracha nó comhlachtaí seachtracha de chuid na hearnála príobháidí i gcomhréir le Rialachán (CE, Euratom) 1605/2002. Ina leithéid de chás, beidh na bearta slándála dá dtagraítear i mír 4 ina gceangal ar an soláthróir líonra agus ní bheidh rochtain aige, ar shlí ar bith, ar shonraí oibríochtúla SIS II, VIS, Eurodac nó EES, ná ar an malartú SIRENE a bhaineann le SIS II.

6. Gan dochar do na conarthaí ar ann dóibh cheana maidir le líonra SIS II, VIS, Eurodac agus EES, fanfaidh bainistiú na n-eochracha criptiúcháin faoi inniúlacht na Gníomhaireachta agus ní dhéanfar sin a chur amach chuig aon eintiteas seachtrach de chuid na hearnála príobháidí."

(4) In Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar na forbairtí i dtaighde is ábhartha do bhainistiú oibríochtúil SIS II, VIS, Eurodac, EES agus córas mórscála faisnéise eile".

(5) In Airteagal 12, leasaítear mír 1 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach pointe nua (sa) i ndiaidh phointe (s):

"(sa) na tuarascálacha a ghlacadh maidir le forbairt EES de bhun Airteagal 64(2) de Rialachán (AE) XX/XX de XXX".

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (t):

"(t) na tuarascálacha a ghlacadh maidir le feidhmiú teicniúil SIS II de bhun Airteagal 50(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006 agus Airteagal 66(4) de Chinneadh 2007/533/CGB faoi seach, maidir le feidhmiú teicniúil VIS de bhun Airteagal 50(3) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 agus Airteagal 17(3) de Chinneadh 2008/633/CGB, agus maidir le feidhmiú teicniúil EES de bhun Airteagal 64(4) de Rialachán (AE) XX/XX de XXX."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (v):

"(v) tráchtanna a dhéanamh ar thuarascálacha an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí maidir leis na hiniúchtaí a rinneadh de bhun Airteagal 45(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 42(2) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Airteagal 31(2) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 agus Airteagal 50(2) de Rialachán (CE) XX/XX de XXX, agus obair leantach iomchuí ar na hiniúchtaí sin a áirithiú".

(b) cuirtear isteach pointe nua (xa) i ndiaidh phointe x:

"(xa) na staitisticí a bhaineann le EES a fhoilsiú de bhun Airteagal 57 de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/XX.

(c) cuirtear pointe nua (za) le pointe z:

"(za) a áirithiú go bhfoilseofar, gach bliain, liosta d'údaráis inniúla de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. XXXX/XX.

(6) In Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Féadfaidh Europol agus Eurojust freastal ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta, mar bhreathnóirí, ach ceist a bhaineann le SIS II, i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2007/533/CGB, a bheith ar an gclár oibre. Féadfaidh Europol freastal mar bhreathnóir ar chruinnithe an Bhoird Bainistíochta freisin ach ceist a bhaineann le VIS, i ndáil le cur i bhfeidhm Chinneadh 2008/633/CGB, nó ceist a bhaineann le Eurodac, i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 603/2013, nó ceist a bhaineann le EES, i ndáil le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) XX/XX an XXX a bheith ar an gclár oibre".

(7) In Airteagal 17,

cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g) de mhír 5:

"(g) gan dochar d'Airteagal 17 de na Rialacháin Foirne, ceanglais rúndachta a bhunú chun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1987/2006, Airteagal 17 de Chinneadh 2007/533/CGB agus Airteagal 26(9) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, Airteagal 4(4) de Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 agus Airteagal 34(4) de Rialachán (AE) XX/XX de XXX] a chomhlíonadh;"

(8) leasaítear Airteagal 19 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Soláthróidh na Grúpaí Comhairleacha seo a leanas saineolas don Bhord Bainistíochta ar saineolas é a bhaineann le córais mhórscaála TF agus go háirithe i gcomhthéacs an clár oibre bliantúil agus na tuarascála bliantúla gníomhaíochta a ullmhú:

(a) Grúpa Comhairleach SIS II;

(b) Grúpa Comhairleach VIS;

- (c) Grúpa Comhairleach Eurodac;
- (d) Grúpa Comhairleach EES."
- (e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"Féadfaidh Europol agus Eurojust araon ionadaí a cheapadh do Ghrúpa Comhairleach SIS II. Féadfaidh Europol ionadaí a cheapadh do Ghrúpa Comhairleach VIS, do Ghrúpa Comhairleach Eurodac agus do Ghrúpa Comhairleach EES freisin".

CAIBIDIL IX

Forálacha críochnaitheacha

Airteagal 57

Úsáid sonraí chun críocha tuairiscithe agus staidrimh

1. Chun críocha tuairiscithe agus staitisticí agus chun na gcríoch sin amháin, agus gan cead iarratasóirí aonair a aithint, beidh rochtain ag foireann chuí-údaraithe údaráis inniúla na mBallstát, an Choimisiúin, eu-LISA agus na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cónaí, Gníomhaireacht a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/1624 [...] ar na sonraí seo a leanas, d'fhoiligh iad a cheadú:
 - (a) faisnéis faoin stádas;
 - (b) náisiúntacht, inscne agus dáta breithe an náisiúnaigh tríú tír;
 - (c) dáta agus pointe trasnaithe teorann an dul isteach sa Bhallstát, dáta agus pointe trasnaithe teorann an imeachta as an mBallstát;
 - (d) cineál an doiciméid taistil agus cód trí litir na tíre a d'eisigh;
 - (e) an líon rófhantóirí a dtagraítear dóibh in Airteagal 11, a náisiúntacht, agus an áit ar thrasnaigh siad an teorainn ar dhul isteach dóibh;
 - (f) na sonraí a iontráladh i ndáil le haon fhanacht a cúlghairmeadh nó ar cuireadh síneadh leis;
 - (g) cód trí litir an Bhallstáit a d'eisigh an víosa [...], [...] más infheidhme;
 - (h) an líon daoine atá díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt de bhun Airteagal 15(2) agus (3);
 - (i) líon agus náisiúntachtaí na náisiúnach tríú tír dár diúltaíodh cead isteach, maille leis an gcineál teorann (teorainn talún, aeir nó mara), [...] an pointe trasnaithe teorann ag ar diúltaíodh an cead isteach agus na forais ar ar diúltaíodh cead isteach.

2. Chun críche mhír 1, déanfaidh eu-LISA lárstóras a bhunú, a chur chun feidhme agus a óstáil ar a chuid suíomhanna teicniúla ina mbeidh na sonraí dá dtagraítear i mír 1, ar sonraí iad nach bhféadfaí duine a shainaithint dá mbíthin, ach a bhféadfadh na húdaráis atá liostaithe i mír 1 a úsáid chun tuarascálacha agus staitisticí inoiriúnaithe a fháil faoi gach dul isteach agus imeacht, faoi gach diúltú cead isteach, agus faoi gach rófhanacht ag náisiúnaigh tríú tír chun an próiseas measúnaithe riosca i dtaca le rófhanacht agus éifeachtúlacht na seiceálacha teorann a fheabhsú, chun cuidiú le consalachtaí agus iad ag próiseáil iarratais ar víosa, agus chun tacú le déanamh beartas imirce an Aontais ar bhonn fianaise. Beidh sa lárstóras sin freisin staitisticí laethúla faoi na sonraí dá dtagraítear i mír 4. Is le slánrochtain via S-TESTA a thabharfar rochtain ar an lárstóras chun críocha tuairiscithe agus staitisticí, agus chucu sin amháin; rialálfar an rochtain sin agus próifíli na n-úsáideoirí.

Glacfar rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú an lárstórais agus leis na rialacha cosanta sonraí agus slándála is infheidhme maidir leis an lárstóras i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 61(2).

3. Áireofar leis na nósanna imeachta a chuirfidh eu-LISA ar bun chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt agus ar fheidhmíocht EES dá dtagraítear in Airteagal 64(1) go bhféadfar staitisticí a sholáthar ar bhonn rialta d'fhonn an faireachán sin a áirithiú.
4. Foilseoidh eu-LISA staitisticí maidir le EES gach ráithe, go háirithe staitisticí faoi líon, faoi náisiúntacht agus faoi phointí trasnaithe na ndaoine seo: rófhantóirí, náisiúnaigh tríú tír dár diúltaíodh cead isteach (lena n-áirítear na cúiseanna a bhí leis an diúltú sin), náisiúnaigh tríú tír a ndearnadh síneadh a chur lena bhfanacht nó é a neamhniú, agus náisiúnaigh tríú tír atá díolmhaithe ón gceanglas méarloirg a thabhairt.
5. Is mar staitisticí do gach ráithe den bhliain sin a thiomsófar na sonraí staitistiúla ag ceann gach bliana. Beidh miondealú ar shonraí gach Ballstáit sa staidreamh.
6. Arna iarraidh sin don Choimisiún, cuirfidh eu-LISA ar fáil dó staitisticí maidir le gnéithe áirithe a bhaineann le cur chun feidhme an Rialacháin seo maille le staitisticí de bhun mhír 3.

Airteagal 58

Costais

1. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a thitfidh na costais a thabhfófar i dtaca leis an lárchóras, leis an mbonneagar cumarsáide, agus leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a bhunú agus a fheidhmiú.
2. Is ar bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh a thitfidh na costais a thabhfófar i dtaca leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta a óstáil, agus i dtaca leis an mbonneagar [...] náisiúnta reatha is gá don tseiceáil teorann a chomhtháthú agus a cheangal leis an gcomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta sin.

Ní chuirfear san áireamh na costais seo a leanas:

- (a) oifig bainistíochta tionscadal na mBallstát (cruinnithe, misin, oifigí);
 - (b) córais náisiúnta a óstáil (spás, forghníomhú, leictreachas, fuarú);
 - (c) córais náisiúnta a fheidhmiú (oibreoirí agus conarthaí tacaíochta);
 - (d) na córais seiceála teorann reatha a oiriúnú maille le córais phóilíneachta do na córais náisiúnta dul isteach/imeachta;
 - (e) bainistíocht tionscadail do na córais náisiúnta dul isteach/imeachta;
 - (f) líonraí cumarsáide náisiúnta a dhearadh, a fhorbairt, a chur chun feidhme, a fheidhmiú agus a chothabháil;
 - (g) córais um rialú uathoibrithe teorann, córais féinfhreastail agus ríomhgheataí.
3. Is ar gach Ballstát agus ar Europol, faoi seach, a thitfidh na costais a thabhóidh na lárphointí rochtana dá dtagraítear in Airteagal 26 agus in Airteagal 27. [...] Is ar gach Ballstát agus ar Europol, faoi seach, a thitfidh na costais i ndáil leis na lárphointí rochtana sin a nascadh leis an gComhéadan Aonfhoirmeach Náisiúnta agus le EES.

4. Déanfaidh gach Ballstát agus Europol, ar a gcostas féin, an bonneagar teicniúil a bhunú agus a chothabháil is gá chun Airteagal [...] 1(2) a chur chun feidhme, agus is iad a bheidh freagrach as na costais a íoc a eascróidh as rochtain ar EES chun na críche sin.

Airteagal 59

Fógraí

1. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún i dtaobh an údaráis a mheasfar a bheith ina rialaitheoir dá dtagraítear in Airteagal 49.
2. Tabharfaidh gach Ballstát fógra do eu-LISA i dtaobh na n-údarás inniúil dá dtagraítear in Airteagal 8 a mbeidh rochtain acu ar EES d'fhonn sonraí a iontráil, a leasú, a scríosadh, a cheadú nó a chuardach.
3. Tabharfaidh gach Ballstát fógra don Choimisiún agus d'eu-LISA maidir leis na húdaráis atá ainmnithe acu agus maidir lena lárphointí rochtana náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 26 agus tabharfaidh sé fógra gan mhoill maidir le haon leasú orthu sin.
4. Tabharfaidh Europol fógra don Choimisiún agus do eu-LISA maidir leis an údarás atá ainmnithe aige agus maidir lena lárphointe rochtana náisiúnta féin dá dtagraítear in Airteagal 27 agus tabharfaidh sé fógra gan mhoill maidir le haon leasú orthu sin.
5. Tabharfaidh eu-LISA fógra don Choimisiún maidir le cur i gcríoch rathúil na tástála dá dtagraítear in Airteagal 60(1)(b).
6. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis a dtugtar fógra fúithi de bhun mhír 1(a) ar fáil do na Ballstáit agus don phobal ar shuíomh gréasáin poiblí a nuashonrófar go leanúnach.
- 6a. Foilseoidh an Coimisiún an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 4 in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar bhonn bliantúil agus i bhfoilseachán leictreonach a bheidh ar fáil ar líne agus a nuashonrófar gan mhoill.

Airteagal 60

Oibríochtaí a thosú

1. Cinnfidh an Coimisiún an dáta a thosóidh EES ag feidhmiú ar choinníoll go mbeidh na coinníollacha seo a leanas comhlíonta:
 - (a) go mbeidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 33 glactha;
 - (b) go mbeidh sé dearbhaithe ag eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar EES tugtha chun críche go rathúil aige féin i gcomhar leis na Ballstáit;
 - (c) go mbeidh na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir le bailiú agus tarchur na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 14 go 18 bailíochtaithe ag na Ballstáit agus fógra tugtha don Choimisiún ina leith;
 - (d) go mbeidh na fógraí dá dtagraítear in Airteagal 59(1) agus (3) tugtha ag na Ballstáit don Choimisiún.

1a. Beidh EES á oibriú ag

- a) na Ballstáit a chuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine, agus
- b) na Ballstáit nach gcuireann acquis Schengen i bhfeidhm ina iomláine, ach a chomhlíonann na coinníollacha uile seo a leanas:
 - (i) ar tugadh i gcrích go rathúil cheana féin an fíorú i gcomhréir le nósanna imeachta meastóireachta Schengen is infheidhme,
 - (ii) ar cuireadh i bhfeidhm na forálacha sin d'acquis Schengen a bhaineann le córas faisnéise Schengen, i gcomhréir leis an gConradh ábhartha Aontachais, agus
 - (iii) ar cuireadh i bhfeidhm na forálacha sin d'acquis Schengen a bhaineann leis an gcóras faisnéise víosaí is gá chun EES a oibriú mar a shainítear sa Rialachán seo, i gcomhréir leis an gConradh ábhartha Aontachais.

- 1b. Ballstát nach gcumhdaítear le mír 1a, nascfar le EES é a luaithe agus a chomhlíonfar na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1(b), (c), (d) agus i mír 1a(b). Cinnfidh an Coimisiún an dáta a thosóidh EES ag feidhmiú sa Bhallstát sin.
2. Cuirfidh an Coimisiún torthaí na tástála arna déanamh de bhun phointe (b) de mhír 1 in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.
3. Foilseofar an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 1 agus 1b san *Iris Oifigiúil*.
4. Tosóidh an Ballstát agus Europol ag úsáid EES ón dáta a chinnfidh an Coimisiún i gcomhréir le mír 1 nó i gcás inarb infheidhme, le mír 1b.

Airteagal 61
Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Is coiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 a bheidh sa choiste sin.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 62
Grúpa comhairleach

Bunóidh eu-LISA grúpa comhairleach agus soláthróidh sé don ghrúpa sin an saineolas a bhaineann le EES, go háirithe agus a chlár oibre bliantúil agus a thuarascáil bhliantúil ghníomhaíochta á n-ullmhú aige. Le linn na céime deartha agus forbartha, beidh feidhm ag Airteagal 34(2).

Airteagal 63

Oiliúint

is é eu-LISA a dhéanfaidh cúraimí maidir le hoiliúint ar úsáid theicniúil EES a chur ar fáil i gcomhréir leis na forálacha ábhartha i Rialachán 1077/2011.

Airteagal 63a

Lámhleabhar Praiticiúil

Cuirfidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, le eu-LISA agus le gníomhaireachtaí ábhartha eile, lámhleabhar praiticiúil ar fáil do chur chun feidhme agus do bhainistiú EES.
Soláthrófar treoirlínte teicniúla agus oibríochtúla, moltaí agus dea-chleachtais sa Lámhleabhar.
Glacfaidh an Coimisiún an Lámhleabhar i bhfoirm molta.

Airteagal 64

Faireachán agus meastóireacht

1. Áiritheoidh eu-LISA go mbeidh nósanna imeachta ann chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairt EES de réir cuspóirí a bhaineann le planáil agus costais agus chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú EES de réir cuspóirí a bhaineann le haschur teicniúil, cost-éifeachtúlacht, slándáil agus cáilíocht seirbhíse.
2. Faoi [Sé mhí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm – OPOCE, cuirfear isteach an dáta le bhur dtoil] agus gach sé mhí dá éis le linn chéim forbartha EES, cuirfidh eu-LISA tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle faoin dul chun cinn atá déanta i ndáil le forbairt an lárchórais, na gcomhéadan aonfhoirmeach agus an bhonneagair cumarsáide idir an lárchóras agus na comhéadain aonfhoirmeacha. Ach críoch curtha leis an bhforbairt, cuirfear tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar a mhíniú go mionsonrach cé mar a baineadh amach na cuspóirí, go háirithe i dtaca le planáil agus costas, agus ina dtabharfar údar maith i gcás inar imíodh óna raibh socraithe.
3. Chun críocha na cothabhála teicniúla, beidh rochtain ag eu-LISA ar an bhfaisnéis is gá maidir leis na hoibríochtaí próiseála sonraí arna ndéanamh in EES.

4. Dhá bhliain tar éis do EES teacht i bhfeidhm agus gach re bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh eu-LISA tuarascáil ar fheidhmiú teicniúil EES, lena n-áirítear slándáil EES, faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, agus an Choimisiún.
5. Trí bliana tar éis do EES teacht i bhfeidhm, agus gach ceithre bliana dá éis, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht fhoriomlán ar EES. Áireofar sa mheastóireacht fhoriomlán sin measúnú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin; scrúdú ar thorthaí a baineadh amach de réir na guspóirí a bhí ann, agus ar an tionchar ar chearta bunúsacha [...] ; [...] measúnú ar bhailíocht leanúnach na bunreásúnachta, leordhóthanacht na sonraí bithmheadracha is gá le go bhfeidhmeoidh EES go cuí, ar úsáid stampaí i ndálaí eisceachtúla dá dtagraítear faoi Airteagal 19(2), ar na himpleachtaí praiticiúla chur i bhfeidhm Airteagal 54, [...] ar shlándáil EES agus ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ar shlándáil EES agus ar aon impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ar oibríochtaí sa todhchaí. Áireofar [...] sa mheastóireacht aon mholtaí is gá. Tarchuirfidh an Coimisiún an tuarascáil ar an meastóireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
6. Tabharfaidh na Ballstáit agus Europol do eu-LISA agus don Choimisiún pé faisnéis is gá chun na tuarascálacha dá dtagraítear i mír 4 agus i mír 5 a dhréachtú de réir na dtáscairí cainníochtúla a réamhshaineoidh an Coimisiún agus/nó eu-LISA. Ní chuirfidh an fhaisnéis sin modhanna oibre i gcontúirt ná ní bheidh faisnéis ar áireamh ann a nochtfaidh foinsí, baill foirne ná imscrúduithe na n-údarás ainmnithe.
7. Soláthróidh eu-LISA don Choimisiún an fhaisnéis is gá chun na meastóireachtaí foriomlána dá dtagraítear i mír 5 a dhéanamh.
8. Agus urraim á tabhairt d'fhorálacha an dlí náisiúnta maidir le faisnéis íogair a fhoilsiú, ullmhóidh gach Ballstát agus Europol tuarascálacha bliantúla maidir le héifeachtacht na rochtana ar shonraí EES ina mbeidh [...] staitisticí, chun críocha fhorghníomhú an dlí, faoi na nithe seo a leanas:

- (a) [...] cibé an ndearnadh an comhairliúchán chun críocha céannachta nó le haghaidh taifid a bhaineann le dul isteach/imeacht, agus [...] cineál an chiona sceimhlitheoireachta nó cineál an chiona thromchúisigh choiriúil;
- (b) [...] na forais a luaitear chun bunús a thabhairt leis an amhras go bhfuil [...] an duine lena mbaineann cumhdaithe leis an Rialachán seo;
- (c) na forais [...] a luaitear gan [...] comhairliúchán maidir le córas uathoibrithe na mBallstát eile um fhíorú méarlorg a sheoladh faoi Chinneadh 2008/615/CGB, i gcomhréir le hAirteagal 29(2)(b);
- (d) an líon iarrataí ar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí;
- (e) an líon agus na cineálacha cásanna inar éirigh leis na húdaráis an duine a shainaithint [...] mar thoradh ar rochtain ar EES chun críocha forfheidhmiú an dlí;
- (f) an [...] líon agus na cineálacha cásanna inar baineadh úsáid as an nós imeachta práinne, lena n-áirítear na cásanna sin nár glacadh leis an bpráinn sin iontu san fhíorú ex-post a rinne an lárphointe rochtana.

Déanfaidh eu-LISA teimpléid a tharraingt suas chun bailiú na faisnéise sa mhír seo a éascú. Beidh na teimpléid sin ar fáil do na Ballstáit.

Tarchuirfear tuarascálacha bliantúla na mBallstát agus Europol chuig an gCoimisiún tráth nach déanaí ná an 30 lá de Mheitheamh na bliana dar gcionn.

Airteagal 65
Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

Iarscríbhinn I

Eagraíochtaí Idirnáisiúnta atá údaraithe chun sonraí a iarraidh faoi Airteagal 38(2)

1. Eagraíochtaí de chuid na Náisiún Aontaithe (amhail UNHCR);
2. An Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (EII);
3. Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge.

Iarscríbhinn II

Na forálacha sonracha maidir le náisiúnaigh tríú tír a thrasnaíonn teorann ar bhonn

Doiciméad Idirthurais Éascaithe bailí

- (1) De mhaolú ar Airteagal 14(1) go (3), maidir le náisiúnaigh tríú tír a thrasnaíonn teorann ar bhonn Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) bailí arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) 693/2003, déanfaidh na húdaráis seiceála teorann an méid a leanas:

a) a sainchomhad a chruthú/a nuashonrú ina mbeidh na sonraí dá bhforáiltear faoi

Airteagal 15(1)(a), (b) agus (c) den Rialachán seo. Ina theannta sin, cuirfear in iúl ina sainchomhad go bhfuil Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) ag an duine. Mar thoradh uathoibríoch ar an méid sin a chur in iúl cuirfear saintréith dhul isteach iolrach FTD isteach sa taifead ar dhul isteach/imeacht.

b) déanfar na sonraí a liostaítear faoi Airteagal 14(2)(a) go (c) den Rialachán seo a iontráil sa taifead ar dhul isteach/imeacht maidir le gach uair a rachaidh siad isteach ar bhonn Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) bailí, mar aon leis an tásc go ndearnadh an dul isteach ar bhonn FTD.

D'fhonn tréimhse uasta an idirthurais a ríomh, measfar gurbh iad dáta agus am dul isteach mar thúsphóintí na tréimhse sin. Ríomhfar dáta agus am dul in éag an idirthurais údaithe go huathoibríoch faoin gcóras i gcomhréir le Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 693/2003.

- (2) Ina theannta sin, ar dhul isteach an chéad uair ar bhonn FTD, cuirfear isteach sa taifead ar dhul isteach/imeacht an dáta a rachaidh bailíocht FTD in éag.

- (3) Beidh Airteagal 14(3) agus (4) den Rialachán seo infheidhme *mutatis mutandis* maidir le náisiúnaigh tríú tír a bhfuil Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) acu arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) 693/2003.

- (4) Maidir le fíorú ag teorainn ag a bhfuil EES i bhfeidhm agus laistigh de chríocha na mBallstát, náisiúnaigh tríú tír a thrasnaíonn teorainneacha seachtracha ar bhonn Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD), beidh siad mutatis mutandis faoi réir an fhóraithe agus na sainaitheiniúchán sin dá bhforáiltear faoi Airteagail 21 agus 24 den Rialachán seo agus faoi Airteagail 18 agus 19a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 atá infheidhme maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil faoi réir ceanglas víosa chun teorainneacha seachtracha a thrasnú.
- (5) Ní bheidh feidhm ag na forálacha i mír 1 go dtí mír 4 maidir le náisiúnaigh tríú tír a thrasnaíonn teorann ar bhonn Doiciméad Idirthurais Éascaithe (FTD) bailí arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) 693/2003, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
- (a) déanann siad a n-idirthuras d'iarnród;
- (b) ní thuirlíngíonn siad i gcríoch Ballstáit.
-

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le húsáid an Chórais Dul Isteach/Imeachta

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 77(2)(b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen)¹, leagtar síos na coinníollacha, na critéir agus na rialacha mionsonraithe maidir le teorainneacha seachtracha na mBallstát a thrasnú.

¹ Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) (Códú) IO L 77, 23.3.2016, lch. 1.

- (2) Is é is aidhm le [Rialachán (AE) Uimh. XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta ('EES') chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí]¹ córas láraithe a chruthú chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh le haghaidh gearrfhanachta [...].
- (3) Chun na seiceálacha ar náisiúnaigh tríú tír a dhéanamh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2016/399, lena n-áirítear fíorú céannachta agus/nó aitheantais an náisiúnaigh tríú tír chomh maith le fíorú nár fhan an náisiúnach tríú tír níos faide ná uasfhad an fhanachta údaráithe ar chríoch na mBallstát, ba cheart do ghardaí teorann an fhaisnéis uile atá le fáil a úsáid, lena n-áirítear sonraí ó EES, i gcás go gceanglaítear sin. Ba cheart na sonraí a stóráiltear sa chóras sin a úsáid freisin chun a fhíorú gur chloígh náisiúnaigh tríú tír a bhfuil víosa chun dul isteach uair amháin nó dhá uair acu leis an uaslíon uaireanta a údaraítear dóibh dul isteach.
- (3a) I gcásanna áirithe ní mór don náisiúnach tríú tír sonraí bithmhéadracha a chur ar fáil chun críche seiceálacha teorann. Ba cheart dá bhrí sin coinníollacha maidir le dul isteach le haghaidh náisiúnaigh tríú tír a leasú leis an oibleagáid na sonraí bithmhéadracha sin a chur ar fáil. Más rud é go ndiúltaíonn náisiúnach tríú tír sonraí bithmhéadracha a chur ar fáil chun an sainchomhad a chruthú nó chun seiceáil teorann a dhéanamh, ba cheart cinntí maidir le diúltú cead isteach a ghlacadh.
- (4) Chun lánéifeachtacht EES a áirithiú, ní mór na seiceálacha dul isteach agus imeachta a dhéanamh ar bhealach comhchuibhithe ag [...] na teorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm.
- (5) Éilítear, le bunú EES, go ndéanfar oiriúnú ar na nósanna imeachta maidir le daoine a sheiceáil agus iad ag trasnú [...] na dtéorainneacha ag a bhfuil EES i bhfeidhm. Go háirithe, tá sé d'aidhm le EES deireadh a chur le stampáil doiciméad taistil, ar theacht agus ar imeacht náisiúnach tríú tír dá dtugtar cead isteach le haghaidh gearrfhanachta tríd an dul isteach agus an imeacht a thaifeadadh go leictreonach díreach in EES seachas trí na doiciméid a stampáil. Coinníodh an stampáil ar dhoiciméid taistil náisiúnach tríú tír dar diúltaíodh cead isteach áfach óir is le taistealaithe is mó riosca a bhaineann sé sin. Thairis sin, ní mór bunú na hidir-inoibritheachta idir EES agus an Córas Faisnéise Víosa (VIS) a chur san áireamh sna nósanna imeachta maidir le seiceálacha teorann. Ar deireadh, de bharr EES, beifear in ann teicneolaíochtaí nua a úsáid le haghaidh trasnuithe teorann taistealaithe gearrfhanachta.
- (5a) Ba cheart éifeacht a bheith ag oiriúnú na nósanna imeachta thuasluaite, sna Ballstáit a oibríonn EES, ar dháta chur i ngníomh EES, a chinntear i gcomhréir le Rialachán EES (AE) Uimh. XXX.

¹ IO L ...

- (5b) De mhaolú ar na hoiriúnuithe sin, le linn na hidirthréimhse go dtí go nasctar le EES iad, ba cheart do na Ballstáit nach n-oibríonn EES leanúint de na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/399, mar atá siad roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, a chur i bhfeidhm. Ba cheart a áireamh ar na nósanna imeachta sin coinneáil na hoibleagáide stampála agus na nósanna imeachta atá ann cheana maidir le seiceálacha teorann, nach n-áirítear fíorú EES orthu. Ar chúiseanna trédhearcachta agus deimhneachta dlíthiúla, ba cheart na nósanna imeachta sin a leagan amach in Iarscríbhinn is ceart a chur, chun na críche sin, le Rialachán (AE) 2016/399.
- (6) Ar feadh tréimhse sé mhí tar éis tús oibríochtaí ag EES, ba cheart do ghardaí teorann na tréimhsí a d'fhan taistealaithe ar chríocha na mBallstát le linn na sé mhí roimh an dul isteach nó an imeacht a chur san áireamh trí sheiceáil a dhéanamh ar na stampaí sna doiciméid taistil chomh maith leis na sonraí faoi dhul isteach/imeacht atá ar taifead in EES. A bhui leis na bearta sin, bheifí in ann na fíoruithe riachtanacha a dhéanamh sna cásanna sin ina mbeadh cead isteach tugtha do dhuine le haghaidh gearrfhanacht ar chríoch na mBallstát le linn na sé mhí roimh thús oibríochtaí EES. Ina theannta sin, is gá forálacha sonracha a leagan síos i gcomhair na ndaoine sin a chuaigh isteach ar chríoch na mBallstát agus nach bhfuil imithe aisti go fóill roimh thús oibríochtaí an chórais. Sna cásanna sin, ba cheart an dul isteach deireanach a thaifeadadh in EES freisin tráth a n-imeodh an duine as críoch na mBallstát.
- (7) Nuair a chuirtear san áireamh na cúinsí éagsúla sna Ballstáit agus ag pointí trasnaithe teorann éagsúla laistigh de na Ballstáit maidir le líon na náisiúnach tríú tír atá ag trasnú na dteorainneacha, ba cheart na Ballstáit a bheith in ann a chinneadh ar cheart úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí amhail córais um rialú uathoibrithe teorann, "bothanna féinfhreastail" agus r-gheataí, agus ba cheart iad a bheith in ann an méid úsáide a bhainfi astu a chinneadh freisin. Agus na teicneolaíochtaí sin á n-úsáid, ba cheart a áirithiú go ndéantar seiceálacha dul isteach agus imeachta ar bhealach comhchuibhithe ag na teorainneacha seachtracha agus go bhfuil leibhéal iomchuí slándála á áirithiú.
- (8) Ina theannta sin, is gá cúraimí agus ról na ngardaí teorann agus iad ag úsáid na teicneolaíochtaí sin a shainiú. Maidir leis sin, ba cheart a áirithiú go bhfuil fáil ag gardaí teorann ar thorthaí na seiceálacha teorann a rinneadh trí mhodhanna uathoibrithe ionas go mbeidh siad in ann na cinntí iomchuí a dhéanamh. Ina theannta sin, is gá maoirseacht a dhéanamh ar úsáid na gcóras um rialú uathoibrithe teorann, na "mbothanna féinfhreastail" agus na r-gheataí ag taistealaithe chun cosc a chur ar iompraíocht chalaoiseach agus ar úsáid chalaoiseach. Ina theannta sin, agus an mhaoirseacht sin á déanamh, ba cheart do ghardaí teorann aird ar leith a thabhairt ar mhionaoisigh agus ba cheart dóibh a bheith i suíomh lena gcuirfi ar a gcumas daoine a dteastaíonn cosaint uathu a aithint.

- (9) Ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann clár éascaithe náisiúnta a bhunú ar bhonn deonach ionas go mbeidh náisiúnaigh tríú tír a ndearnadh réamh-ghrinnfhiosrúchán orthu in ann tairbhe a bhaint as maoluithe ar na seiceálacha dochta ar dhul isteach dóibh. Nuair atá cláir éascaithe náisiúnta den sórt sin in úsáid, ba cheart a áirithiú go bhfuil siad bunaithe ar bhealach comhchuibhithe agus go bhfuil leibhéal iomchuí slándála á ráthú.
- (10) Tá an Rialachán seo gan dochar do chur i bhfeidhm Threoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹.
- (10a) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus thug sé tuairim an 21 Meán Fómhair 2016.
- (11) Ós rud é nach féidir cuspóir an Rialacháin seo, eadhon foráil a dhéanamh maidir le leasuithe ar na rialacha atá ann cheana i Rialachán (AE) 2016/399, a ghnóthú ach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin freisin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.
- (12) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm. Ós rud é go gcuireann an Rialachán seo le *acquis* Schengen, cinnídh an Danmhairg, i gcomhréir le hAirteagal 4 den Phrótacal sin, laistigh de thréimhse sé mhí tar éis don Chomhairle cinneadh a dhéanamh ar an Rialachán seo, an gcuirfidh sí chun feidhme ina dlí náisiúnta é.
- (13) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil an Ríocht Aontaithe rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle²; dá bhrí sin, níl an Ríocht Aontaithe rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (14) Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle³; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach ina ghlacadh agus níl an Rialachán ina cheangal uirthi ná níl sí faoi réir a chur i bhfeidhm.

¹ Treoir 2004/38/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le ceart shaoránaigh an Aontais agus ceart bhaill dá dteaghlach gluaiseacht agus cónaí faoi shaoirse ar chríoch na mBallstát (IO L 158, 30.4.2004, lch. 77).

² Cinneadh 2000/365/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2000 maidir leis an iarraidh ó Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 131, 1.6.2000, lch. 43).

³ Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20).

- (15) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis*¹ Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle².
- (16) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis*³ Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE⁴, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle⁵.

¹ IO L 176, 10.7.1999, lch. 36.

² Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

³ IO L 53, 27.2.2008, lch. 52

⁴ Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

⁵ Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontuithe, ar son an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1).

- (17) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis*¹ Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear i bpointe A d'Airteagal 1 de Chinneadh 1999/437/CE² arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle³.
- (17a) [Maidir leis an mBulgáir, leis an gCróit, leis an gCipir agus leis an Rómáin, is éard atá i bhforálacha den Rialachán seo a thagraíonn do VIS forálacha lena gcuirtear le *acquis* Schengen, nó a bhfuil baint ar shlí eile acu le *acquis* Schengen faoi seach, de réir bhrí Airteagal 3(2) d'Ionstraim Aontachais 2003, de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2005 agus de réir bhrí Airteagal 4(2) d'Ionstraim Aontachais 2011.]
- (18) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 a leasú dá réir,

¹ IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

² Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socrúithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31).

³ Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle an 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, ar son an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 mar seo a leanas:

(1) In Airteagal 2, cuirtear na pointí 22, 23, 24 agus 25 seo a leanas isteach:

"22. Ciallaíonn 'córas dul isteach/imeachta (EES)' an córas arna bhunú le [Rialachán (AE) Uimh.[...] XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)] chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí;

23. Ciallaíonn 'córas féinfhreastail' córas uathoibrithe lena ndéantar na seiceálacha teorann uile, nó cuid díobh, atá infheidhme maidir le duine agus a fhéadfad a úsáid chun sonraí a réamhchlárú in EES;

24. Ciallaíonn 'r-gheata' bonneagar arna oibriú go leictreonach áit a dtarlaíonn trasnú éifeachtach teorann [...];

25. Ciallaíonn 'córas um rialú uathoibrithe teorann' córas faoinar féidir teorainn a thrasnú ar bhealach uathoibrithe, arb é atá ann córas féinfhreastail agus r-gheata.

(1a) Cuirtear pointe (f) isteach i mír 1 d'Airteagal 6:

"(f) cuireann siad na sonraí bithmhéadracha ar fáil, más gá sin chun:

- (i) an sainchomhad a chruthú sa chóras dul isteach/imeachta i gcomhréir le hAirteagal 14 agus le hAirteagal 15 de [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)];
- (ii) seiceálacha teorann a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 8(3)(a)(i) agus (g)(i) den Rialachán seo, le hAirteagal 21(2) agus (4) de [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)] nó le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

(2) Cuirtear isteach an tAirteagal 6a seo a leanas:

"Airteagal 6a

Náisiúnaigh tríú tír a ndéanfar sonraí fúthu a iontráil in EES

1. Déanfar sonraí dul isteach agus sonraí imeachta na gcatagóirí seo a leanas daoine a iontráil in EES i gcomhréir le hAirteagal 14, 15, 17 agus 18 den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)]:
 - (a) náisiúnaigh tríú tír dá dtugtar cead isteach le haghaidh gearrfhanachta de bhun Airteagal 6(1) [nó le haghaidh fanacht ar bhonn víosa chamchuidir];
 - (b) náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis agus nach bhfuil cárta cónaithe acu de bhun na Treorach sin;
 - (c) náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach de chuid náisiúnaigh tríú tír a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais nó a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le ceart saoránach Eorpach faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit ar an taobh amháin agus tríú tír ar an taobh eile, agus nach bhfuil an cárta cónaithe dá dtagraítear i dTreoir 2004/38/CE, nó doiciméad cónaithe de bhun an chomhaontaithe de réir mar is infheidhme, acu.
2. Sonraí náisiúnach tríú tír dár diúltaíodh cead dul isteach le haghaidh gearrfhanachta [nó cead dul isteach ar bhonn víosa chamchuidir] i gcomhréir le hAirteagal 14 den Rialachán seo, déanfar na sonraí sin a iontráil in EES i gcomhréir le hAirteagal 16 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)].
3. Ní iontrálfar sonraí na gcatagóirí daoine seo a leanas in EES:
 - (a) náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis agus a bhfuil cárta cónaithe i gcomhréir leis an Treoir sin acu;

- (b) náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach de chuid náisiúnaigh tríú tír a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais nó a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu atá coibhéiseach le ceart saoránach Eorpach faoi chomhaontú idir an tAontas agus a Bhallstáit ar an taobh amháin agus tríú tír ar an taobh eile, agus a bhfuil an cárta cónaithe dá dtagraítear i dTreoir 2004/38/CE, nó doiciméad cónaithe de bhun an chomhaontaithe de réir mar is infheidhme, acu.
- (b1) sealbhóirí na gceadanna cónaithe dá dtagraítear i bpointe 16 d'Airteagal 2 cé is moite díobh sin a chumhdaítear i bpointe (a) agus i bpointe (b) den mhír seo;
- (b2) sealbhóirí víosaí fadfhanachta;
- (b3) náisiúnaigh tríú tír a fheidhmíonn saorghluaiseacht i gcomhréir le Treoir 2014/66/AE¹ nó le Treoir (AE) 2016/801² mar cuireadh scéimeanna soghluaisteachta sonracha laistigh den Aontas ar bun leis na Treoracha sin;
- (c) náisiúnaigh Andóra, Mhonacó agus San Mairíne agus sealbhóirí pas arna eisiúint ag Stát Chathair na Vatacáine;
- (d) daoine nó catagóirí daoine atá díolmhaithe ó sheiceálacha teorann nó atá ag baint tairbhe as éascú trasnaithe teorann;
- (i) cinn stáit, cinn rialtais agus comhaltaí de rialtas náisiúnta leis na céilí a bheidh á dtionlacan, flatha agus daoine sinsearach eile de theaghlach ríoga agus baill dá dtoscaireachtaí i gcomhréir le pointe 1 d'Iarscríbhinn VII;
- (ii) píolótaí aerárthaí agus baill eile den chriú i gcomhréir le pointe 2 d'Iarscríbhinn VII;

¹ Treoir 2014/66/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír faoi chuimsiú aistriú idirchorparáideach, IO L 157, 27.5.2014, lch. 1.

² Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe náisiúnaigh ó thríú tíortha chun críche taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus au pair (athmhunlú) (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21).

- (iii) maraithe i gcomhréir le pointe 3 d'Iarscríbhinn VII agus maraithe nach mbíonn i láthair ar chríoch Ballstáit ach amháin nuair a thagann a long i dtír agus i gceantar an chalafoirt cuarda;
 - (iv) oibrithe trasteorann i gcomhréir le pointe 5 d'Iarscríbhinn VII;
 - (v) seirbhísí tarrthála, póilíní, briogáidí dóiteáin agus iad ag gníomhú i gcás éigeandála agus gardaí teorann i gcomhréir le pointe 7 d'Iarscríbhinn VII;
 - (vi) oibrithe amach ón gcósta i gcomhréir le pointe 8 d'Iarscríbhinn VII;
 - (vii) criú agus paisinéirí long cursála i gcomhréir le pointí 3.2.1, 3.2.2 agus 3.2.3 d'Iarscríbhinn VI;
 - (viii) daoine atá ar bord bád pléisiúir nach bhfuil faoi réir seiceálacha teorann i gcomhréir le pointí 3.2.4, 3.2.5 agus 3.2.6 d'Iarscríbhinn VI;
- (e) daoine atá díolmhaithe ón oibleagáid gan teorainneacha seachtracha a thrasnú ach ag pointí trasnaithe teorann agus le linn na n-uaireanta oscailte seasta a leagtar síos de bhun Airteagal 5(2);
- (f) daoine a thaispeánann cead tráchta teorann áitiúil atá bailí chun go dtrasnóidh siad an teorainn i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1931/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;
- (g) criúnna traenacha paisinéirí agus earraí agus iad ar naisc idirnáisiúnta;
- (h) daoine a thaispeánann, chun an teorainn a thrasnú,
- (i) Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe atá bailí, arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 693/2003, nó
 - (ii) Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe atá bailí, arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 693/2003, ar choinníoll go ndéanann siad a n-idirthuras d'iarnród agus nach dtuirlingíonn siad i gcríoch Bhallstáit.

Ní dhéanfar sonraí na mball teaghlaigh dá dtagraítear i bpointe (a) agus pointe (b) a iontráil in EES, fiú amháin mura bhfuil siad in éineacht leis an saoránach den Aontas nó leis an náisiúnach tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta nó ag dul ag bualadh leis an saoránach nó an náisiúnach sin."

(3) Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) i mír 2, sa chéad fhomhír, cuirtear an abairt seo a leanas isteach:

["Má tá meán leictreonach stórála (slis) sa doiciméad taistil, deimhneofar barántúlacht agus sláine shonraí na slise trí úsáid a bhaint as an tsraith iomlán de dheimhnithe bailí, ach amháin mura bhfuil sin indéanta, ar chúiseanna teicniúla, nó i gcás doiciméad taistil arna eisiúint ag tríú tír, toisc nach bhfuil deimhnithe bailí ar fáil."]

(b) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a)(i), (a)(ii) agus (a)(iii):

["(i) fíorú chéannacht agus náisiúntacht an náisiúnaigh tríú tír agus bhailíocht agus bharántúlacht an doiciméid taistil, fíorú a dhéanfar trí na bunachair shonraí ábhartha a cheadú, iad seo a leanas go háirithe:

- (1) córas faisnéise Schengen;
- (2) bunachar sonraí Interpol ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a cailleadh agus a goideadh;
- (3) bunachair shonraí náisiúnta ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh, a mídhílsíodh, a cailleadh agus a rinneadh neamhbhailí.

Is cuid den fhíorú seo grinnscrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar an doiciméad taistil féachaint an bhfuil aon rian d'fhalsú nó de ghóchumadh air.]

[...] Má tá íomhá d'aghaidh sa doiciméad taistil a bhfuil taifead uirthi sa mheán leictreonach stórála (slis) agus má tá sé indéanta go teicniúil [...] rochtain a fháil ar an íomhá den aghaidh sin atá ar taifead sa tslis, beidh sé ina chuid den fhíorú sin an íomhá sin den aghaidh atá ar taifead sa tslis a fhíorú, trí chomparáid a dhéanamh go leictreonach idir an íomhá sin agus an íomhá bheo d'aghaidh an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, ach amháin i gcás náisiúnaigh tríú tír a bhfuil sainchomhad cláraithe ina leith in EES cheana. Is féidir an fíorú sin a dhéanamh trí fhíorú a dhéanamh ar na méarloirg bheo agus na méarloirg a taifeadadh sa tslis, más féidir sin a dhéanamh go teicniúil agus go dleathach.

(ii) fíorú go bhfuil an víosa is gá, [víosa chamchuarite], víosa fhadfhanachta nó cead cónaithe, más infheidhme, ag gabháil leis an doiciméad taistil.

Má tá meán leictreonach stórála (slis) sa chead cónaithe, faomhfar barántúlacht agus sláine na slise trí úsáid a bhaint as an tsraith iomlán de dheimhnithe bailí, ach amháin mura bhfuil sin indéanta ar chúiseanna teicniúla. Beidh sé ina chuid de na seiceálacha críochnúla ar dhul isteach fíorú córasach a dhéanamh ar bhailíocht an cheada cónaithe nó na víosa gearrfhanachta, trí fhaisnéis faoi dhoiciméid a goideadh, a mídhílsíodh, a cailleadh agus a rinneadh neamhbhailí [], agus fúthu sin amháin, a cheadú in SIS agus i mbunachair shonraí ábhartha eile.^[1]

(iii) maidir le daoine a bhfuil a ndul isteach nó diúltú a ndul isteach faoi réir clárú in EES de bhun Airteagal 6a den Rialachán seo, fíorófar céannacht an duine i gcomhréir le hAirteagal 21(2) den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)] agus, más infheidhme, déanfar sainaithint i gcomhréir le hAirteagal 21(4) den [Rialachán lena mbunaítear córas dul isteach/imeachta (EES)]."

(ii) cuirtear an pointe (a)(iii a) seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (a)(iii):

¹ Is féidir go gcaithfear tuilleadh coigeartuithe a dhéanamh ar na míreanna seo nuair a bheidh togra (2015)670/2 ón gCoimisiún glactha.

"(iii a) maidir le daoine a bhfuil a ndul isteach nó diúltú a ndul isteach faoi réir clárú in EES de bhun Airteagal 6a den Rialachán seo, fíorú nach bhfuil uasfhad an fhanachta údaráithe ar chríoch an Bhallstáit sroichte cheana ag an náisiúnach tríú tír ná nár fhan sé níos faide ná an fad sin, agus, i gcás náisiúnaigh tríú tír a bhfuil víosa dul isteach uair amháin nó dhá uair acu, fíorú gur chloígh siad leis an t-uaslíon uaireanta a n-údaraítear dóibh dul isteach, trí EES a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 21 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)]."

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) má tá víosa [nó víosa chamchuarite] dá dtagraítear in Airteagal 6(1)(b) ag an náisiúnach tríú tír, beidh sé ina chuid de na seiceálacha críochnúla ar dhul isteach freisin barántúlacht, bailíocht chríochach agus bailíocht ama agus stádas na víosa [nó víosa camchuarite], agus, más infheidhme, céannacht shealbhóir na víosa [nó víosa camchuarite] a fhíorú, trí VIS a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle¹"

¹ Rialachán (CE) Uimh. 767/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir leis an gcóras faisnéise víosaí (VIS) agus maidir le sonraí ar víosaí gearrfhanachta a mhalartú idir Bhallstáit (Rialachán VIS)."

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g)(i):

"(i) fíorú go bhfuil i seilbh an náisiúnaigh tríú tír doiciméad atá bailí chun an teorainn a thrasnú, agus go bhfuil ag gabháil leis an doiciméad sin, más infheidhme, an víosa is gá, [nó víosa chamchuartha], víosa fadfhanachta nó cead cónaithe. Beidh sé ina chuid d'fhíorú an doiciméid na bunachair sonraí ábhartha a cheadú, go háirithe córas faisnéise Schengen; bunachair sonraí Interpol ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a cailleadh agus a goideadh; agus bunachair sonraí náisiúnta ina bhfuil faisnéis faoi dhoiciméid taistil a goideadh, a mídhílsíodh, a cailleadh agus a rinneadh neamhbhailí.¹ [...] Má tá íomha d'aghaidh sa doiciméad taistil a bhfuil taifead uirthi sa mheán leictreonach stórála (slis) agus má tá sé indéanta go teicniúil [...] rochtain a fháil ar an íomha den aghaidh a bhfuil taifead uirthi sa tslis, beidh sé ina chuid den fhíorú sin an íomha sin den aghaidh atá ar taifead sa tslis a fhíorú, trí chomparáid a dhéanamh idir an íomha sin agus an íomha bheo d'aghaidh an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, ach amháin i gcás náisiúnaigh tríú tír a bhfuil sainchomhad cláraithe ina leith in EES cheana. Más indéanta go teicniúil agus go dleathach é, is féidir an fíorú sin a dhéanamh trí fhíorú a dhéanamh ar na méarloirg bheo agus na méarloirg a taifeadadh sa tslis.

(v) cuirtear isteach an pointe (g)(iv) agus an pointe (g)(v) seo a leanas:

"(iv) maidir le daoine a bhfuil a n-imeacht faoi réir clárú in EES de bhun Airteagal 6a den Rialachán seo, fíorú chéannacht an duine i gcomhréir le hAirteagal 21(2) den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)] agus, más infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 21(4) den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)], déanfar iad a shainaithint;

(v) maidir le daoine a bhfuil a n-imeacht faoi réir clárú in EES de bhun Airteagal 6a den Rialachán seo, fíorú a dhéanamh nár fhan an náisiúnach tríú tír níos faide ná uasfhad an fhanachta údairithe ar chríoch na mBallstát, trí EES a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 21(3) den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)]."

¹ Tá foráil déanta maidir leis an gcoinníoll [...] seo sa togra COM(2015)670/2, lena leasaítear Airteagal 7 de Chód Teorainneacha Schengen agus beidh sé ina chuid de na seiceálacha éigeantacha a dhéanfar i leith daoine ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta. De réir mar a bheidh an leagan deiridh den téacs a ghlacfar, is féidir go gcaithfear an abairt seo a choigeartú.

(vi) scriostar pointe (h)(ii).

(vii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (i):

"(i[...]) chun críche aon duine a shainaithint arbh fhéidir nach gcomhlíonann sé nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát, féadfar VIS a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, agus féadfar EES a cheadú i gcomhréir le hAirteagal 25 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)]."

(viii) cuirtear isteach an mhír 9 seo a leanas:

"9.[...] Beidh an ceart ag gach náisiúnach tríú tír ceist a chur ar an ngarda teorann le linn seiceálacha teorann ag teacht isteach dóibh maidir le huaslíon na laethanta a bheadh fágtha dá f(h)anacht údaráithe, lena gcuirfear san áireamh [...] an líon dul isteach agus fad an fhanachta atá údaráithe leis an víosa [...] {nó leis an víosa chamchuidithe}, agus cuirfidh an gardaí teorann an fhaisnéis sin ar fáil ar an ócáid sin."

(4) Cuirtear isteach an tAirteagal 8a a leanas:

"Airteagal 8a

Úsáid córas um rialú uathoibrithe teorann i gcás saoránaigh den Aontas Eorpach, den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, den Eilvéis agus náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cárta cónaithe acu

1. Féadfar cead a thabhairt do na catagóirí daoine seo a leanas úsáid a bhaint as córais um rialú uathoibrithe teorann má chomhlíontar na coinníollacha a liostaítear i mír 2:

- (a) saoránaigh den Aontas de réir bhrí Airteagal 20(1) CFAE [...];
- (b) náisiúnaigh tríú tír, ag a bhfuil, faoi chomhaontuithe idir an tAontas agus a Bhallstáit, ar thaobh amháin, agus na tríú tíortha sin ar an taobh eile, cearta chun saorghluaiseachta is comhionann leis na cearta atá ag saoránaigh den Aontas;

- (c) náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach saoránaigh den Aontas a bhfuil feidhm ag Treoir 2004/38/CE maidir leis, agus a bhfuil cárta cónaithe dá dtagraítear sa Treoir sin acu;
 - (d) náisiúnaigh tríú tír ar baill iad de theaghlach náisiúnach tríú tír a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais agus a bhfuil cárta cónaithe de bhun Threoir 2004/38/CE acu.
2. Chun cead a fháil úsáid a bhaint as córais um rialú uathoibrithe teorann, comhlíonfar na coinníollacha carnacha seo a leanas:
- (a) beidh sa doiciméad taistil [...] meán leictreonach stórála (slis), agus faomhfar barántúlacht agus sláine shonraí na slise trí úsáid a bhaint as an tsraith iomlán de dheimhnithe bailí;
 - (b) beidh sa doiciméad taistil [...] íomhá den aghaidh a bhfuil taifead uirthi sa tslis agus atá inrochtana go teicniúil ag an gcóras um rialú uathoibrithe teorann sa chaoi is gur féidir céannacht shealbhóir an doiciméid taistil a fhíorú trí chomparáid a dhéanamh idir an íomhá den aghaidh atá ar taifead sa tslis agus íomhá bheo na haghaidhe; is féidir an fíorú sin a dhéanamh trí fhíorú a dhéanamh ar na méarloirg bheo agus na méarloirg a taifeadadh sa tslis atá sa doiciméad taistil, más féidir sin a dhéanamh go teicniúil agus go dleathach;
 - (c) ina cheann sin, maidir le náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais agus ag a bhfuil cárta cónaithe bailí, comhlíonfaidh siad na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) beidh sa chárta cónaithe [...] meán leictreonach stórála (slis), agus faomhfar barántúlacht agus sláine shonraí na slise trí úsáid a bhaint as an tsraith iomlán de dheimhnithe bailí;
 - (ii) beidh sa chárta cónaithe [...] íomha den aghaidh a bhfuil taifead uirthi sa tslis agus atá inrochtana go teicniúil ag an gcóras um rialú uathoibrithe teorann sa chaoi is gur féidir céannacht [...] shealbhóir an chárta cónaithe a fhíorú trí chomparáid a dhéanamh idir an íomhá den aghaidh atá ar taifead sa tslis agus íomhá bheo na haghaidhe; is féidir an fíorú sin a dhéanamh trí fhíorú a dhéanamh ar na méarloirg bheo agus na méarloirg a taifeadadh sa tslis atá sa chárta cónaithe, más féidir sin a dhéanamh go teicniúil agus go dleathach.

3. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha faoi mhír 2 den Airteagal seo, féadfar na seiceálacha teorann ar dhul isteach agus ar imeacht dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) a dhéanamh le córas um rialú uathoibrithe teorann agus féadfar an trasnú teorann féin a dhéanamh le córas den sórt sin. I gcás ina ndéantar an tseiceáil teorann le córas um rialú uathoibrithe teorann, beidh sé ina chuid chórasach den tseiceáil ag an teorainn ar dhul isteach agus ar imeacht duine fíorú a dhéanamh nach bagairt dháiríre, láithreach agus thromchúiseach go leor ar an tslándáil inmheánach, ar an mbeartas poiblí, ar chaidreamh idirnáisiúnta na mBallstát, ná ar an tsláinte phoiblí é agus áireofar ar an bhfíorú sin bunachair sonraí ábhartha an Aontais agus na bunachair sonraí náisiúnta ábhartha a cheadú, go háirithe córas faisnéise Schengen.^[1]
4. Ar dhul isteach agus ar imeacht, cuirfear ar fáil do gharda teorann torthaí na seiceálacha teorann a rinneadh tríd an gcóras féinfhreastail. [...] Déanfaidh an garda teorann sin faireachán ar thorthaí na seiceálacha teorann agus, na torthaí sin á gcur san áireamh aige, údaróidh sé an dul isteach nó an imeacht nó, mar mhalairt, cuirfidh sé an duine ar aghaidh chuig garda teorann a dhéanfaidh tuilleadh seiceálacha.
5. Cuirfear an duine ar aghaidh chuig garda teorann sna cásanna seo a leanas:
- (a) nuair nach gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha a liostaítear i mír 2;
- (b) nuair a dhéanann torthaí na seiceálacha ar dhul isteach nó ar imeacht dá bhforáiltear faoi Airteagal 8(2) amhras a chaitheamh ar chéannacht an duine nó nuair a léiríonn siad gur bagairt dháiríre, láithreach agus thromchúiseach go leor ar an tslándáil inmheánach, ar an mbeartas poiblí nó ar chaidreamh idirnáisiúnta na mBallstát nó ar an tsláinte phoiblí an duine;
- (c) i gcás amhrais.
6. Gan dochar do mhír 4, féadfaidh an garda teorann atá ag déanamh maoirsiú ar an trasnú teorann cinneadh ar dhaoine atá ag úsáid an chórais um rialú uathoibrithe teorann a chur ar aghaidh chuig garda teorann ar chúiseanna eile.

¹ Tá foráil déanta maidir le coinníoll comhchosúil sa togra COM(2015)670/2, lena leasaítear Airteagal 7 de Chód Teorainneacha Schengen (Airteagal 8 reatha, nuair a bheidh an códú déanta) agus beidh sin ina chuid de na seiceálacha éigeantacha a dhéanfar i leith daoine a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu. De réir mar a bheidh an leagan deiridh den téacs a ghlacfar, is féidir nach mbeidh feidhm a thuilleadh leis an abairt seo.

7. Maidir le córais um rialú uathoibrithe teorann, feidhmeofar iad faoi mhaoirseacht garda teorann a mbeidh sé de chúram air úsáideoirí an chórais a choimhéad chun aon úsáid mhíchuí, chalaoiseach nó mhínormálta a bhainfear as an gcóras a bhrath."

(5) Cuirtear isteach an tAirteagal 8b seo a leanas:

"Airteagal 8b

Córais um rialú uathoibrithe teorann a úsáid i gcás náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead cónaithe acu

1. Náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead cónaithe acu, féadfar [...] a cheadú dóibh córais um rialú uathoibrithe teorann a úsáid i gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:
- (a) beidh sa doiciméad taistil [...] meán leictreonach stórála (slis), agus faomhfar barántúlacht agus sláine shonraí na slise trí úsáid a bhaint as an tsraith iomlán de dheimhnithe bailí;
 - (b) beidh sa doiciméad taistil [...] íomhá den aghaidh a bhfuil taifead uirthi sa tslis agus atá inrochtana [...] go teicniúil ag an gcóras um rialú uathoibrithe teorann sa chaoi is gur féidir céannacht shealbhóir an doiciméid taistil a fhíorú trí chomparáid a dhéanamh idir an íomhá den aghaidh atá ar taifead sa tslis agus an íomhá bheo dá aghaidh nó dá haghaidh; is féidir an fíorú sin a dhéanamh trí fhíorú a dhéanamh ar na méarloirg bheo agus na méarloirg a taifeadadh sa tslis atá sa doiciméad taistil, más féidir sin a dhéanamh go teicniúil agus go dleathach;
 - (c) beidh sa chead cónaithe [...] meán leictreonach stórála (slis), agus faomhfar barántúlacht agus sláine shonraí na slise trí úsáid a bhaint as an tsraith iomlán de dheimhnithe bailí;
 - (d) beidh sa chead cónaithe [...] íomha den aghaidh a bhfuil taifead uirthi sa tslis agus atá inrochtana go teicniúil ag an gcóras um rialú uathoibrithe teorann sa chaoi is gur féidir céannacht shealbhóir an cheada cónaithe a fhíorú trí chomparáid a dhéanamh idir an íomhá den aghaidh atá ar taifead sa tslis agus íomhá bheo na haghaidhe; is féidir an fíorú sin a dhéanamh trí fhíorú a dhéanamh ar na méarloirg bheo agus na méarloirg a taifeadadh sa tslis atá sa chead cónaithe, más féidir sin a dhéanamh go teicniúil agus go dleathach.

2. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1, féadfar na seiceálacha teorann is infheidhme ar dhul isteach agus ar imeacht a dhéanamh trí chóras um rialú uathoibrithe teorann a úsáid agus féadfar an trasnú teorann é féin a dhéanamh le córas den sórt sin. Go háirithe an méid seo:
- (a) ar dhul isteach dóibh, náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead cónaithe acu, beidh siad faoi réir na seiceálacha teorann dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus i bpointe (i), i bpointe (ii) [...] agus i bpointe (vi) d'Airteagal 8(3)(a);
 - (b) ar imeacht dóibh, náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cead cónaithe acu, beidh siad faoi réir na seiceálacha teorann dá dtagraítear in Airteagal 8(2) agus i bpointe (i), i bpointe (ii), agus i bpointe (iii) d'Airteagal 8(3)(g).
3. Ar dhul isteach agus ar imeacht, cuirfear ar fáil do gharda teorann torthaí na seiceálacha teorann a rinneadh tríd an gcóras féinfhreastail. [...] Déanfaidh an garda teorann sin faireachán ar thorthaí na seiceálacha teorann agus, na torthaí sin á gcur san áireamh aige, údaróidh sé an dul isteach nó an imeacht nó, mar mhalairt, cuirfidh sé an duine ar aghaidh chuig garda teorann a dhéanfaidh tuilleadh seiceálacha.
4. Cuirfear an duine ar aghaidh chuig garda teorann sna cásanna seo a leanas:
- (a) nuair nach gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na coinníollacha a liostaítear faoi mhír 1;
 - (b) nuair a dhéanann torthaí na seiceálacha ar dhul isteach nó ar imeacht a leagtar amach i mír 2 amhras a chaitheamh ar chéannacht an duine nó nuair a léiríonn siad go meastar gur bagairt é an duine ar an tslándáil inmheánach, ar an mbeartas poiblí nó ar chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit nó ar an tsláinte phoiblí;
 - (c) nuair a léiríonn na seiceálacha ar dhul isteach nó ar imeacht a leagtar amach i mír 2 go bhfuil ceann amháin de na coinníollacha maidir le dul isteach nó imeacht, nó níos mó ná ceann amháin díobh, gan a bheith comhlíonta;
 - (d) i gcás amhrais.
5. Gan dochar do mhír 4, féadfaidh an garda teorann atá ag déanamh maoirsiú ar an trasnú teorann cinneadh ar dhaoine atá ag úsáid an chórais um rialú uathoibrithe teorann a chur ar aghaidh chuig garda teorann ar chúiseanna eile.

6. Maidir le córais um rialú uathoibrithe teorann, feidhmeofar iad faoi mhaoirseacht garda teorann a mbeidh sé de chúram air úsáideoirí an chórais a choimhéad chun aon úsáid mhíchuí, chalaoiseach nó mhínormálta a bhainfear as an gcóras a bhrath."

(6) Cuirtear isteach an tAirteagal 8c seo a leanas:

"Airteagal 8c

Córais féinfhreastail a úsáid chun sonraí a réamhchlárú in EES

1. Daoine a bhfuil a dtrasnú teorann faoi réir clárú in EES, i gcomhréir le hAirteagal 6a, féadfaidh siad na córais féinfhreastail a úsáid chun críocha [...] na sonraí dá dtagraítear i mír (4)(a) den Airteagal seo [...] a réamhchlárú in EES ar choinníoll go bhfíoraítear na coinníollacha carnacha seo a leanas:
 - (a) beidh sa doiciméad taistil [...] meán leictreonach stórála (slis), agus faomhfar barántúlacht agus sláine shonraí na slise trí úsáid a bhaint as an tsraith iomlán de dheimhnithe bailí;
 - (b) beidh sa doiciméad taistil [...] íomhá den aghaidh a bhfuil taifead uirthi sa tslis agus atá inrochtana go teicniúil [...] ag an gcóras [...] féinfhreastail sa chaoi is gur féidir céannacht shealbhóir an doiciméid taistil a fhíorú trí chomparáid a dhéanamh idir an íomhá den aghaidh atá ar taifead sa tslis agus an íomhá bheo dá aghaidh nó dá haghaidh; is féidir an fíorú sin a dhéanamh trí fhíorú a dhéanamh ar na méarloirg bheo agus na méarloirg a taifeadadh sa tslis atá sa doiciméad taistil, más féidir sin a dhéanamh go teicniúil agus go dleathach.
2. De bhun mhír 1, fíorófar leis an gcóras féinfhreastail ar cláraíodh an duine in EES roimhe sin agus fíorófar céannacht an náisiúnaigh tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 21(2) den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)].
3. I gcomhréir le hAirteagal 21(4) den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)], déanfar sainaithint leis an gcóras féinfhreastail i gcomhréir le hAirteagal 25 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)] [...]

(a)[...]

(b)[...]

(c)[...]

Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 21(4) den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)], i gcás ina ndéantar sainaitheint le EES, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa chun na teorainneacha seachtracha a thrasnú, má léiríonn an cuardach in VIS a dhéantar ar bhonn na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 18(1) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, go bhfuil taifead ar an duine in VIS, déanfar fíorú méarlorg in VIS i gcomhréir le hAirteagal 18(5) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008. [...] I gcás nach bhfuil aon toradh ar fhíorú an duine de bhun mhír 2 den Airteagal seo, gheobhaidh an garda [...] teorann rochtain ar na sonraí atá in VIS chun críocha sainaitheint a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.
- (b) maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil faoi réir ceanglas víosa chun na teorainneacha seachtracha a thrasnú agus nach n-aimsítear sonraí ina leith in EES de thoradh an chuardaigh aitheantais arna dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 25 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)], ceadófar VIS i gcomhréir le hAirteagal 19a de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008.

4. I gcás nach bhfuil aon sonraí faoin duine ar taifead in EES de bhun mhír 2 agus mhír 3, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (a) maidir le náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir ceanglas víosa chun teorainneacha seachtracha a thrasnú, réamhchláróidh siad in EES tríd an gcóras féinfhreastail na sonraí a liostaítear in Airteagal 14(1), (2)(c), (d), (e), (f) agus [(g)] agus, i gcás inarb ábhartha, na sonraí dá dtagraítear faoi Airteagal 14 (6) den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)]; agus maidir le náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil faoi réir ceanglas víosa chun na teorainneacha seachtracha a thrasnú, réamhchláróidh siad in EES tríd an gcóras féinfhreastail na sonraí a liostaítear in Airteagal 15(1) (a), (b) agus (c) agus in Airteagal 14(2)(c) agus, i gcás inarb ábhartha, na sonraí dá dtagraítear in Airteagal (15)(1)(d), den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)];

(b) ina dhiaidh sin, cuirfear an duine ar aghaidh chuig garda teorann agus déanfaidh an garda teorann an méid seo:

(i) [...] i gcás nárbh fhéidir na sonraí riachtanacha go léir a bhailiú tríd an mboth féinfhreastail, na sonraí lena mbaineann a réamhchlárú,

(ii) [...] a fhíorú:

([...]1) gurb ionann an doiciméad taistil a úsáideadh ag an gcóras féinfhreastail agus an doiciméad taistil atá ag an duine atá os comhair an gharda teorann amach;

([...]2) gurb ionann an íomhá bheo d'aghaidh an duine lena mbaineann agus an íomhá den aghaidh a bailíodh tríd an gcóras féinfhreastail;

([...]3) agus, i gcás daoine nach bhfuil víosa acu de bhun Rialachán (CE) Uimh. 539/2001, gurb ionann méarloirg bheo an duine lena mbaineann agus na méarloirg a bailíodh tríd an gcóras féinfhreastail;

(iii[...]) nuair a bheidh an cinneadh déanta cé acu a údarófar an cead isteach nó a dhiúltófar é, faomhfaidh sé [...] na sonraí dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo agus iontrálfaidh sé na sonraí dá bhforáiltear le hAirteagal 14(2)(a), (b) [...] nó le hAirteagal 16(2)(a), (b), (c) agus (d) [...] den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)].

5. I gcás inarb é toradh na n-oibríochtaí dá bhforáiltear i mír 2 agus i mír 3 [...] go ndéantar sonraí maidir leis an duine a thaifeadh in EES, seiceálfar tríd an gcóras féinfhreastail an gá ceann amháin nó níos mó de na sonraí dá dtagraítear i mír (4)(a) den Airteagal seo [...] a nuashonrú. [...].

6. I gcás ina bhfíoraítear de bhun mhír 5 go bhfuil [...] sainchomhad i leith an duine cláraithe in EES ach gur gá a chuid nó a cuid sonraí [...] a nuashonrú, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) déanfaidh an duine na sonraí nuashonraithe a réamhchlárú in EES tríd an gcóras féinfhreastail;

- (b) cuirfear an duine ar aghaidh chuig garda teorann. Fíoróidh an garda teorann sin cirte an nuashonraithe a réamhchláraíodh tríd an gcóras féinfhreastail agus, nuair a bheidh an cinneadh déanta cé acu a údarófar an cead isteach nó a dhiúltófar é, nuashonróidh sé an sainchomhad i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)].

7. Maidir le córais féinfhreastail, feidhmeofar iad faoi mhaoirseacht garda teorann a mbeidh sé de chúram air aon úsáid mhíchuí, chalaoiseach nó mhínormálta a bhainfear as an gcóras a bhrath."

(7) Cuirtear isteach an tAirteagal 8d seo a leanas:

"Airteagal 8d

[...] Náisiúnaigh tríú tír [...] a bhfuil a dtrasnú teorann faoi réir clárú in EES d'úsáid córais féinfhreastail agus/nó r-gheataí i gcomhair trasnú teorann

1. Daoine a bhfuil a dtrasnú teorann in EES faoi réir clárú in EES i gcomhréir le hAirteagal 6a, féadfar iad a cheadú a gcuid seiceálacha teorann a dhéanamh trí chóras féinfhreastail a úsáid ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha carnacha seo a leanas:
- (a) beidh sa doiciméad taistil [...] meán leictreonach stórála (slis), agus faomhfar barántúlacht agus sláine shonraí na slise trí úsáid a bhaint as an tsraith iomlán de dheimhnithe bailí;
- (b) beidh sa doiciméad taistil [...] íomhá den aghaidh a bhfuil taifead uirthi sa tslis agus atá inrochtana go teicniúil [...] ag an gcóras [...] féinfhreastail sa chaoi is gur féidir céannacht shealbhóir an doiciméid taistil a fhíorú trí chomparáid a dhéanamh idir an íomhá den aghaidh atá ar taifead sa tslis agus an íomhá bheo dá aghaidh nó dá haghaidh;
- (c) tá an duine cláraithe nó réamhchláraithe cheana féin in EES.

2. I gcás ina gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos i mír 1, féadfar na seiceálacha teorann ar dhul isteach [...] dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) agus in Airteagal 8(3)(a) agus (b) [...] agus na seiceálacha teorann ar imeacht dá bhforáiltear in Airteagal 8(2) agus in Airteagal 8(3)(g) agus (h), féadfar iad a dhéanamh trí chóras féinfhreastail. Nuair is trí chóras um rialú uathoibrithe teorann a dhéantar í, beidh san áireamh leis an tseiceáil teorann arna déanamh ar imeacht na seiceálacha dá bhforáiltear in Airteagal 8(3)(h).

Má thugtar rochtain do dhuine ar chlár éascaithe náisiúnta arna bhunú ag Ballstát de bhun Airteagal 8e, féadfar, leis na seiceálacha a dhéanfar trí chóras féinfhreastail ar dhul isteach, gan scrúdú a chur san áireamh ar na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 8(3)(a)(iv) agus (v) agus teorainneacha seachtracha an Bhallstáit sin nó teorainneacha seachtracha Ballstáit eile á dtrasnú a bhfuil comhaontú tugtha i gcrích aige leis an mBallstát a thug an rochtain dá dtagraítear faoi Airteagal 8e(8).

3. Ar dhul isteach agus ar imeacht, cuirfear ar fáil do gharda teorann torthaí na seiceálacha teorann a rinneadh tríd an gcóras féinfhreastail. [...] Déanfaidh an garda teorann sin faireachán ar thorthaí na seiceálacha teorann agus, na torthaí sin á gcur san áireamh aige, údaróidh sé an dul isteach nó an imeacht nó, mar mhalairt, cuirfidh sé an duine ar aghaidh chuig garda teorann a dhéanfaidh tuilleadh seiceálacha.
4. Cuirfear an duine ar aghaidh chuig garda teorann sna cásanna seo a leanas:
- (a) nuair nach gcomhlíontar ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na coinníollacha a liostaítear faoi mhír 1;
 - (b) nuair a léiríonn na seiceálacha ar dhul isteach nó ar imeacht a leagtar amach faoi mhír 2 go bhfuil ceann amháin de na coinníollacha maidir le dul isteach nó imeacht, nó níos mó ná ceann amháin díobh, gan a bheith comhlíonta;
 - (c) nuair a dhéanann torthaí na seiceálacha ar dhul isteach nó ar imeacht a leagtar amach faoi mhír 2 amhras a chaitheamh ar chéannacht an duine nó nuair a léiríonn siad go meastar gur bagairt é an duine ar an tslándáil inmheánach, ar an mbeartas poiblí nó ar chaidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit nó ar an tsláinte phoiblí;
 - (d) i gcás amhrais.
 - (e) nuair nach bhfuil aon r-gheataí ar fáil.

5. Sa bhreis ar na cásanna dá dtagraítear i mír 4, féadfaidh an garda teorann atá ag maoirsiú an trasnaithe teorann cinneadh ar dhaoine atá ag úsáid córas féinfhreastail a chur ar aghaidh chuig garda teorann ar chúiseanna eile.
6. Daoine a bhfuil a dtrasnú teorann faoi réir clárú in EES i gcomhréir le hAirteagal 6a(1) agus a d'úsáid córas féinfhreastail chun a seiceálacha teorann a dhéanamh, féadfar iad a údarú r-gheata a úsáid. I gcás ina n-úsáidfear r-gheata, is le linn don trasnú teorann a bheith á dhéanamh tríd an r-gheata a dhéanfar clárú comhfhreagrach an taifid ar dhul isteach/imeacht agus nascadh an taifid sin leis an sainchomhad lena mbaineann de bhun Airteagal 13 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)]. I gcás nach bhfuil an r-gheata curtha leis an gcóras féinfhreastail, fíorófar céannacht an úsáideora ag an r-gheata chun a fhíorú gurb ionann an duine atá ag úsáid an r-gheata agus an duine a d'úsáid an córas féinfhreastail. Déanfar an fíorú sin trí úsáid a bhaint as aitheantóir bithmhéadrach amháin ar a laghad.
7. I gcás nach gcomhlíontar na coinníollacha a liostaítear i [...] mír 1(a) nó (b) den Airteagal seo, nó a liostaítear iontu araon, féadfar roinnt de na seiceálacha teorann ar dhul isteach de bhun Airteagal 8(3)(a) agus (b) agus roinnt de na seiceálacha teorann ar imeacht [...] de bhun Airteagal 8(3)(g) agus (h) a dhéanamh trí chóras féinfhreastail. [...] Ní fhéadfaidh an garda teorann a dhéanamh d'fhíoruithe ach na fíoruithe sin de bhun Airteagal 8(3)(a) agus (b) chomh maith le hAirteagal 8(3)(g) agus (h) nárbh fhéidir a dhéanamh tríd an gcóras féinfhreastail. Ina theannta sin, fíoróidh an garda teorann gurb ionann an doiciméad taistil a úsáideadh ag an gcóras féinfhreastail agus an doiciméad taistil atá ag an duine atá os comhair an gharda teorann amach.
8. Maidir le córais féinfhreastail agus r-gheataí, feidhmeofar iad faoi mhaoirseacht garda teorann a mbeidh sé de chúram air aon úsáid mhíchuí, chalaoiseach nó mhínormálta a bhainfear as an gcóras nó as an r-gheata, nó as an dá cheann acu, a bhrath."

(8) Cuirtear isteach an tAirteagal 8e seo a leanas:

"Airteagal 8e

Cláir éascaithe náisiúnta

1. Féadfaidh gach Ballstát clár deonach a bhunú chun cead a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír [...] nó do náisiúnaigh tríú tír sonraí nach bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta acu faoi dhlí an Aontais [...] tairbhe a bhaint as éascú arna dhéanamh de bhun mhír 2 den Airteagal seo agus iad ag trasnú teorainn seachtrach Ballstáit.
 2. De mhaolú ar Airteagal 8(3)(a), i gcás náisiúnaigh tríú tír dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus a dtugtar rochtain ar an gclár dóibh, ní fhéadfaidh sé a bheith ina chuid de na seiceálacha críochnúla ar dhul isteach scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe dá dtagraítear in Airteagal 8(3)(a)(iv) agus (v) agus na náisiúnaigh sin ag trasnú teorainn sheachtrach Ballstáit den sórt sin [...].
- 2a. [...] Déanfaidh an Ballstát réamh-ghrinnfhiosrúchán ar náisiúnaigh tríú tír atá ag cur isteach ar an gclár
- [...] Is iad na gardaí teorann, na húdaráis víosaí nó na húdaráis inimirce a shainítear faoi Airteagal 3(1)(3) den Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES) a dhéanfaidh an réamh-ghrinnfhiosrúchán;
- [...]3. Ní thugann údaráis inniúla Ballstáit [...] rochtain ar an gclár ach amháin nuair a chomhlíontar na coinníollacha íosta seo a leanas:
- a) comhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha maidir le dul isteach a leagtar amach in Airteagal 6(1) den Rialachán seo;

- b) doiciméad taistil, víosa, [nó víosa chamchuarite], víosa fadfhanachta agus/nó cead cónaithe an iarratasóra a thaispeántar, tá sé nó siad bailí agus gan a bheith bréagach, góchumtha ná brionnaithe;
- c) cruthaíonn an t-iarratasóir go bhfuil gá leis an taisteal a bhfuil rún aige a dhéanamh go minic nó go rialta, nó tugann sé údar maith leis an rún sin;
- d) tugann an t-iarratasóir cruthúnas ar a ionracas agus ar a iontaofacht, agus go háirithe, más infheidhme, go raibh an úsáid a baineadh as víosaí a fuarthas roimhe sin a raibh bailíocht chríochach teoranta acu, go raibh an úsáid sin dleathach, agus tugann sé cruthúnas ar a staid airgid sa tír tionscnaimh agus go bhfuil rún dáiríre aige imeacht ó chríoch na mBallstát in am trátha. I gcomhréir le hAirteagal 23 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)], féadfaidh na húdaráis inniúla [...] a bheith in ann EES a cheadú chun a fhíorú nár fhan an t-iarratasóir níos faide ná uasfhad an fhanachta údaraith ar chríoch na mBallstát roimhe sin;
- e) tugann an t-iarratasóir údar le cuspóir agus coinníollacha na bhfanachtaí atá beartaithe;
- f) tá ag an iarratasóir cóir mhaireachtála leordhóthanach d'fhad na bhfanachtaí atá beartaithe agus don fhilleadh ar a thír thionscnaimh nó chónaithe araon nó tá sé ar chumas an iarratasóra an chóir sin a fháil go dleathach;

[...]

[...]

[...]4. Is go ceann bliain amháin ar a mhéid a thabharfar an chéad rochtain ar an gelár, agus féadfar fad a chur leis i ndiaidh na bliana sin go ceann 5 bliana eile ar a mhéid nó go dtí deireadh thréimhse bailíochta an doiciméid taistil, aon víosaí dul isteach iolrach, víosaí fadfhanachta agus ceadanna cónaithe a eisíodh, cibé acu is giorra de na tréimhsí sin;

I gcás fadú, déanfaidh an Ballstát athbhreithniú gach bliain ar staid gach náisiúnaigh tríú tír a bhfuil rochtain tugtha ar an gelár dó, d'fhonn deimhin a dhéanamh de go léiríonn an fhaisnéis nuashonraithe go bhfuil an [...] náisiúnach tríú tír lena mbaineann fós ag comhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i [...] mír 3. D'fhéadfaí an t-athbhreithniú sin a dhéanamh agus seiceálacha teorann ar bun.

[...]5. Na seiceálacha [...] ar dhul isteach [...] de bhun Airteagal 8(3)(a) agus Airteagal 8(3)(b), agus ar imeacht de bhun Airteagal 8(3)(g), beidh sé ina gcuid díobh freisin [...] gur rochtain bhailí í an rochtain atá ag an tríú tír ar an gclár;

Féadfaidh na gardaí teorann fíorú a dhéanamh ar an náisiúnach tríú tír atá ag baint tairbhe as an gclár ar dhul isteach de bhun Airteagal 8(3)(a) agus Airteagal 8(3)(b) agus ar imeacht de bhun Airteagal 8(3)(g) gan bithmhéadracht a chur i gcomparáid go leictreonach, ach trí chomparáid a dhéanamh idir íomhá den aghaidh a thógfar ón tsli agus an íomhá den aghaidh ó shainchomhad EES an phaisinéara leis an bpaisinéir féin. Déanfar fíorú iomlán go randamach, bunaithe ar anailís riosca.

[...]6. Déanfaidh údarais inniúla Ballstáit [...] an rochtain a tugadh do náisiúnach tríú tír ar an gclár a chúlghairm láithreach:

- (i) i gcás ina léirítear nár comhlíonadh na coinníollacha maidir le rochtain a thabhairt ar an gclár; nó
- (ii) i gcás ina léirítear nach bhfuil na coinníollacha maidir le rochtain a thabhairt ar an gclár á gcomhlíonadh a thuilleadh;

7. Agus fíorú á dhéanamh an gcomhlíonann an t-iarratasóir na coinníollacha a leagtar amach i [...] mír 3, cuimhneofar go háirithe ar a mheas an bhfuil baol na hinimirce neamhrialta nó baol do shlándáil an Bhallstáit nó na mBallstát ag roinnt leis an iarratasóir agus an bhfuil rún ag an iarratasóir críoch an Bhallstáit nó na mBallstát a fhágáil laistigh den fhanacht údaráithe.

Is de réir fhad nó fhaid agus chuspóir nó chuspóirí an fhanachta nó na bhfanachtaí atá beartaithe agus de réir meánphraghsanna cothaithe agus iostais i gcóiríocht bheagchostais sa Bhallstát nó sna Ballstáit lena mbaineann a mheasfar, ar bhonn na méideanna tagartha arna socrú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 39(1)(c), an chóir mhaireachtála do na fanachtaí atá beartaithe. Féadfaidh cruthúnas ar urraíocht nó ar chóiríocht phríobháideach, nó an dá rud, a bheith ina fhianaise ar chóir mhaireachtála leordhóthanach.

Is ar bharántúlacht agus ar iontaofacht na ndoiciméad a cuireadh isteach agus ar fhírinneacht agus ar iontaofacht na ráiteas a rinne an t-iarratasóir, is orthu sin go háirithe a bhunófar scrúdú iarratais. Má tá aon amhras faoin iarratasóir ar Bhallstát atá freagrach as iarratas a scrúdú, faoi ráitis a thug sé nó faoi doiciméid tacaíochta a cuireadh ar fáil, féadfaidh an Ballstát sin dul i gcomhairle le Ballstáit eile sula ndéanfar aon chinneadh faoin iarratas.

[...]8. Dhá Bhallstát nó níos mó a bhfuil clár náisiúnta dá gcuid féin curtha ar bun acu de bhun an Airteagail seo, féadfaidh siad comhaontú a dhéanamh le chéile chun a áirithiú go bhféadfaidh tairbhíthe dá gcuid clár náisiúnta tairbhe a bhaint as aon éascú a aithnítear faoin gclár nó faoi na cláir náisiúnta eile. Laistigh de theorainn ama aon mhí amháin ó thráth chur i gcrích an chomhaontaithe, tarchuirfear cóip den chomhaontú chuig an gCoimisiún.

[...]9. Roimh dheireadh an tríú bliain de chur i bhfeidhm an Airteagail seo, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar a chur chun feidhme a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle. I bhfianaise na meastóireachta sin, féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle a iarraidh ar an gCoimisiún moladh a dhéanamh clár de chuid an Aontais a bhunú do náisiúnaigh tríú tír a bhíonn ag taisteal go minic agus a bhfuil réamh-ghrinnfhiosrúcháin déanta ina leith."

(9) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Fiú amháin i gcás ina ndéanfar na seiceálacha a mhaolú, iontrálfaidh an garda teorann na sonraí in EES, i gcomhréir le hAirteagal 6a. I gcás nach féidir na sonraí a iontráil go leictreonach, iontrálfar de láimh iad."

(b) cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:

"3a. I gcás nach bhfuil sé indéanta, ar chúiseanna teicniúla, sonraí a iontráil i lárchóras EES nó i gcás chliseadh lárchóras EES, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

- (i) de mhaolú ar Airteagal 6a den Rialachán seo, déanfar na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 14,15,16, 17 agus 18 den [Rialachán lena mbunaítear an corás dul isteach/imeachta (EES)] a stóráil go sealadach sa chomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 6 den [Rialachán lena mbunaítear an corás dul isteach/imeachta (EES)]. Mura bhfuil sin indéanta, stórálfar na sonraí go háitiúil ar bhonn sealadach. [...] I ngach cás, déanfar na sonraí a iontráil i lárchóras EES a luaithé a leigheasfar an deacracht theicniúil nó an cliseadh. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is iomchuí agus úsáidfí siad an bonneagar, an trealamh agus na hacmhainní is gá chun a áirithiú gur féidir an stóráil shealadach áitiúil sin a dhéanamh tráth ar bith agus d'aon cheann dá gcuid pointí trasnaithe teorann;

Sa chás eisceachtúil nach mbeadh sé indéanta go teicniúil clárú sa lárchóras nó sa chomhéadan aonfhoirmeach náisiúnta agus nach bhféadfaí stóráil leictreonach áitiúil a dhéanamh ar bhonn sealadach, stórálfaidh na Ballstáit de láimh na sonraí dá dtagraítear in Airteagail 14, 15, 16, 17 agus 18 ach amháin sonraí bithmhéadracha agus ina theannta sin greamóidh siad stampa dul isteach nó imeachta de dhoiciméad taistil an náisiúnaigh tríú tír. Cuirfear na sonraí sin a stóráiltear de láimh isteach sa chóras a luaithé is féidir.

- (ii) de mhaolú ar Airteagal 8(3)(a)(iii) agus ar Airteagal 8(3)(g)(iv) maidir le náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil víosa [nó víosa chamchuairte] dá dtagraítear in Airteagal 6(1)b, déanfar céannacht shealbhóir na víosa a fhíorú trí VIS a cheadú go díreach, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 767/2008, nuair atá sin indéanta go teicniúil."

(10) Cuirtear an mhír 3a agus an mhír 3aa [...] seo a leanas le hAirteagal 10:

"3a. I gcás ina gcinnfidh na Ballstáit ar chórais um rialú uathoibrithe teorann, r-gheataí agus/nó córais féinfhreastail a úsáid, [...] is iad na comharthaí dá bhforáiltear i gCuid D d'Iarscríbhinn III a úsáidfear chun na lánáí lena mbaineann a chur in iúl."

3aa I gcás ina gcinneadh Ballstáit clár éascaithe náisiúnta a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 8e, féadfaidh siad cinneadh a dhéanamh lánaí ar leith a úsáid do na náisiúnaigh tríú tír a bhaineann tairbhe as na cláir éascaithe náisiúnta sin.

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11:

"Airteagal 11

Doiciméid taistil a stampáil

1. I gcás ina mbeidh foráil déanta dó sin go sainráite ina reachtaíocht náisiúnta, féadfaidh Ballstát stampáil a dhéanamh, ar dhul isteach agus ar imeacht, ar dhoiciméad taistil náisiúnach tríú tír a bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanachta acu a d'eisigh an Ballstát sin.
- 1a. Doiciméad taistil náisiúnaigh tríú tír ag a bhfuil Doiciméad Idirthurais Iarnróid Éascaithe, arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) 693/2003 agus doiciméad taistil náisiúnach tríú tír ag a bhfuil Doiciméad Idirthurais Éascaithe bailí, arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) 693/2003, a dhéanann a n-idirthuras d'iarnród agus nach dtuirlingíonn i gcríoch Bhallstáit, féadfar é a stampáil ar dhul isteach agus ar imeacht.
2. Leagtar amach na socruithe praiticiúla maidir le stampáil in Iarscríbhinn IV."

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12:

"Airteagal 12

Toimhde [...] maidir leis na coinníollacha i dtaobh tréimhse ghearrfhanachta a chomhlíonadh

1. Gan dochar d'Airteagal 12a, más rud é nach bhfuil sainchomhad cruthaithe do náisiúnach tríú tír atá ar chríoch Ballstáit in EES nó [...] mura bhfuil an taifead deireanach ar dhul isteach/imeacht ábhartha, [...] féadfaidh na húdaráis inniúla a thoirhdiú nach gcomhlíonann an duine na coinníollacha [...] maidir le fad fhanachta údaráithe [...] ar chríoch na mBallstát nó nach gcomhlíonann sé a thuilleadh iad.

Ina theannta sin, gan dochar d'Airteagal 12a, féadfaidh na húdaráis inniúla a thiomhdiú nár chomhlíon náisiúnach tríú tír na coinníollacha a bhaineann le fad na tréimhse fanachta roimhe sin más rud é go dtugtar le fios agus seiceálacha teorann á ndéanamh ar dhul isteach nach bhfuil dáta imeachta sa taifead roimhe seo ar dhul isteach/imeacht an náisiúnaigh tríú tír.

2. Ní bheidh feidhm ag an toimhde sin maidir le náisiúnach tríú tír atá in ann, ar bhealach ar bith, fianaise inchreidte a chur ar fáil a léiríonn go bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta aige nó aici [...] faoi dhlí an Aontais nó go bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanachta [...] aige nó aici. Más infheidhme, beidh feidhm ag Airteagal 32 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)].
3. Féadfar an toimhde dá dtagraítear i mír 1 a bhréagnú i gcás ina gcuirfidh an [...] náisiúnach tríú tír ar fáil, ar bhealach ar bith, fianaise inchreidte, amhail ticéid taistil nó cruthúnas go raibh sé nó sí lasmuigh de chríoch na mBallstát nó fianaise ar dháta éaga ceada cónaithe nó víosa fadfhanachta, a bhí aige nó aici roimhe sin, a léiríonn gur urramaigh sé nó sí na coinníollacha a bhaineann le fad gearrfhanachta.

I gcás [...] mar sin cruthóidh na húdaráis inniúla sainchomhad más gá nó cuirfidh siad in iúl sa chóras dul isteach/imeachta an dáta ar ar thrasnaigh agus an áit inar thrasnaigh sé nó sí teorainn sheachtrach ceann de na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 18 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)]:

4. I gcás nach mbréagnófar an toimhde dá dtagraítear i mír 1, féadfar an náisiúnach tríú tír a fhilleadh i gcomhréir le Treoir 2008/115/CE¹ agus i gcomhréir leis an dlí náisiúnta lena n-urramaítear an Treoir sin.

[...]

Maidir le náisiúnach tríú tír [...] ag a bhfuil an ceart chun saorghluaiseachta faoi dhlí an Aontais, is i gcomhréir le Treoir 2004/38/CE, agus i gcomhréir léi sin amháin, a fhéadfaí é a fhilleadh [...] ."

¹ Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le caighdeáin choiteanna agus nósanna imeachta coiteanna sna Ballstáit i ndáil le náisiúnaigh tríú tíortha atá ag fanacht go mídhleathach a fhilleadh (IO L 348, 24.12.2008, lch. 98).

(13) cuirtear isteach an tAirteagal 12a a leanas:

"Airteagal 12a

An idirthréimhse agus bearta idirthréimhseacha

1. Go ceann tréimhse sé mhí tar éis do EES teacht i bhfeidhm, chun a fhíorú ar dhul isteach nár sháraigh duine an líon uaireanta atá siad údaráithe dul isteach leis an víosa dul isteach uair amháin nó dhá uair agus chun a fhíorú ar dhul isteach agus ar imeacht nár fhan duine atá ag dul isteach le haghaidh gearrfhanachta níos faide ná uasfhad an fhanachta údaráithe, cuirfidh na [...] [...] gardaí teorann san áireamh na fanachtaí ar chríocha na mBallstát le linn an 180 lá roimh an dul isteach nó roimh an imeacht ní hamháin trí na sonraí dul isteach/imeachta atá ar taifead in EES a sheiceáil ach trí na stampaí sna doiciméid taistil a sheiceáil freisin.
2. I gcás ina ndeachaigh duine isteach i gcríoch na mBallstát agus nár imigh sé amach as sular tháinig EES i bhfeidhm, cruthófar sainchomhad in EES agus iontrálfar dáta an dul isteach sin sa taifead ar dhul isteach/imeacht i gcomhréir le hAirteagal 14(2) den [Rialachán lena mbunaítear an corás dul isteach/imeachta (EES)] ar imeacht don duine. Ní bheidh an riail seo teoranta do na sé mhí tar éis do EES teacht i bhfeidhm, dá dtagraítear i mír 1. I gcás ina bhfuil neamhréir idir dáta an stampa dul isteach agus na sonraí atá ar taifead in EES, is ag an stampa lena mbaineann a bheidh tosaíocht."

(14) Leasaítear Airteagal 14 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an tríú fomhír seo a leanas isteach:

"Sonraí faoi náisiúnaigh tríú tír dár diúltaíodh cead isteach le haghaidh gearrfhanachta [...], déanfar iad a chlárú in EES i gcomhréir le hAirteagal 6a(2) den Rialachán seo agus le hAirteagal 16 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)]."

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

"Gan dochar d'aon chúiteamh arna dheonú i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, beidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann, i gcás inarb é conclúid an achomhairc nach raibh bunús leis an gcinneadh cead isteach a dhiúltú, beidh sé i dteideal cheartú na sonraí a iontráladh in EES nó cheartú an stampa iontrála a cealaíodh, nó an dá ní, agus beidh sé i dteideal cheartú aon rud eile arna chur ar ceal nó arna chur isteach ag an mBallstát a dhiúltaigh an cead isteach."

(14a) Leasaítear Airteagal 20 mar a leanas:

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1(a):

"Cinn stáit, cinn rialtais agus comhaltaí de rialtas náisiúnta leis na céilí a bheidh á dtionlacan, flatha agus daoine sinsearachacha eile de theaghlach ríoga agus baill dá dtoscaireacht nó dá dtoscaireachtaí;"

- (15) Leasaítear Iarscríbhinní III, IV_a [...]V agus VII i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo
- (16) Scriostar Iarscríbhinn VIII.
- (17) Cuirtear isteach Iarscríbhinn IX.

Airteagal 2

- 1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe.
- 2. Beidh feidhm aige ón dáta a thiocfaidh EES i bhfeidhm, arna chinneadh ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 60 de [Rialacháin (AE) Uimh. XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tír a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí].

- 2a. De mhaolú ar mhír 2, le linn na hidirthréimhse go dtí go nascfar le EES iad i gcomhréir le hAirteagal 60(1b) de [Rialachán (AE) Uimh. XXX ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteachnáisiúnach tríú tíortha a chlárú agus iad ag trasnú teorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí], na Ballstáit sin nach bhfuil EES i bhfeidhm iontu do sheiceálacha ar theorainneacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/399, seachas na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 6 go hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2016/399, cuirfidh siad i bhfeidhm na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an Rialachán sin.
- 2b. De mhaolú ar Airteagal 6(1) de Chód Teorainneacha Schengen agus Airteagal [6(1)] d'Iarscríbhinn IX de Rialachán 2016/399, maidir le fad fanachta údaraithe a chinneadh, fanachtaí ar chríocha na mBallstát nach bhfuil EES i bhfeidhm iontu, ba cheart iad a ríomh ar leithligh ó fhanachtaí ar chríoch na mBallstát a bhfuil EES i bhfeidhm iontu.
3. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán An tUachtarán

IARSCRÍBHINN
a ghabhann leis an

Togra le haghaidh

**Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN
gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le húsáid an chórais dul
isteach/imeachta**

IARSCRÍBHINN

Leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2016/399 mar a leanas:

1. Cuirtear Cuid D agus Cuid E le hIarscríbhinn III:


"CUID D

Cuid D1: Lánaí le haghaidh Rialú Uathoibrithe Teorann do shaoránaigh AE/LEE/CH



[...]


Cuid D2: Lánaí le haghaidh Rialú Uathoibrithe Teorann do náisiúnaigh tríú tír



**THIRD-COUNTRY
NATIONALS**

[...]

Cuid D3: Lánaí le haghaidh Rialú Uathoibrithe Teorann do gach cineál pas



ALL-PASSPORTS

[...]

Cuid E: Lánaí le haghaidh Taistealaithe Cláraithe

TAISTEALAITHE CLÁRAITHE

2. Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

"1. Doiciméad taistil náisiúnaigh tríú tír a bhfuil Doiciméad Idirthuras Iarnróid Éascaithe aige nó aici, arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 693/2003 agus doiciméad taistil náisiúnach tríú tír ag a bhfuil Doiciméad Idirthuras Éascaithe bailí, arna eisiúint i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 693/2003, a dhéanann a n-idirthuras d'iarnród agus nach dtuirlingíonn i gcríoch Bhallstáit, féadfar é a stampáil ar dhul isteach agus ar imeacht. Seachas i gcás ina mbeidh foráil déanta go sainráite maidir leis ina reachtaíocht náisiúnta, féadfaidh Ballstát stampáil a dhéanamh ar dhul isteach agus ar imeacht dóibh ar dhoiciméad taistil na náisiúnach tríú tír sin a bhfuil cead cónaithe nó víosa fadfhanachta acu a d'eisigh an Ballstát céanna i gcomhréir le hAirteagal 11. Ina theannta sin, i gcomhréir le Cuid A d'Iarscríbhinn V, i gcás ina ndiúltaíodh cead dul isteach do náisiúnaigh tríú tír de bhun Airteagal 14, greamóidh an garda teorann stampla dul isteach den phas, arna chealú le cros scríofa i ndúch dubh doscriosta, agus scríobhfaidh sé os a chomhair ar thaobh na láimhe deise, i ndúch doscriosta arís, an litir nó na litreacha a bhaineann leis an gcúis nó leis na cúiseanna le cead dul isteach a dhiúltú, atá luaite ar an bhfoirm chaighdeánach maidir le cead dul isteach a dhiúltú atá léirithe i gCuid B d'Iarscríbhinn V."

(a) cuirtear pointe 1a isteach:

"Leagtar síos mionsonraí na stampaí sin sa Chinneadh ó Choiste Feidhmiúcháin Schengen SCH/COM-EX (94) 16 rev agus SCH/Gem-Handb (93) 15 (RÚNDA)."

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

"3. I gcás ina ndiúltófar cead dul isteach do náisiúnach tríú tír atá faoi réir na hoibleagáide víosa, déanfar, mar riail ghinearálta, an stampa a ghreamú den leathanach ar aghaidh an leathanaigh a bhfuil an víosa greamaithe de.

Mura féidir an leathanach sin a úsáid, cuirfear an stampa ar an leathanach dar gcionn. Ní chuirfear stampa ar an gcuid atá meaisín-inléite."

3. Leasaítear Cuid A d'Iarscríbhinn V mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(b):

"(b) i gcás náisiúnaigh tríú tír dar diúltaíodh cead dul isteach le haghaidh gearrfhanachta [nó ar bhonn víosa chamchuiarte], déanfar na sonraí faoi dhiúltú dul isteach a chlárú in EES i gcomhréir le hAirteagal 6a(2) den Rialachán seo agus Airteagal 16 den [Rialachán lena mbunaítear an córas dul isteach/imeachta (EES)]. Ina theannta sin, greamóidh an garda teorann stampa dul isteach den phas, arna chealú le cros scríofa i ndúch dubh doscriosta, agus scríobhfaidh sé os a chomhair ar thaobh na láimhe deise, i ndúch doscriosta arís, an litir nó na litreacha a bhaineann leis an gcúis nó leis na cúiseanna le cead dul isteach a dhiúltú, a bhfuil liosta an chéanna luaite ar an bhfoirm chaighdeánach maidir le cead dul isteach a dhiúltú atá léirithe i gCuid B den Iarscríbhinn seo;"

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(d):

"(d) i gcás náisiúnaigh tríú tír nach ndéanfar a chlárú in EES gur diúltaíodh cead dul isteach dóibh, greamóidh an garda teorann stampa dul isteach den phas, arna chealú le cros scríofa i ndúch dubh doscriosta, agus scríobhfaidh sé os a chomhair ar thaobh na láimhe deise, i ndúch doscriosta arís, an litir nó na litreacha a bhaineann leis an gcúis nó leis na cúiseanna le cead dul isteach a dhiúltú, a bhfuil liosta an chéanna luaite ar an bhfoirm chaighdeánach maidir le cead dul isteach a dhiúltú atá léirithe i gCuid B den Iarscríbhinn. Ina theannta sin i gcás na gcatagóirí seo daoine, déanfaidh an garda teorann gach diúltú cead dul isteach a thaifeadadh i gclár nó ar liosta ina sonraítear céannacht agus náisiúntacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann, mar aon le tagairtí an doiciméid lena n-údaráítear an náisiúnach tríú tír leis an teorainn a thrasnú agus an chúis atá le cead dul isteach a dhiúltú, agus dáta an diúltaithe;"

(c) cuirtear pointe 1(e) isteach:

"(e) Leagtar amach na socruithe praiticiúla maidir le stampáil in Iarscríbhinn IV."

4. In Iarscríbhinn V, déantar cuid B, san fhoirm chaighdeánach chun cead isteach ag an teorainn a dhiúltú, a leasú mar seo a leanas:

(J) dhiúltaigh sé/sí na sonraí bithmhéadracha a chur ar fáil, má iarrtar sin

☐ chun sainchomhad a chruthú sa chóras dul isteach/imeachta

☐ chun an tseiceáil teorann a dhéanamh.

5. Leasaítear Iarscríbhinn VII mar seo a leanas:

cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

De mhaolú ar Airteagal 6 agus Airteagail 8 go 14, féadfaidh sé nach mbeidh cinn stáit, cinn rialtais agus comhaltaí de rialtas náisiúnta leis na céilí a bheidh á dtionlacan, flatha agus daoine sinsearacha eile de theaghlach ríoga agus baill dá dtoscaireachtaí, ar fógraíodh a dteacht agus a n-imeacht go hoifigiúil do na gardaí teorann trí chainéil taidhleoireachta, faoi réir seiceálacha teorann.

6. Cuirtear isteach Iarscríbhinn IX mar a leanas:

"Iarscríbhinn IX

Nósanna imeachta do sheiceálacha teorann is infheidhme maidir leis na Ballstáit nach bhfuil EES á bhfeidhmiú iontu go dtí go nascfaidh siad le EES

De mhaolú ar Airteagal 2(2) de Rialachán XXXX/XXXX lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/399 maidir le húsáid an chórais dul isteach/imeachta, le linn na hidirthréimhse agus go dtí go nascfaidh siad le EES i gcomhréir le hAirteagal 60(1b) de [Rialachán (AE) Uimh. XXX ó

Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear córas isteach/imeachta (EES) chun sonraí faoi dhul isteach agus imeacht agus sonraí faoi dhiúltú cead isteach náisiúnach tríú tíortha a chlárú agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, agus lena gcinntear na coinníollacha ar a dtabharfar rochtain ar EES chun críocha fhorghníomhú an dlí], do sheiceálacha ar theorainneacha, na mBallstát sin nach bhfuil EES i bhfeidhm iontu, ní chuirfidh siad na nósanna imeachta a leagtar amach in Airteagal 6 go hAirteagal 14 den Rialachán seo i bhfeidhm, ach, ina áit sin, cuirfidh siad na nósanna imeachta a leagtar amach san Iarscríbhinn seo i bhfeidhm.

Airteagal 6

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Airteagal 7

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Airteagal 8

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Airteagal 8a

[déan téacs Airteagal 8a nua a atáirgeadh ina iomláine mar a thugtar isteach é sa Rialacháin seo]

Airteagal 8b

[déan téacs Airteagal 8b nua a atáirgeadh ina iomláine mar a thugtar isteach é sa Rialachán seo]

Airteagal 9

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Airteagal 10

déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, móide mír 3a nua mar a thugtar isteach sa Rialachán seo]

Airteagal 11

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Airteagal 12

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Airteagal 13

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

Airteagal 14

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

IARSCRÍBHINN III

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, móide Cuid D1 nua mar a thugtar isteach sa Rialachán seo]"

IARSCRÍBHINN IV

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

IARSCRÍBHINN V

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

IARSCRÍBHINN VII

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]

IARSCRÍBHINN XII

[déan an téacs ina iomláine a atáirgeadh sa leagan a bhí air roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]
